Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2018
(OR. en)

9627/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0210 (COD)**

**PECHE 193**
**CADREFIN 67**
**CODEC 935**
**IA 200**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meitheamh 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 390 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an Ciste Eorpacha Muirí agus Iascaigh lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Phairlaimint na hEorpa agis ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 390 final.

---

Faoi iamh: COM(2018) 390 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 12.6.2018
COM(2018) 390 final

2018/0210 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

{SEC(2018) 276 final} - {SWD(2018) 295 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Foráiltear leis an togra seo gurb é an 1 Eanáir 2021 an dáta teacht i bhfeidhm agus tá sé á thíolacadh d'Aontas ina mbeidh 27 mBallstát, i gcomhréir leis an bhfógra a fuair an Chomhairle Eorpach an 29 Márta 2017 ón Ríocht Aontaithe á rá go bhfuil sé ar intinn ag an Ríocht Aontaithe tarraingt siar ón Aontas Eorpach agus ó Euratom bunaithe ar Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is é is aidhm don togra seo an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) a bhunú don tréimhse 2021-2027. Is é is aidhm don chiste sin cistiú ó bhuiséad an Aontais a dhíriú chun tacaíocht a thabhairt don Comhbheartas Iascaigh (CBI), do bheartas muirí an Aontais agus do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais i dtaca le rialachas aigéan, go háirithe i gcomhthéacs an Chláir Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030.

Is áis thábhachtach é an cistiú sin le haghaidh iascaigh inbhuanaithe agus chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara, le haghaidh na slándála bia trí bhíthin earraí bia mara a sholáthar, le haghaidh fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe agus le haghaidh farraigí agus aigéin atá sláintiúil, sábháilte, slán, glan agus a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu.

Mar ghníomhaí domhanda aigéan agus an cúigiú táirgeoir bia mara is mó ar domhan, tá freagracht mhór ar an Aontas na haigéin agus na hacmhainní atá iontu a chosaint, a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe. Go deimhin tá sé ríthábhachtach na farraigí agus na haigéin a chaomhnú do dhaonra an domhain atá ag fás go mear. Is chun leas socheacnamaíoch an Aontais é freisin: cuirfidh geilleagar gorm inbhuanaithe borradh faoi infheistíochtaí, faoin bhfostaíocht agus faoin bhfás, cothóidh sé taighde agus nuálaíocht agus cuirfidh sé le cinnteacht an tsoláthair fuinnimh trí fhuinneamh an aigéin. Ina theannta sin, tá farraigí agus aigéin shábháilte dhaingne riachtanach maidir le rialú éifeachtach a dhéanamh ag teorainneacha agus maidir leis an gcomhrac domhanda in aghaidh na coireachta muirí, agus mar sin, tugtar aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le slándáil saoránach. Tá tacaíocht airgeadais ón Aontas trí CEMI de dhíth ar na tosaíochtaí sin.

Déanfar an tacaíocht seo a chomhlánú le cistiú ar leith don Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, na comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe (SFPA) agus ballraíocht an Aontais in eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh (RFMO) agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a chuideoidh le beartais an Aontais in earnáil na n-iascach agus san earnáil mhuirí a fhorfheidhmiú.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é is aidhm leis an togra seo tacú le cuspóirí CBI a bhaint amach, cur chun feidhme bheartas muirí an Aontais a chothú agus rialachas idirnáisiúnta aigéan a threisiú. Aithnítear go bhfuil baint mhór idir na dúshláin agus na deiseanna atá ann i spás na n-aigéan agus gur gá féachaint orthu ina iomláine agus mar sin, ba cheart na réimsí sin a idirnascadh go dlúth.

Leagtar an creat buiséadach do chistiú CBI agus don bheartas muirí amach le togra an Choimisiúin don chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 a glacadh ar an 02 Bealtaine 2018. Anuas air sin, ghlac an Coimisiún togra an 29 Bealtaine 2018 do Rialachán 'na bhForálacha Coitianta' chun feabhas a chur ar chomhordú agus chun comhchuibhiú a dhéanamh ar chur chun feidhme tacaíochta ó Chistí faoi bhainistíocht chomhroinnte ('na Cistí') arb é is phríomhaidhm dó seachadadh beartas a shimpliú ar

bhealach comhleanúnach. Tá feidhm ag na forálacha coitianta sin maidir leis an gcuid den CEMI atá faoi bhainistíocht chomhroinnte.

Baineann cuspóirí comhlántacha leis na Cistí agus tá an modh bainistíochta céanna acu. Dá bhrí sin, leagtar síos le Rialachán na bhForálacha Coitianta sraith cuspóirí coitianta ginearálta agus prionsabail ghinearálta amhail comhpháirtíocht agus rialachas il-leibhéal. Tá eilimintí coiteanna na pleanála straitéisí agus an chlársceidealaithe ann chomh maith, lena n-áirítear forálacha maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta atá le tabhairt i gcrích le gach Ballstát, agus leagtar amach cur chuige coiteann maidir le díriú feidhmíochta na gCistí. Dá bhrí sin, tá forálacha ann maidir le coinníollacha cumasaithe, athbhreithniú feidhmíochta, agus socruithe faireacháin, tuairiscithe agus meastóireachta. Leagtar forálacha coitianta amach freisin i ndáil le rialacha incháilitheachta, agus sainítear socruithe speisialta i gcomhair ionstraimí airgeadais agus i gcomhair fhorbairt áitiúil InvestEU faoi stiúir an phobail a úsáid agus i gcomhair bainistíochta airgeadais. Baineann roinnt socruithe bainistíochta agus rialaithe leis na Cistí uile.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra agus cuspóirí an togra ag teacht go hiomlán le beartais an Aontais go háirithe beartais chomhshaoil, aeráide, chomhtháthaithe, shóisialta, mhargaidh agus trádála.

Déanfar tuairisc a thabhairt sa Chomhaontú Comhpháirtíochta ar chomhlántachtaí idir na Cistí, lena n-áirítear CEMI, agus cláir eile de chuid an Aontais, i gcomhréir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

Faoi bhainistíocht dhíreach, déanfaidh CEMI sineirgí agus comhlántachtaí a fhorbairt le cistí agus le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais. Ceadóidh sé maoiniú i bhfoirm ionstraimí airgeadais mar chuid d'oibríochtaí measctha arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán InvestEU.

Ba cheart an tacaíocht faoi CEMI a úsáid chun dul i ngleic le teipeanna margaidh nó le cásanna infheistíochta fo-optamacha, ar dhóigh comhréireach, gan maoiniú príobháideach a dhúbláil ná a phlódú agus ba cheart breisluach Eorpach soiléir a bheith léi. Áiritheoidh sin comhsheasmhacht idir gníomhuithe CEMI agus rialacha an Aontais maidir leis an státchabhair, agus seachnófar saobhadh míchuí iomaíochta sa mhargadh inmheánach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagail 42, 43(2), 91(1), 100(2), 173(3), 175, 188, 192(1), 194(2), 195(2) agus 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Cuirtear na forálacha chun feidhme faoi chuimsiú na bainistíochta comhroinnte, na bainistíochta dírí agus na bainistíocht indírí, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann na forálacha atá beartaithe prionsabal na comhréireachta mar tá siad iomchuí, riachtanach agus níl aon bhearta eile is lú srian ar fáil chun cuspóirí inmhianaithe an bheartais a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Bhí torthaí na Meastóireachta ex post ar an gCiste Eorpach Iascaigh (CEI) 2007-2013 ina ngné thábhachtach den Mheasúnú Tionchair a rinneadh chun a mheas an bhféadfaí leanúint de thacaíocht airgeadais a thabhairt d’earnáil an iascaigh tar éis 2020. Bunaítear an Mheastóireacht ex post ar chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara a tharla idir mí Feabhra agus mí na Bealtaine 2016 inar breathnaíodh ar thuairimí an phobail i ndáil le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht CEI.

I measc na bpríomh-mholtaí a rinneadh do na blianta tar éis 2020 bhí an nasc idir cistiú agus cuspóirí beartais a threisiú, iascaigh a shaothrú go hinbhuanaithe mar aon leis an timpeallacht agus acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus a fheabhsú ach laghdú a dhéanamh ar an tionchar diúltach ar an muirthimpeallacht. Leag sé béim ar an ngá atá le cur chuige níos straitéisí a úsáid le go mbeidh níos mó iomaíochta sa dobharshaothrú, chun táirgeacht a mhéadú agus chun na dúshláin speisialta a bhíonn le sárú ag iascaigh mhionscála ar an gcósta a áireamh ar bhealach níos fearr.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Maidir leis an gclárthréimhse tar éis 2020, ba é an ghníomhaíocht chomhairliúcháin ba mhó comhdháil CEMI do gheallsealbhóirí darb ainm “Tar éis 2020: Ag tacú le pobail chósta na hEorpa" a reáchtáladh i dTaillinn i mí Dheireadh Fómhair 2017. Bhí idir 70 cainteoir agus breis is 300 rannpháirtí ann, agus thug an ócáid deis do na geallsealbhóirí cuidiú leis an measúnú a dhéanamh ar an tacaíocht airgeadais a chuireann CEMI ar fáil do CBI agus ar bheartas muirí an Aontais i gclárthréimhse 2014-2020. Chomh maith leis sin, chuir sé ar a gcumas ullmhúchán a dhéanamh i dtaobh an chineáil tacaíochta a d’fhéadfadh a bheith ann tar éis 2020. Cumhdaíodh réimse geallsealbhóirí le comhdháil CEMI. As an 300 rannpháirtí, bhí 50% ag déanamh ionadaíochta d’údaráis áitiúla, 12% ag déanamh ionadaíochta do thionsclaíocht, 11% ag déanamh ionadaíochta do ENR, 14% ag déanamh ionadaíochta do chumainn agus d’eagraíochtaí iascaireachta agus 7% ag déanamh ionadaíochta don lucht léinn.

Tugadh dhá dheis do bhaill Shainghrúpa CEMI (lucht riaracháin na mBallstát) cur leis an díospóireacht seo agus tuairimí a chur chun cinn sa phróiseas machnaimh. Reáchtáladh na cruinnithe seo an 6 Samhain 2017 agus an 15 Eanáir 2018. Tacaíodh leis na díospóireachtaí sna Sainghrúpaí CEMI le plépháipéir agus ceisteanna i dtaca le beartais a chuir an Coimisiún ar fáil roimh na gcruinnithe. Fuarthas tuairimí i scríbhinn ó na Ballstáit freisin.

Anuas air sin, cuireadh litreacha chuig Comhairlí Comhairleacha, chuig ENRanna agus chuig Comhpháirtithe Sóisialta na hEorpa ag iarraidh moltaí uathu i dtaobh cistiú ón Aontas d’earnáil an iascaigh agus don earnáil mhuirí tar éis 2020. Reáchtáladh cruinnithe aonair le Comhpháirtithe Sóisialta chun críocha an chomhairliúcháin.

Fuarthas tuairimí freisin ó Chomhdháil Réigiúin Mhuirí Fhorimeallacha na hEorpa (CPMR) amhail an páipéar teicniúil ó mhí na Nollag 2017 i dtaca le “Todhchaí CEMI tar éis 2020: Gnéithe anailíse agus cásanna féideartha”, agus nótaí CPMR ar CEMI tar éis 2020 ó mí Dheireadh Fómhair 2017 agus Márta 2017. Ghlac Biúró Polaitiúil CPMR an seasamh deiridh beartais i ndáil le todhchaí CEMI i mí an Mhárta 2018.

Chuir roinnt ceardlann agus tuarascálacha ábhar ar fáil don mheasúnú, amhail seisiún i dtaca le beartais a reáchtáladh le linn chomhdháil Chumann Eacnamaithe Iascaigh na hEorpa

(Aibreán 2017) agus ceardlann do gheallsealbhóirí i dtaobh tacaíocht do Bheartas Muirí le linn Laethanta Muirí na hEorpa (Bealtaine 2017).

Seo a leanas achoimre ar thorthaí an chomhairliúcháin:

– Bhí éileamh láidir ó na geallsealbhóirí go léir nach mór ar leanúnachas agus léiríodh go bhfuil gá le sainionstraim chistithe do thodhchaí an iascaigh agus don bheartas muirí, moladh go leanfaí de na cuspóirí CBI agus leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna a thapú sa gheilleagar gorm.

– D'aontaigh na Ballstáit gur cheart do chuspóirí an chiste tar éis 2020 tacú leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil, gheilleagrach agus shóisialta. Leag na geallsealbhóirí béim air go raibh sé ina thosaíocht le haghaidh an chéad chiste eile go mbainfí amach cuspóirí CBI.

– Mar thoradh ar an gcomhairliúchán, d'aontaigh na geallsealbhóirí gurbh é ceann de na laigí ba mhó a bhain le CEMI 2014-2020 ná go raibh an ráta glactha mall agus gur cuireadh na cláir feidhmíochta chun feidhme déanach mar gheall go bunúsach gur faomhadh an creat reachtach go déanach. Is é seo, mar aon le reachtaíocht ar leibhéal an Aontais a bhí róshonrach, an léamh righin dolúbtha a rinneadh air agus an iomarca béime ar incháilitheacht seachas ar chuspóirí agus spriocanna a bhaint amach, na dúshláin is mó atá le sárú ag na Ballstáit. I ndáil air seo, d'éiligh formhór na ngeallsealbhóirí go gcuirfí creat reachtach ní ba shimplí chun cinn nach mbeadh chomh casta céanna ó thaobh dlí de.

– Bhí comhaontú mór ann idir na geallsealbhóirí go raibh leibhéal áirithe cobhsaíochta de dhíth, go háirithe trí shimpliú a dhéanamh ar gach leibhéal (ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta) i dtaca le CEMI a chur chun feidhme. Mar sin féin, chonacthas go raibh tuairimí éagsúla ann i dtaca leis an gcaoi an chothromaíocht cheart a fháil idir an bhéim cheart a chur ar na torthaí inmhianta a bhaint amach agus ar an ualach riaracháin a laghdú do thairbhithe agus do rialtais agus caiteachas cuí á áirithiú.

– Sna moltaí a thug siad, luaigh na Ballstáit go raibh ról lárnach ag an gcóras faireacháin agus meastóireachta maidir le héifeachtacht an chiste mar go gcuireann sé eolas ar fáil i dtaca leis na cúisíochtaí a bhíonn taobh thiar d'fhorbairt earnálacha an iascaigh agus an gheilleagair ghoirm.

– Chonacthas deighilt iomlán sna tuairimí a léiríodh maidir le tacaíocht a thabhairt do chabhlaigh iascaigh, agus bhí beagnach leath na ngeallsealbhóirí i bhfabhar go leanfaí de na bearta cabhlaigh agus bhí an leath eile ina gcoinne.

– Maidir le hearnáil an dobharshaothraithe, d'aontaigh na geallsealbhóirí gur gá tuilleadh a dhéanamh maidir le cúrsaí riaracháin agus dlí a shimpliú d'fhonn an fad a bhaineann le nósanna imeachta ceadúnaithe a laghdú gan dochar a dhéanamh do na hardchaighdeáin chomhshaoil, chosanta tomhaltóirí agus sláinte ainmhithe a chumhdaítear i ndlí an Aontais. D'athdhearbhaigh siad gurb iad ualaí riaracháin an bac is mó atá ann don fhorbairt san earnáil, mar aon le riachtanais nós imeachta (i ndáil le ceadúnú agus rochtain ar chistiú) atá róchasta. Chomh maith leis sin, chuir grúpa de 11 Bhallstát tacaíocht láidir in iúl dó go leanfaí den tacaíocht a thugann an tAontas don dobharshaothrú leis an gcéad chiste eile, go háirithe an tacaíocht don dobharshaothrú fionnuisce.

– I ndáil le hiascaigh mhionscála chósta agus iascaigh sna réigiúin is forimeallaí, bhí na Ballstáit i bhfabhar tacaíocht níos spriocdhírithe agus saincheaptha a chur i bhfeidhm agus ráta tacaíochta níos airde a chur ar fáil agus ar an bhféidearthacht atá

ann láimhseáil níos fabhraí a dhéanamh trí réamhíocaíochtaí. Ba cheart leanúint tar éis 2020 de thús áite ó thaobh airgeadais de a thabhairt d'iascaigh mhionscála chósta, lena n-áirítear iascaigh intíre, dar le Ballstáit áirithe. D'aithin na geallsealbhóirí go raibh gá le solúbthacht chun sainiúlachtaí áitiúla a chur san áireamh agus chun éascú a dhéanamh ar an athnuachan glúine ar lucht saothair atá ag dul in aois.

– Bhí na Ballstáit agus geallsealbhóirí ar fad den tuairim go mba cheart tacaíocht a choimeád don bhailiú sonraí, d'iascaigh a rialú agus a forfheidhmiú agus d'eagraíochtaí táirgeoirí mar chuid den chiste iascaigh faoin mbainistíocht chomhroinnte.

– Cheap roinnt geallsealbhóirí gur bhreisluach a bheadh ann don Eoraip agus do na réigiúin dá dtreiseofaí gníomhaíocht an Aontais i réimsí éagsúla faoi chuimsiú an bheartais mhuirí (oiliúint, pleanáil spáis mhuirí, sábháilteacht agus faireachán muirí, tionscadail nuálacha a mhaoiniú, etc.) trí CEMI. Cuireadh san áireamh go bhfuil an geilleagar gorm ag forbairt i dtimpeallacht atá an-chasta, ba cheart a áirithiú go bhfuil ionstraimí éagsúla ag teacht lena chéile d'fhonn dúbláil agus ilroinnt a sheachaint.

– D'aithin formhór na ngeallsealbhóirí freisin an ról tábhachtach a bhíonn ag Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail i bpobail chósta maidir le réitigh áitiúla ar fhadhbanna áitiúla a ghlacadh agus aithníodh mar dheis luachmhar é d'earnáil an iascaigh agus d'earnáil an dobharshaothraithe chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa rialtas áitiúil agus maidir le ceisteanna rialachais. Ba mhaith le roinnt geallsealbhóirí go mbeadh ról níos mó ag an bhForbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail i ndáil leis an ngeilleagar gorm a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil.

• **Bailiú agus úsáid saineolais**

Dhréachtaigh seirbhísí an Choimisiúin an measúnú tionchair. Maidir leis an measúnú a rinneadh i dtaobh feidhmíocht a fhaire agus a mheas, chuir saineolaithe seachtracha ábhar ar fáil. Cumhdaítear leis an ábhar seo togra do chreat faireacháin agus meastóireachta tar éis 2020 bunaithe ar an gcóras a forbraíodh don tréimhse 2014-2020 mar aon le líon áirithe táscairí toraidh lena n-áirítear measúnú ar riachtanais, foinsí agus infhaighteacht sonraí.

• **Measúnú tionchair**

Déantar forbairt sa Mheasúnú Tionchair ar phríomhchuspóirí ginearálta an chláir agus ar na cuspóirí sonracha. Áirítear ar na cuspóirí cuspóirí trasghearrtha CAI den tsolúbthacht, comhtháthú agus sineirgí, simpliú agus fócas ar fheidhmíocht.

Aithnítear agus mínítear sa Mheasúnú Tionchair na dúshláin agus na fadhbanna is mó a dtabharfar aghaidh orthu leis an gclár atá le teacht bunaithe ar thorthaí meastóireachtaí a rinneadh ar chlárthréimhsí roimhe seo agus torthaí na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin, ar chuspóirí trasghearrtha CAI nua agus ar thosaíochtaí nua polaitiúla agus fadhbanna atá ag teacht chun solais óna bhfuil idirghabháil an Aontais de dhíth.

Bunaithe ar thaithí ar na cláir a bhí ann roimhe seo, cuireann an Measúnú Tionchair na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mhaoiniú (i ndáil leis na cuspóirí thuas a bhaint amach) in ord tosaíochta tríd is tríd ó tharla nárbh fhios an leithdháileadh buiséid nuair a ullmhaíodh an Measúnú Tionchair.

Rinneadh gnéithe coimhdeachta (breisluach an Aontais/riachtanas do ghníomhaíocht ón Aontas) agus gnéithe comhréireachta de na tosaíochtaí cistiúcháin a mheas. Rinneadh anailís ar athruithe ar raon feidhme agus ar struchtúr an chláir freisin.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Cé nach bhfuil aon nasc ag an togra seo leis an gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála, tá sé mar aidhm leis ualaí rialacháin a laghdú agus simpliú a dhéanamh ar sheachadadh an chiste.

Tugann sé tús áite do thairbhithe beaga ag a bhfuil ráta déine cabhrach ní b'airde agus do foirmeacha sonracha tacaíochta do thairbhithe ó iascaigh mhionscála chósta.

- **Cearta bunúsacha**

Is réamhchoinníoll riachtanach maidir le bainistíocht fónta airgeadais agus cistiú éifeachtach ón Aontas é urraim a thabhairt don smacht reachta. Leagtar síos rialacha sa Rialachán maidir le cosaint a thabhairt do bhuiséad an Aontais i gcás easnamh ginearálaithe maidir leis an smacht reachta sna Ballstáit. Tugtar isteach coinníoll cumasaithe i Rialachán na bhForálacha Coitianta d'fhonn urraim don Chairt um Chearta Bunúsacha a áirithiú. Tá feidhm leis maidir le CEMI.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Foráiltear sa chreat airgeadais ilbhliantúil nach mór do bhuiséad an Aontais leanúint den tacaíocht a chur ar fáil do bheartais mhuirí agus do bheartais iascaigh. Is ionann méideanna buiséid molta CEMI, ag praghsanna reatha, agus EUR 6 140 000 000. Roinntear acmhainní CEMI idir bainistíocht chomhroinnte, dhíreach agus indíreach. Leithdháiltear EUR 5 311 000 000 ar thacaíocht faoin mbainistíocht chomhroinnte agus EUR 829 000 000 ar thacaíocht faoin mbainistíocht dhíreach agus indíreach. Leagtar sonraí ar thionchar airgeadais CEMI amach sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ceanglaítear an togra le socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Cuirtear na socruithe seo chun feidhme trí chreat faireacháin agus meastóireachta a bhunaítear sa togra.

Déanfar na meastóireachtaí i gcomhréir le mír 22 agus le mír 23 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016, inar dheimhnigh na trí institiúid gur cheart go dtabharfaí an bunús le haghaidh measúnuithe tionchair le meastóireachtaí ar reachtaíocht agus beartais atá ann cheana. Sna meastóireachtaí sin measfar éifeachtaí an chláir ar an talamh ar bhonn tháscairí/spriocanna an chláir agus anailís mhionsonraithe ar a mhéid is féidir a mheas go bhfuil an clár ábhartha éifeachtach éifeachtúil, ar an gceist an leor an breisluach Eorpach a chuireann sé ar fáil agus ar an gceist an bhfuil sé comhleanúnach le beartais eile de chuid an Aontais. Beidh ceachtanna a foghlaimíodh iontu chun aon laigí nó fadhbanna atá ann a shainaithint nó aon poitéinseal atá ann breis feabhais a chur ar na bearta nó ar a dtorthaí agus chun cuidiú a n-úsáid agus a dtionchar a uasmhéadú.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

*Cuspóirí*

Is é is aidhm leis an togra seo le haghaidh Rialacháin ar CEMI tacú le cuspóirí comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta CBI a bhaint amach, le cur chun feidhme bheartas muirí an Aontais a chothú agus tacú le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais i réimse an rialachais aigéin. Tá sé bunaithe ar na ceithre thosaíocht seo a leanas, ar léiriú iad ar na cuspóirí beartais ábhartha a leagtar amach i Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus arb é is aidhm leo uasmhéadú a dhéanamh ar rannchuidiú an Aontais le forbairt geilleagair ghoirm inbhunaithe:

(1) Iascaigh inbhuanaithe a chothú agus acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú;

(2) Cuidiú le slándáil an tsoláthair bia san Aontas trí dhobharshaothrú agus margaí atá iomaíoch agus inbhuanaithe;

(3) An fás ar gheilleagar gorm inbhuanaithe a chumasú agus pobail chósta a bhfuil rath orthu a chothú;

(4) An rialachas idirnáisiúnta aigéan a threisiú agus farraigí agus aigéin shábháilte, shlána, ghlana, a bhainistítear go hinbhuanaithe a chumasú.

Tá breis agus 5 milliún duine fostaithe in earnáil mhuirí na hEorpa agus gineann sin beagnach EUR 500 billiún in aghaidh na bliana, agus tá poitéinseal san earnáil chéanna i bhfad níos mó post a chruthú. Meastar gurb é EUR 1.3 trilliún an luach ar aschur an gheilleagair dhomhanda aigéan, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith breis agus a dhá oiread ní ba mhó faoi 2030 (*The Ocean Economy in 2030*, Tuarascáil ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta). An gá spriocanna CO2 a bhaint amach, éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú agus lorg an gheilleagair ghoirm ar an gcomhshaol a laghdú, is mór an spreagadh a bhí sa ghá sin don nuálaíocht in earnálacha eile amhail an trealamh muirí, an tógáil long, an bhreathnóireacht aigéan, an dreidireacht, an chosaint chósta agus an tógáil mhuirí. Rinne cistí struchtúracha an Aontais, go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), infheistíocht sa gheilleagar muirí. Ní mór uirlisí nua infheistíochta, amhail InvestEU, a úsáid chun poitéinseal fáis na hearnála a shásamh.

Sa togra ón gCoimisiún maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, leagadh síos sprioc níos uaillmhianaí maidir le bearta ar son na haeráide a phríomhshruthú i gcláir uile an Aontais, is é sin 25 % san iomlán de chaiteachas an Aontais a bheith ag rannchuidiú le cuspóirí aeráide a bhaint amach. Déanfar rannchuidiú CEMI le gnóthú na sprice foriomláine sin a rianú le córas marcóirí aeráide de chuid an Aontais ar leibhéal iomchuí imdhealaithe, lena n-áirítear modheolaíochtaí níos cruinne a úsáid má bhíonn fáil ar a leithéid. Leanfaidh an Coimisiún den fhaisnéis a chur i láthair go bliantúil i dtéarmaí leithreasuithe faoi chomhair gealltanas i gcomhthéacs an dréachtbhuiséid bhliantúil. Chun gur fusa lánleas a bhaint as poitéinseal CEMI rannchuidiú le cuspóirí aeráide, féachfaidh an Coimisiún le gníomhaíochtaí ábhartha a shainaithint i rith na bpróiseas ullmhúcháin, cur chun feidhme, athbhreithnithe agus meastóireachta.

Rannchuideoidh CEMI le cuspóirí comhshaoil an Aontais freisin. Déanfar cuntas a choimeád ar an ionchur trí mharcóirí comhshaoil an Aontais a chur i bhfeidhm agus iad a thuairisciú go rialta i gcomhthéacs na meastóireachtaí agus na tuarascála bliantúla feidhmíochta.

*Simpliú*

Is é is aidhm leis an togra simpliú a dhéanamh ar chur chun feidhme CEMI i gcomparáid leis an leagan amach ríchasta a bhí ann sa tréimhse 2014-2020. Go deimhin, bunaítear CEMI 2014-2020 ar chur síos beacht dolúbtha ar dheiseanna maoinithe agus rialacha

incháilitheachta (`bearta'), a d'fhág é deacair do na Ballstáit agus do na tairbhithe é a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, rachfar i dtreo leagan amach CEMI níos simplí a shocrú i dtaca leis na gnéithe seo a leanas tar éis 2020:

– **4 thosaíocht** – Déantar cur síos leis na tosaíochtaí seo ar raon feidhme na tacaíochta CEMI de réir chuspóirí CBI, an bheartais mhuirí agus gníomhaíochtaí i dtaca le rialachas idirnáisiúnta aigéan.

– **Réimsí tacaíochta** – Ní leagtar amach bearta saintreoracha in airteagail an Rialacháin ach déantar cur síos ar na réimsí éagsúla tacaíochta faoi chuimsiú gach tosaíochta, rud lena gcuirtear creat solúbtha i gcomhair cur chun feidhme ar fáil.

– **Gan bearta réamhshainithe agus rialacha incháilitheachta ar leibhéal an Aontais** – Faoin mbainistíocht chomhroinnte, is faoi na Ballstáit atá sé clár a leagan amach ina léirítear an bealach is oiriúnaí dóibh chun tosaíochtaí CEMI a bhaint amach. Tabharfar solúbthacht dóibh maidir leis na rialacha incháilitheachta a shocrú. Faoi na rialacha a leagtar amach sa CEMI agus i Rialachán na bhForálacha Coitianta féadfar tacaíocht a thabhairt do réimse beart a aithníonn na Ballstáit sna cláir, ar choinníoll go bhfuil siad cumhdaithe faoi na réimsí tacaíochta.

– **Coinníollacha agus srianta i gcomhair réimsí áirithe** – Is gá liosta d'oibríochtaí neamh-incháilithe a leagan amach chun tionchair dhíobhálacha ar an gcaomhnú iascaigh a sheachaint, mar shampla, toirmeasc ginearálta a chur ar infheistíochtaí chun an acmhainn iascaireachta a fheabhsú. Chomh maith leis sin, déanfar infheistíochtaí agus cúiteamh a íoc leis an gcabhlach iascaigh (scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta, scor urghnách de ghníomhaíochtaí iascaireachta, soitheach a fháil, inneall athsholáthair) ar choinníoll go dtagann siad le cuspóirí caomhnaithe CBI. Tá sé seo ríthábhachtach chun a áirithiú go ndírítear an tacaíocht airgeadais ar na cuspóirí sin a bhaint amach.

– **Táscairí toraidh** – Déanfar measúnú ar fheidhmíocht thacaíocht CEMI ar bhonn táscairí. Déanfaidh na Ballstáit tuairisc a thabhairt faoina ndul chun cinn maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna atá leagtha síos, agus déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht, bunaithe ar na tuarascálacha a ullmhaíonn na Ballstáit, le go mbeifear in ann fadhbanna i ndáil leis an gcur chun feidhme a aithint go luath agus gníomhaíocht cheartaitheach a shocrú. Déanfar córas faireacháin agus creat meastóireachta a bhunú chun na críche sin.

Seachas liosta a dhéanamh de na bearta a roghnaíodh ó chlár gníomhaíochtaí incháilithe mar a dhéantar faoi láthair, ba cheart do na cláir náisiúnta díriú ar na tosaíochtaí straitéiseacha a roghnaigh gach Ballstát. Cuirfidh an leagan amach seo feabhas ar chur chun feidhme an chláir chun cuspóirí beartais a bhaint amach ar bhonn feidhmíochta, i gcomhthéacs an idirphlé atá ag dul ar aghaidh idir an Coimisiún agus na Ballstáit i ndáil le torthaí a bhaint amach. Mar sin, is iad solúbthacht, díriú ar thorthaí agus muinín fhrithpháirteach idir an Coimisiún agus na Ballstáit na trí bhunphrionsabal de shimpliú éifeachtach.

Faoin mbainistíocht chomhroinnte, déanfaidh na Ballstáit cláir a ullmhú agus déanfaidh an Coimisiún iad a fhaomhadh. I gcomhthéacs an réigiúnaithe agus d'fhonn na Ballstáit a ghríosú chun cur chuige níos straitéisí a ghlacadh agus na cláir á n-ullmhú, déanfaidh an Coimisiún anailís a fhorbairt ar gach imchuach farraige lena léirítear na láidreachtaí agus na laigí coitianta i ndáil le cuspóirí CBI a bhaint amach. Beidh an anailís sin ina treoir do na Ballstáit agus don Choimisiún araon le linn na hidirbheartaíochta ar gach clár agus dúshláin agus riachtanais réigiúnacha á gcur san áireamh.

Agus na cláir á meas, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na dúshláin chomhshaoil agus shocheacnamaíocha a bhaineann le CBI, feidhmiú socheacnamaíoch an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe, na dúshláin ar leibhéal imchuach farraige, éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus a athchóiriú, bruscar muirí a laghdú agus athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú chuige.

Déanfar simpliú a bhaint amach freisin trí Rialachán na bhForálacha Coiteanna, mar a leagtar amach an chuid is mó de na forálacha a bhaineann leis cur chun feidhme, le faireachán agus le rialú.

*Leithdháileadh acmhainní*

Déanfar CEMI a chur chun feidhme faoi dhá chóras seachadta:

– faoin 'mbainistíocht chomhroinnte' a dhéanfaidh na Ballstáit trí chláir CEMI bunaithe ar straitéisí náisiúnta,

– go díreach ag an gCoimisiún faoin 'mbainistíocht dhíreach'.

Beartaíodh an sciar 2014-2020 de na hacmhainní a choimeád idir an bhainistíocht chomhroinnte agus an bhainistíocht dhíreach. Sa chomhthéacs seo, moltar go leithdháiltear EUR 5 311 000 000 ar an mbainistíocht chomhroinnte (86.5%) agus EUR 829 000 000 ar an mbainistíocht dhíreach (13.5%). Coimeádtar cothromaíocht chuí idir na hacmhainní faoin mbainistíocht chomhroinnte agus faoin mbainistíocht dhíreach le leithdháileadh den sórt sin.

Maidir leis an mbainistíocht chomhroinnte, tar éis luach chlár na Ríochta Aontaithe (EUR 243 milliún) a bhaint amach, choimeádfadh na Ballstáit, i dtéarmaí ainmniúla, 96.5% dá leithdháileadh i gcomhair 2014-2020. Chun cobhsaíocht a áirithiú, go háirithe i ndáil le cuspóirí CBI a bhaint amach, déanfar an sainiú ar leithdháiltí náisiúnta a bhunú ar scaireanna 2014-2020.

Moltar freisin go ndéanfaí imfhálú ar mhéideanna i gcomhair réimsí áirithe tacaíochta faoin mbainistíocht chomhroinnte:

– rialú agus forfheidhmiú agus bailiú agus próiseáil sonraí chun iascaigh a bhainistiú agus chun críoch eolaíochta (íosmhéid 15% den tacaíocht airgeadais a leithdháiltear in aghaidh an Bhallstáit, seachas tíortha talamhiata),

– na réigiúin is forimeallaí (méid imfhálaithe a chumhdaíonn idir chóras cúitimh i gcomhair chostais bhreise agus thacaíocht struchtúrach).

*Coinníollacht*

D'aithin Clár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 de chuid na Náisiún Aontaithe caomhnú na n-aigéan agus úsáid inbhuanaithe na n-aigéan mar cheann den 17 sprioc forbartha inbhuanaithe (SDG 14). Tá an tAontas tiomanta go hiomlán don sprioc sin agus dá cur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, geallann sé geilleagar gorm inbhuanaithe a chur chun cinn a thagann leis an bpleanáil spásúil mhuirí, acmhainní bitheolaíocha a chaomhnú agus stádas maith comhshaoil a bhaint amach, toirmeasc a chur ar chineálacha áirithe fóirdheontas d'iascaigh a chuireann leis an ró-acmhainneacht agus leis an ró-iascaireacht, deireadh a chur le fóirdheontais iascaigh a chuireann leis an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscthe agus neamhrialáilte agus gan fóirdheontais nua den chineál sin a thabhairt isteach. Ba cheart go mbeadh an toradh seo ar idirbheartaíocht na hEagraíochta Domhanda Trádála i dtaobh fóirdheontas d'iascaigh bainte amach faoin mbliain 2020.

Chomh maith leis sin, mar chuid d'idirbheartaíocht na hEagraíochta Domhanda Trádála ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2002 agus ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2012 (Rio +20), gheall an tAontas go

gcuirfear deireadh le fóirdheontais a chuireann leis an ró-acmhainneacht iascaigh agus leis an ró-iascaireacht.

Chomh maith leis sin, forálann Airteagal 42 den Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh gur cheart cúnamh airgeadais ón Aontas faoi CEMI a bheith ann ar choinníoll go gcomhlíonfar rialacha CBI. Dá bhrí sin, ní inghlactha iarratais ó thairbhithe nach gcomhlíonann na rialacha is infheidhme maidir le CBI. Sa bhreis air sin, tabharfar cumhachtaí don Choimisiún chun gníomhú in éadan aon Bhallstát nach gcomhlíonann rialacha CBI.

*Iascaigh inbhuanaithe a chothú agus acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú*

Áiritheofar le CBI go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil san fhadtéarma agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh ag luí leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfear le hinfhaighteacht soláthairtí bia. Beidh sé mar aidhm leis a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a chothabháil ag leibhéil atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Áiritheofar go ndéanfaí na tionchair dhiúltacha a bhíonn ag gníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachóras na mara a íoslaghdú agus go seachnófar sna gníomhaíochtaí maidir le dobharshaothrú agus iascaigh an díghrádú ar an gcomhshaol muirí (Airteagal 2 den Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh).

Baineadh an t-uafás amach le blianta beaga anuas maidir le stoic éisc a thabhairt ar ais ar leibhéil shláintiúla, brabúsacht a mhéadú in earnáil iascaireachta an Aontais agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú. Mar sin féin, tá dúshláin shuntasacha fós le sárú chun cuspóirí socheacnamaíocha agus comhshaoil CBI a bhaint amach. Chuige sin, beidh tacaíocht leanúnach de dhíth tar éis 2020, go háirithe maidir leis na himchuacha farraige mar a bhfuil an dul chun cinn níos moille. Tá an t-iascach lárnach i slí mhaireachtála agus oidhreacht chultúrtha go leor pobal cósta san Aontas, go háirithe mar a mbíonn ról tábhachtach ag an iascaireacht bheag chósta. Toisc go bhfuil formhór na ndaoine i bpobail iascaireachta os cionn 50 bliain ar an meán, tá dúshlán fós ag baint leis an athnuachan glúine agus le gníomhaíochtaí a éagsúlú.

Tá sé mar aidhm leis an tacaíocht faoi Thosaíocht 1 cuspóirí comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta CBI a bhaint amach, mar a shainítear in Airteagal 2 den Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh. Áiritheofar leis an tacaíocht sin go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil san fhadtéarma agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh ag luí leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfear le hinfhaighteacht soláthairtí bia.

Go háirithe, beidh an tacaíocht ó CEMI dírithe ar ghnóthú agus ar choinneáil na hiascaireachta inbhuanaithe bunaithe ar an uastáirgeacht inbhuanaithe agus dírithe ar íoslaghdú thionchair dhiúltacha na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachóras na mara. Déanfar nuálaíocht agus infheistíochtaí i dtaca le cleachtais agus teicnící iascaireachta ísealtionchair, aeráidseasmhacha agus ísealcharbóin a chuimsiú leis an tacaíocht sin.

Is í an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír ceann de na dúshláin is mó a bhaineann le CBI. Ciallaíonn sé go raibh athruithe suntasacha ar chleachtais iascaireachta don earnáil agus bhí costas tábhachtach airgeadais ag gabháil leo in amanna. Dá bhrí sin, tacóidh CEMI leis an nuálaíocht agus le hinfheistíochtaí a chuidíonn leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme amhail infheistíochtaí i dtrealamh roghnaitheach iascaireachta a dhéanamh, infheistíocht chun feabhas a chur ar bhonneagar calafoirt agus infheistíochtaí maidir le margaíocht a dhéanamh ar ghabhálacha de thaisme trí ráta déine cabhrach is airde ná atá atá i bhfeidhm d’oibríochtaí eile a chur i bhfeidhm. Déanfar uasdéine cabhrach 100% a

cheadú chun córais thrédhearcacha um dheiseanna iascaireachta a mhalartú idir Ballstáit (‘babhtáil cuóta’) a dhearadh, a fhorbairt, a fhaire, a mheas agus a bhainistiú d’fhonn éifeacht an ‘speicis scoir’ a tharlaíonn mar gheall ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a mhaolú.

Leis an tacaíocht faoi Thosaíocht 1 féadfar nuálaíocht agus infheistíochtaí ar bord soithí iascaireachta a chumhdach d’fhonn sláinte, sábháilteacht agus dálaí oibre, éifeachtúlacht fuinnimh agus caighdeán na ngabhálacha a fheabhsú. Mar sin féin, níor cheart do thacaíocht dá leithéid méadú a chur ar an gcumas iascaireachta nó ar an gcumas atá ann iasc a aimsiú agus níor cheart an tacaíocht a bhronnadh díreach ar an gcúis gur comhlíonadh na riachtanais atá éigeantach faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Maidir leis an tsláinte, an tsábháilteacht agus dálaí oibre ar bord soithí iascaireachta, déanfar ráta déine cabhrach is airde ná an ráta i bhfeidhm d’oibríochtaí eile a cheadú.

Tá an rialú ar iascach ríthábhachtach maidir le CBI a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, faoin mbainistíocht chomhroinnte, tacóidh CEMI le córas rialaithe iascaigh don Aontas, mar a shainítear sa Rialachán um Rialú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Déanann oibleagáidí áirithe dá bhforáiltear trí bhíthin an athbhreithnithe ar an Rialachán um Rialú (rianú soithí agus córais leictreonacha thuairiscithe, córais leictreonacha chianbhrathadóireachta, tomhas agus taifeadadh leanúnach ar chumhacht inneall tiomáinteachta) dlisteanú ar thacaíocht ar leith a chur ar fáil do na Ballstáit agus do na hiascairí le go mbeidh siad in ann iad a chur chun feidhme go tapa éifeachtúil. Anuas air sin, féadfar infheistíochtaí ó na Ballstáit i sócmhainní rialaithe a úsáid chun faireachas muirí agus comhoibriú i dtaobh feidhmeanna garda cósta a dhéanamh.

Braitheann rath CBI ar chomhairle eolaíoch a bheith ar fáil do bhainistíocht iascach agus mar sin, ar shonraí i dtaca leis na hiascaigh a bheith ar fáil. I bhfianaise na ndúshlán agus na gcostas a bhaineann le sonraí iontaofa iomlána a fháil, ní mór tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil i gcomhréir leis an gCreatrialachán um Bailiú Sonraí agus cur leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil. Leid an tacaíocht sin. éascófar sineirgí i dtaca le cineálacha eile sonraí muirí a bhailiú agus a phróiseáil.

Thairis sin, tacóidh CEMI le cur chun feidhme atá bunaithe ar eolas agus le rialachas CBI faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach ach foráil a dhéanamh do chomhairle eolaíoch, córas rialaithe iascaigh don Aontas a fhorbairt agus a chur chun feidhme, Comhairlí Comhairleacha a fheidhmiú agus ranníocaíochtaí saorálacha d’eagraíochtaí idirnáisiúnta.

*Bainistíocht chabhlaigh a dhíriú ar chuspóirí caomhnaithe*

I bhfianaise na ndúshlán maidir le saothrú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara i gcomhréir le cuspóirí caomhnaithe CBI, tacóidh CEMIú le bainistíocht iascaigh agus cabhlaigh iascaireachta. Sa chomhthéacs seo, ní mór leanúint in amanna den tacaíocht do chabhlaigh a oiriúnú i ndáil le ranna áirithe cabhlaigh agus imchuacha farraige. Ba cheart tacaíocht dá leithéid a dhíriú ar acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe agus ar chothromaíocht a bhaint amach idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil. Dá bhrí sin, féadfaidh CEMI tacú le gníomhaíochtaí iascaireachta i ranna cabhlaigh a scoradh go buan nuair nach bhfuil cothromaíocht idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil. Beidh tacaíocht den sórt sin ina huirlis de chuid na bpleananna gníomhaíochta chun ranna cabhlaigh inar aithníodh ró-acmhainneacht struchtúrach a choigeartú, mar a fhoráiltear in Airteagal 22(4) de Rialachán CBI, agus déanfar í a chur chun feidhme trí bhriseadh an tsoithigh iascaireachta nó trína dhíchoimisiúnú nó trína iarfheistiú le haghaidh gníomhaíochtaí eile. I gcás ina gcuirfeadh an t-iarfheistiú sin tuilleadh brú ar éiceachóras na mara de dheasca na hiascaireachta áineasa, ní

dhéanfar tacaíocht a dheonú ach amháin má tá sé i gcomhréir le CBI agus le cuspóirí na bpleananna bliantúla ábhartha.

San am a chuaigh thart, níor leor an spriocdhíriú i dtaca le scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta agus ní dheachthas i ngleic leis na neamhchothromaíochtaí struchtúracha sa chabhlach iascaireachta. Chun a áirithiú go mbeidh an t-oiriúnú struchtúrach a dhéantar ar chabhlach ag teacht leis na cuspóirí caomhnaithe, beidh an tacaíocht sin iomlán coinníollach agus ceangailte le torthaí a bhaint amach. Dá bhrí sin, moltar go gcuirfí chun feidhme í trí bhíthin 'maoiniú nach gceanglaítear le costais' dá bhforáiltear i Rialachán na bhForálacha Coitianta, agus trí sin amháin. Faoi chuimse an tsásra sin, ní aisíocfaidh an Coimisiún na Ballstáit i ngeall ar scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta ar bhonn na bhfíorchostas a tabhaíodh ach ar bhonn na gcoinníollacha a chomhlíonadh agus na dtorthaí a bhaint amach. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún coinníollacha den sórt sin a bhunú le gníomh tarmligthe, ar coinníollacha iad a bheidh bainteach cuspóirí caomhnaithe CBI.

*Cúiteamh i ngeall ar scor urghnách de ghníomhaíochtaí iascaireachta*

I bhfianaise luaineacht na ngníomhaíochtaí iascaireachta, d'fhéadfadh cúinsí neamhchoitianta caillteanais shuntasacha eacnamaíochta a chruthú d'iascairí. D'fhonn na hiarmhairtí sin a mhaolú, féadfaidh CEMI tacú le cúiteamh ar scor urghnách de ghníomhaíochtaí iascaireachta mar gheall ar bhearta caomhnaithe a chuirtear chun feidhme (i.e. pleananna ilbhliantúla, spriocanna maidir le stoic a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe, bearta chun acmhainn iascaireachta na soithí iascaireachta a oiriúnú do na deiseanna iascaireachta atá ar fáil agus bearta teicniúla), mar gheall ar bhearta éigeandála a chuirtear chun feidhme (e.g. iascach a dhúnadh), mar gheall go gcuirtear isteach, le comhaontú comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm mar gheall ar chúinsí force majeure, tubaiste nádúrtha nó eachtra chomhshaoil.

Ní dhéanfar tacaíocht dá leithéid a cheadú ach amháin má tá tionchar na gcúinsí sin ar iascairí suntasach, i.e. má chuirtear stop le gníomhaíochtaí tráchtála an tsoithigh lena mbaineann 90 lá as a chéile ar a laghad agus más mó na caillteanais eacnamaíochta mar gheall ar an scor agus 30% de láimhdeachas bliantúil na cuideachta lena mbaineann ar an meán le linn tréimhse sonraithe ama.

*Tús áite a thabhairt don iascaireacht mionscála ar chósta agus do na réigiúin is forimeallaí*

Soithí iascaireachta faoi bhun 12 mhéadar agus nach n-úsáideann trealamh iascaireachta tarraingthe a dhéanann iascaireacht bheag chósta. Cuimsítear leis an earnáil sin beagnach 75% de na soithí iascaireachta ar fad atá cláraithe san Aontas agus beagnach leath den fhostaíocht ar fad in earnáil an iascaigh. Tá oibreoirí in iascaigh mhionscála chósta ag brath go háirithe ar stoic shláintiúla éisc mar phríomhfhoinse ioncaim. Dá bhrí sin, déanfaidh CEMI tús áite a thabhairt dóibh trí ráta déine cabhrach 100% a úsáid, agus é mar aidhm aige a gcleachtais inbhuanaithe iascaireachta a spreagadh. Anuas air sin, déanfar réimsí áirithe tacaíochta a choimeád don iascaireacht mhionscála i ranna cabhlaigh ina bhfuil cothromaíocht idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil, i.e. soitheach athláimhe a fháil agus inneall an tsoithigh a athsholáthar nó nuachóiriú a dhéanamh air. Anuas air sin, déanfaidh na Ballstáit plean gníomhaíochta a chur sna cláir don iascaireacht bheag chósta, déanfar faireachán ar an bplean ar bhonn na dtáscairí a socraítear garspriocanna agus spriocanna maidir leo.

Mar a shonraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta an 24 Deireadh Fómhair 2017 dar teideal 'Comhpháirtíocht straitéiseach athnuaite níos láidre leis na réigiúin is forimeallaí in AE', tá

dúshláin ar leith a bhaineann leis an iargúltacht, an topagrafaíocht agus an aeráid dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh roimh na réigiúin is forimeallaí, agus tá sócmhainní ar leith acu lenar féidir geilleagar gorm a fhorbairt. Dá bhrí sin, i gcás gach ceann de na réigiún is forimeallaí, déanfar plean gníomhaíochta i ndáil le hearnáil an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe a fhorbairt, lena n-áirítear saothrú inbhuanaithe iascach agus an dobharshaothraithe, a chur le cláir na mBallstát lena mbaineann agus déanfar leithdháileadh airgeadais a choimeád chun tacú leis na pleananna gníomhaíochta sin a chur chun feidhme. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh CEMI tacú le cúiteamh a íoc leis na réigiúin is forimeallaí as na costais bhreise a bhíonn orthu mar gheall ar an áit ina bhfuil siad agus mar gheall ar a n-oileánachas. Déanfar teorainn a chur leis an tacaíocht sin mar chéatadán den leithdháileadh foriomlán airgeadais. Anuas air sin, déanfar ráta déine cabhrach is airde ná an ráta a bhfuil feidhm aige maidir le hoibríochtaí eile a chur i bhfeidhm sna réigiúin is forimeallaí.

*Bithéagsúlacht agus éiceachórais mhuirí a chosaint agus a athbhunú*

Tá sé ríthábhachtach an bhithéagsúlacht agus éiceachórais na mara agus an chósta a chosaint agus a neartú d'fhonn farraigí agus aigéin shláintiúla a bhaint amach. Faoin mbainistíocht chomhroinnte, rannchuideoidh CEMI leis an gcuspóir seo trí thacaíocht a thabhairt do na hiascairí a bhailíonn trealamh iascaireachta a cailleadh agus bruscar muirí ón bhfarraige agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcalafoirt chun saoráidí cuí glactha a chur ar fáil don trealamh iascaireachta a cailleadh agus bruscar muirí. Tabharfar tacaíocht freisin do ghníomhaíochtaí chun stádas maith comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil sa mhuirthimpeallacht, mar a leagtar amach sa Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, le haghaidh cur chun feidhme bearta cosanta spásúla arna mbunú de bhun na Treorach sin, le haghaidh bainistiú, athneartú agus faireachán limistéir NATURA 2000 agus le haghaidh cosaint speiceas faoi na Treoracha maidir le gnáthóga agus maidir le héin.

Faoin mbainistíocht dhíreach, tacóidh CEMI le farraigí glana sláintiúla a chur chun cinn agus leis an Straitéis Eorpach um Paistigh sa Gheilleagar Ciorclach a forbraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 16 Eanáir 2016, a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an gcuspóir i ndáil le stádas maith comhshaoil a bhaint amach agus a chothú sa mhuirthimpeallacht.

*Cuidiú le slándáil an tsoláthair bia san Aontas*

Cuidíonn an t-iascach agus an dobharshaothrú le slándáil an tsoláthair bia agus le cothú san Aontas. Mar sin féin, déanann an tAontas 60% den soláthar ar tháirgí iascaigh a allmhairiú agus dá bhrí sin, tá sé ag brath go mór ar thríú tíortha. Is dúshlán mór é borradh a chur faoin tomhaltas a dhéantar ar phróitéin éisc a tháirgtear san Aontas a bhfuil ardchaighdeáin cáilíochta ag gabháil léi agus atá ar fáil do thomhaltóirí ar phraghsanna réasúnta.

Sa chomhthéacs seo, tá ról tábhachtach ag an dobharshaothrú. Dá bhrí sin, féadfaidh CEMI tacú leis an dobharshaothrú, lena n-áirítear an dobharshaothrú fionnuisce a chur chun cinn agus a fhorbairt go hinbhuanaithe, le go dtógfar ainmhithe agus plandaí uisceacha chun bia agus amhábhair eile a tháirgeadh. Tá nósanna imeachta riaracháin casta fós i bhfeidhm i mBallstáit áirithe, amhail deacrachtaí rochtana ar spás agus nósanna imeachta troma ceadúnaithe agus fágann sé sin gur deacair don earnáil feabhas a chur ar íomhá táirgí saothraithe agus ar iomaíochas na dtáirgí. Ba cheart don tacaíocht a bheith ag luí le pleananna náisiúnta straitéiseacha ilbhliantúla don dobharshaothrú a forbraíodh ar bhonn an Rialacháin maidir leis an gComhbheartas Iascaigh. Go háirithe, tacaíocht i ndáil le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, infheistíochtaí táirgiúla, nuálaíocht, sealbhú scileanna gairmiúla, feabhsú dálaí oibre, bearta cúitimh lena soláthraítear talamh criticiúil agus seirbhísí bainistithe nádúir, beidh sí incháilithe. Gníomhaíochtaí sláinte phoiblí, scéimeanna árachais do stoic

dhobharshaothraithe agus gníomhaíochtaí sláinte agus leasa ainmhithe, beidh siad incháilithe freisin. Mar sin féin, i gcás infheistíochtaí táirgiúla, ní dhéanfar tacaíocht a sholáthar ach trí ionstraimí airgeadais agus trí InvestEU, toisc go gcuireann siad giaráil is airde ar fáil maidir leis na margaí agus dá bhrí sin is fearr iad ná deontais chun dul i ngleic le dúshláin mhaoinithe na hearnála.

Braitheann slándáil an tsoláthair bia ar mhargaí éifeachtúla dea-eagraithe lena gcuirtear feabhas ar thrédhearcacht, cobhsaíocht, cáilíocht agus éagsúlacht i dtaobh an tslabhra soláthair, mar aon le faisnéis do thomhaltóirí. Chun na críche sin, féadfaidh CEMI tacú le margaíocht táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe i gcomhréir le cuspóirí Chomheagrú na Margaí (CEM). Féadfaidh sé tacú go háirithe le heagraíochtaí táirgeoirí a chruthú, pleananna táirgeachta agus margaíochta a chur chun feidhme, margaí nua a chur chun cinn agus faisnéis mhargaidh a fhorbairt agus a scaipeadh.

Bíonn ról ag an earnáil phróiseála maidir le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a bheith ar fáil agus maidir le caighdeán na dtáirgí. Féadfaidh CEMI tacú le hinfheistíochtaí sonraithe sa tionscal sin, ar an gcoinníoll go dtacaíonn siad le cuspóirí CEM a bhaint amach. Léiríonn na sonraí is déanaí atá ar fáil feidhmíocht shláintiúil in earnáil phróiseála an Aontais, dá bhrí sin, ní dhéanfar tacaíocht a chur ar fáil ach amháin trí ionstraimí airgeadais agus trí InvestEU seachas trí dheontais. Féadfar tacú le infheistíochtaí mórscála faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE).

*Fás ar an ngeilleagar gorm inbhuanaithe a chumasú agus pobail rathúla chósta a chothú*

Braitheann cruthú post i réigiúin chósta go mór ar an bhforbairt faoi thionchar an phobail a dhéantar ar gheilleagar gorm inbhuanaithe lena dtugtar beocht do chreatlach shóisialta na réigiún sin. Is dócha go gcruthóidh níos fearr le tionscail agus seirbhísí aigéin ná leis an ngeilleagar domhanda agus go gcuirfidh siad go mór leis an bhfostaíocht agus leis an bhfás faoi 2030. Le go mbeidh sé inbhuanaithe, braitheann an fás gorm ar an nuálaíocht agus ar an infheistíocht i ngnólachtaí muirí nua agus sa bhithgheilleagar, lena n-áirítear samhlacha inbhuanaithe turasóireachta, fuinneamh in-athnuaite bunaithe ar na haigéin, longthógáil nuálach ardleibhéil agus seirbhís nua calafoirt, chun poist a chruthú agus feabhas a chur ar an bhforbairt áitiúil san am céanna. Cé gur cheart infheistíocht sa gheilleagar gorm inbhuanaithe a phríomhshruthú ar fud bhuiséad an Aontais, díreoidh CEMI ar choinníollacha cumasaithe maidir le forbairt ar an ngeilleagar gorm inbhuanaithe agus ar dheireadh a chur le bacainní chun infheistíocht agus forbairt ar mhargaí agus ar theicneolaíochtaí nó seirbhísí nua a éascú.

Braitheann forbairt geilleagair ghoirm inbhuanaithe go láidir ar chomhpháirtíochtaí idir geallsealbhóirí áitiúla a chuireann go mór le beocht phobail agus gheilleagair chósta agus intíre. Déanfaidh CEMI uirlisí a chur ar fáil chun comhpháirtíochtaí dá leithéid a chothú. Chun na críche sin, tacóidh sé le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail faoin mbainistíocht chomhroinnte. D'éirigh go geal le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail sa tréimhse 2014-2020. Go deimhin, cuireann straitéisí dá leithéid borradh faoin éagsúlú eacnamaíoch i gcomhthéacs áitiúil trí iascaigh agus dobharshaothrú cósta agus intíre a fhorbairt mar aon le geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt. Ba cheart dóibh a áirithiú go mbaineann pobail áitiúla leas agus tairbhe as deiseanna a chuireann an geilleagar gorm inbhuanaithe ar fáil agus buntáiste á bhaint as acmhainní comhshaoil, cultúrtha, sóisialta agus daonna. I gcomparáid leis an tréimhse 2014-2020,déanfaidh CEMI leathnú ar raon feidhme na straitéisí d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail: ba cheart go mbeadh gach comhpháirtíocht ag teacht le príomhfhócas a straitéise ach ról agus ionadaíocht chothrom a bheith ag na geallsealbhóirí ar fad ón ngeilleagar gorm inbhuanaithe áitiúil.

Faoin mbainistíocht chomhroinnte, tacóidh CEMI le geilleagar gorm inbhuanaithe ach sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid d'fhonn eolas ar staid na muirthimpeallachta a fheabhsú.

Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis an tacaíocht sin na riachtanais faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga a chomhlíonadh, tacú leis an bpleanáil spásúil mhuirí agus feabhas a chur ar cháilíocht sonraí agus ar roinnt sonraí trí bhíthin an Líonra Eorpaigh um Breathnóireacht agus Sonraí Muirí.

Faoin mbainistíocht dhíreach agus indíreach, díreodh CEMI ar na coinníollacha cumasaithe don gheilleagar gorm inbhuanaithe trí rialachas agus bainistíocht chomhtháite an bheartais mhuirí a chur chun cinn, feabhas a chur ar aistriú agus ar ghlacadh taighde, nuálaíocht agus teicneolaíocht sa gheilleagar gorm inbhuanaithe, scileanna muirí a fheabhsú, tuiscint ar na haigéin agus sonraí socheacnamaíocha faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe a roinnt, geilleagar gorm inbhuanaithe ísealcharbóin aeráidseasmhach a chur chun cinn agus tairseach thionscadail agus ionstraimí nuálacha airgeadais a fhorbairt.

*Rialachas idirnáisiúnta aigéin a threisiú agus farraigí agus aigéin shábháilte, shlána, ghlana, a bhainistítear go hinbhuanaithe a chumasú*

Tá 60% de na haigéin lastall de theorainneacha dlínse náisiúnta. Ciallaíonn sin go bhfuil comhfhreagracht idirnáisiúnta ann. Is fadhbanna trasteorann iad formhór na bhfadhbanna a bhaineann leis na haigéin lena n-áirítear an dúshaothrú, an t-athrú aeráide, an t-aigéadú, an truailliú agus an bhithéagsúlacht atá ag meath agus dá bhrí sin, ní mór freagairt chomhroinnte a thabhairt orthu. Faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, ina bhfuil an tAontas mar Pháirtí, bunaíodh neart cearta dlínsiúla, institiúidí agus creataí ar leith chun gníomhaíocht an duine ar na haigéin a rialú agus a bhainistiú. Le blianta beaga anuas, tá comhaontú domhanda ann gur cheart an mhuirthimpeallacht agus gníomhaíochtaí muirí an duine a bhainistiú go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú ar na haigéin atá ag méadú de shíor.

Mar ghníomhaí domhanda, tá an tAontas meáite ar an rialachas idirnáisiúnta aigéan a chur chun cinn, i gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 10 Samhain 2016 dar teideal ‘Rialachas idirnáisiúnta aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan.’ Is beartas nua é beartas rialachais aigéan an Aontais lena gcumhdaítear na haigéin ar bhealach comhtháite. Ní amháin go bhfuil an rialachas idirnáisiúnta aigéan lárnach maidir leis an gClár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 agus go háirithe i dtaca le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 (‘na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe don fhorbairt inbhuanaithe’) ach tá sé tábhachtach chun farraigí agus aigéin shábháilte, shlána, ghlana a bhainistítear go hinbhuanaithe a chinntiú do na glúine atá le teacht freisin. Ní mór don Aontas seasamh leis na gealltanais idirnáisiúnta sin a thug sé agus bheith ina cheann feadhna maidir le rialú idirnáisiúnta aigéan níos fearr a dhéanamh ar an leibhéal déthaobhach, réigiúnach agus iltaobhach lena n-áirítear iascaireacht neamhthuairiscthe neamhrialáilte a chosc, a stopadh agus a dhíothú, feabhas a chur ar an gcreat um rialachas idirnáisiúnta aigéan, brú ar na haigéin agus ar na farraigí a laghdú, dálaí a chruthú do gheilleagar gorm inbhuanaithe agus taighde agus sonraí idirnáisiúnta faoi na haigéin a threisiú. Tacóidh CEMI leis na gealltanais agus cuspóirí idirnáisiúnta sin faoin mbainistíocht dhíreach.

Cuirfidh gníomhaíochtaí faoi CEMI lena gcuirtear an rialachas idirnáisiúnta aigéan chun cinn feabhas ar an gcreat uileghabhálach de phróisis idirnáisiúnta agus réigiúnacha, comhaontuithe, rialacha agus institiúidí chun gníomhaíocht an duine ar na haigéin a rialáil agus a bhainistiú. Cisteodh CEMI socruithe idirnáisiúnta a rinne an tAontas i réimsí nach gcumhdaítear leis na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIIanna) a bunaíodh le tríú tíortha éagsúla agus ar ranníocaíocht dhlíthiúil ballraíochta an Aontais le

hEagraíochtaí Réigiúnacha um Bainistíocht Iascaigh (ERBIanna). Leanfar den chistiú a thugtar do CCIIanna agus ERBIanna faoi snáithe éagsúla de bhuiséad an Aontais.

I ndáil leis an tslándáil agus an chosaint, tá feabhas ar an gcosaint teorainneacha agus ar an bhfaireachas muirí riachtanach. Faoi Straitéis Slándála Muirí an Aontais a ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh an 24 Meitheamh 2014 agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann léi a glacadh an 16 Nollaig 2016, tá an chomhroinnt faisnéise agus an comhar Garda Teorann agus Cósta Eorpaigh idir an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus an Garda Teorann agus Cósta Eorpach, tá siad an-tábhachtach chun na cuspóirí sin a ghnóthú. Dá bhrí sin, tacóidh CEMI leis an bhfaireachas muirí agus le comhoibriú an gharda cósta faoin mbainistíocht chomhroinnte agus dhíreach, lena n-áirítear trí bhíthin sócmhainní a cheannach i gcomhair oibríochtaí muirí ilchuspóireacha. Ina theannta sin, cuirfidh sé ar a gcumas do na gníomhaireachtaí ábhartha tacaíocht a chur chun feidhme i réimse an fhaireachais agus na slándála muirí faoin ‘mbainistíocht indíreach’.

2018/0210 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42, Airteagal 43(2), Airteagal 91(1), Airteagal 100(2), Airteagal 173(3), Airteagal 175, Airteagal 188, Airteagal 192(1), Airteagal 194(2), Airteagal 195(2) agus Airteagal 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is gá Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) a bhunú don tréimhse 2021-2027. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis an gciste sin cistiú ó bhuiséad an Aontais a dhíriú ar thacaíocht a thabhairt don Comhbheartas Iascaigh (CBI), do bheartas muirí an Aontais agus do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais i dtaca le rialachas aigéan. Is áis thábhachtach é an cistiú sin le haghaidh iascaigh inbhuanaithe agus chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara, le haghaidh na slándála bia trí bhíthin earraí bia mara a sholáthar, le haghaidh fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe agus le haghaidh farraigí agus aigéin atá sláintiúil, sábháilte, slán, glan agus a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu.

(2) Mar ghníomhaí domhanda aigéan agus an cúigiú táirgeoir bia mara is mó ar domhan, tá freagracht mhór ar an Aontas na haigéin agus na hacmhainní atá iontu a chosaint, a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe. Go deimhin tá sé ríthábhachtach na farraigí agus na haigéin a chaomhnú do dhaonra an domhain atá ag fás go mear. Is chun leas socheacnamaíoch an Aontais é freisin: cuirfidh geilleagar gorm inbhuanaithe borradh faoi infheistíochtaí, faoin bhfostaíocht agus faoin bhfás, cothóidh sé taighde agus nuálaíocht agus cuirfidh sé le cinnteacht an tsoláthair fuinnimh trí fhuinneamh an aigéin. Ina theannta sin, tá farraigí agus aigéin shábháilte dhaingne riachtanach maidir le rialú éifeachtach a dhéanamh ag teorainneacha agus maidir leis an gcomhrac domhanda in aghaidh na coireachta muirí, agus mar sin, tugtar aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le slándáil saoránach.

[1] IO C […], […], lch. […].
[2] IO C […], […], lch. […].

(3) Glacadh Rialachán (AE) xx/xx Ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna] (‘Rialachán na bhForálacha Coiteanna')[3] d’fhonn feabhas a chur ar an gcomhordú a dhéantar ar thacaíocht ó Chistí faoin mbainistíocht chomhroinnte (na ‘Cistí’), agus chun comhchuibhiú a dhéanamh ar a cur chun feidhme agus é mar phríomhaidhm dó seachadadh beartas a shimpliú ar bhealach comhleanúnach. Tá feidhm ag na forálacha coitianta sin maidir leis an gcuid den CEMI atá faoi bhainistíocht chomhroinnte. Baineann cuspóirí comhlántacha leis na Cistí agus tá an modh bainistíochta céanna acu. Dá bhrí sin, leagtar síos le Rialachán (AE) [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna] sraith cuspóirí coiteanna ginearálta agus prionsabail ghinearálta amhail an chomhpháirtíocht agus an rialachas il-leibhéal. Tá eilimintí coiteanna na pleanála straitéisí agus an chlársceidealaithe ann chomh maith, lena n-áirítear forálacha maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta atá le tabhairt i gcrích le gach Ballstát, agus leagtar amach cur chuige coiteann maidir le díriú feidhmíochta na gCistí. Dá réir sin, áirítear coinníollacha cumasaithe, athbhreithniú feidhmíochta agus socruithe i gcomhair faireacháin, tuairiscithe agus meastóireachta ann. Leagtar forálacha coitianta amach freisin i ndáil le rialacha incháilitheachta, agus sainítear socruithe speisialta i gcomhair ionstraimí airgeadais agus i gcomhair fhorbairt áitiúil InvestEU faoi stiúir an phobail a úsáid agus i gcomhair bainistíochta airgeadais. Baineann roinnt socruithe bainistíochta agus rialaithe leis na Cistí uile. Ba cheart tuairisc a thabhairt sa Chomhaontú Comhpháirtíochta ar chomhlántachtaí idir na Cistí, lena n-áirítear CEMI, agus cláir eile de chuid an Aontais, i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna].

(4) Tá feidhm maidir leis an Rialachán seo ag rialacha airgeadais cothrománacha a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Leagtar síos na rialacha sin i Rialachán (AE) xx/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais] ('an Rialachán Airgeadais')[4] agus cinntear leo, go háirithe, an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, trí sholáthar, trí dhuaiseanna, trí chur chun feidhme indíreach, agus déantar foráil iontu maidir le seiceálacha ar fhreagracht gníomhaithe airgeadais. Na rialacha a ghlactar ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh, baineann siad freisin le cosaint bhuiséad an Aontais i gcás easnaimh ghinearálaithe maidir le smacht reachta sna Ballstáit, ós rud é gur réamhchoinníoll riachtanach urramú an smachta reachta i dtaca le bainistiú fónta airgeadais agus cistiú éifeachtach de chuid an Aontais Eorpaigh.

(5) Faoi bhainistíocht dhíreach, ba cheart do CEMI sineirgí agus comhlántachtaí a fhorbairt le cistí agus le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais. Ba cheart dó maoiniú a cheadú freisin i bhfoirm ionstraimí airgeadais mar chuid d'oibríochtaí measctha arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) xx/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán maidir le InvestEU][5].

(6) Ba cheart tacaíocht faoi CEMI a úsáid chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach comhréireach, ar theipeanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha agus níor cheart, de dheasca na tacaíochta sin, maoiniú príobháideach a dhúbailt ná a

[3] IO C […], […], lch. […].
[4] IO C […], […], lch. […].
[5] IO C […], […], lch. […].

phlódú ná níor cheart an iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh inmheánach. Ba cheart breisluach Eorpach soiléir a bheith ag baint leis an tacaíocht.

(7) Ba cheart na cineálacha maoinithe agus na modhanna cur chun feidhme faoin Rialachán seo a roghnú ar bhonn an chumais atá iontu na tosaíochtaí a leagtar amach i gcomhair na ngníomhaíochtaí a ghnóthú agus torthaí a bhaint amach, ag cur san áireamh chostais na rialuithe, an ualaigh riaracháin agus an riosca neamhchomhlíonta a bhfuiltear ag súil leis. Ba cheart úsáid cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe agus costas aonaid a chur san áireamh leis sin, chomh maith le maoiniú nach bhfuil baint aige le costais dá dtagraítear in Airteagal 125(1) de Rialachán (AE) [an Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais].

(8) Foráiltear sa chreat airgeadais ilbhliantúil a leagtar amach i Rialachán (AE) xx/xx[6] nach mór do bhuiséad an Aontais leanúint de thacaíocht a chur ar fáil do bheartais mhuirí agus do bheartais iascaigh. Ba cheart gurbh ionann méideanna buiséid CEMI, ag praghsanna reatha, agus EUR 6 140 000 000. Ba cheart acmhainní CEMI a roinnt idir bainistíocht chomhroinnte, dhíreach agus indíreach. Ba cheart EUR 5 311 000 000 a leithdháileadh ar thacaíocht faoin mbainistíocht chomhroinnte agus EUR 829 000 000 ar thacaíocht faoin mbainistíocht dhíreach agus indíreach. D'fhonn cobhsaíocht a áirithiú, go háirithe i ndáil le cuspóirí CBI a bhaint amach, ba cheart an sainiú ar leithdháiltí náisiúnta faoin mbainistíocht chomhroinnte don tréimhse phleanála 2021-2027 a bhunú ar scaireanna CEMI 2014-2020. Ba cheart méideanna ar leith a choimeád do na réigiúin is forimeallaí, i gcomhair rialú agus forfheidhmiú, chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil le haghaidh bainistíocht iascaigh agus chun críocha eolaíocha, agus ba cheart uasteorainn a chur leis na méideanna le haghaidh scor buan agus scor sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta.

(9) Tá breis agus 5 milliún duine fostaithe in earnáil mhuirí na hEorpa agus gineann sin beagnach EUR 500 billiún in aghaidh na bliana, agus tá poitéinseal san earnáil chéanna i bhfad níos mó post a chruthú. Meastar gurb é EUR 1.3 trilliún an luach ar aschur an gheilleagair dhomhanda aigéan, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith breis agus a dhá oiread ní ba mhó faoi 2030. An gá spriocanna CO2 a bhaint amach, éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú agus lorg an gheilleagair ghoirm ar an gcomhshaol a laghdú, is mór an spreagadh a bhí sa ghá sin don nuálaíocht in earnálacha eile amhail an trealamh muirí, an tógáil long, an bhreathnóireacht aigéan, an dreidireacht, an chosaint chósta agus an tógáil mhuirí. Rinne cistí struchtúracha an Aontais, go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus CEMI, infheistíocht sa gheilleagar muirí. Ní mór uirlisí nua infheistíochta, amhail InvestEU, a úsáid chun poitéinseal fáis na hearnála a shásamh.

(10) Ba cheart CEMI a bhunú ar na ceithre thosaíocht: iascaigh inbhuanaithe a chothú agus acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú; cuidiú le slándáil an tsoláthair bia san Aontas trí dhobharshaothrú agus margaí atá iomaíoch agus inbhuanaithe; an fhorbairt ar gheilleagar gorm inbhuanaithe a chumasú agus pobail chósta a bhfuil rath orthu a chothú; an rialachas idirnáisiúnta aigéan a threisiú agus farraigí agus aigéin shábháilte, shlána, ghlana, a bhainistítear go hinbhuanaithe a chumasú. Ba cheart coinneáil leis na tosaíochtaí sin tríd an mbainistíocht chomhroinnte, dhíreach agus indíreach.

(11) Ba cheart CEMI tar éis 2020 a beith bunaithe ar leagan amach simplithe gan bearta agus rialacha mionsonraithe incháilitheachta a réamhshainiú ar bhealach atá saintreorach ar leibhéal an Aontais. Ina ionad sin, ba cheart tuairisc a thabhairt ar

[6] IO C […], […], lch. […].

réimsí leathana tacaíochta faoi gach tosaíocht. Mar sin, ba cheart do na Ballstáit clár a leagan amach ina léirítear an bealach is oiriúnaí dóibh chun na tosaíochtaí a bhaint amach. D'fhéadfaí tacaíocht a thabhairt do réimse beart a aithníonn na Ballstáit sna cláir sin faoi na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna], ar choinníoll go gcumhdaítear leo na réimsí tacaíochta a aithnítear sa Rialachán seo. Mar sin féin, ní mór liosta d'oibríochtaí neamh-incháilithe a dhéanamh chun tionchair dhíobhálacha ar an gcaomhnú iascaigh a sheachaint, mar shampla, toirmeasc ginearálta a chur ar infheistíochtaí chun an acmhainn iascaireachta a fheabhsú. Chomh maith leis sin, ba cheart infheistíochtaí agus cúiteamh a íoc leis an gcabhlach ar choinníoll go dtagann siad le cuspóirí caomhnaithe CBI.

(12) D'aithin Clár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 de chuid na Náisiún Aontaithe caomhnú na n-aigéan agus úsáid inbhuanaithe na n-aigéan mar cheann den 17 sprioc forbartha inbhuanaithe (SDG 14). Tá an tAontas tiomanta go hiomlán don sprioc sin agus dá cur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, tá sé tiomanta geilleagar gorm inbhuanaithe a chur chun cinn a bheidh ag teacht leis an bpleanáil spásúil mhuirí, acmhainní bitheolaíocha a chaomhnú agus stádas maith comhshaoil a bhaint amach, toirmeasc a chur ar chineálacha áirithe fóirdheontas d'iascaigh a chuireann leis an ró-acmhainneacht agus leis an ró-iascaireacht, deireadh a chur le fóirdheontais a chuireann leis an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscthe agus neamhrialáilte agus gan fóirdheontais den chineál sin a thabhairt isteach. Ba cheart an toradh sin a bheith ar idirbheartaíocht na hEagraíochta Domhanda Trádála i dtaobh fóirdheontais iascaigh. Chomh maith leis sin, mar chuid d'idirbheartaíocht na hEagraíochta Domhanda Trádála ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2002 agus ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2012 (Rio +20), gheall an tAontas go gcuirfear deireadh le fóirdheontais a chuireann leis an ró-acmhainneacht iascaigh agus leis an ró-iascaireacht.

(13) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, ba cheart don Rialachán seo cuidiú chun an ghníomhaíocht ar son na haeráide a phríomhshruthú agus chun sprioc fhoriomlán 25 % de chaiteachais bhuiséadacha an Aontais a bhaint amach maidir leis an tacaíocht do chuspóirí aeráide. Le gníomhaíochtaí faoin gClár seo, meastar go gcaithfear le 30 % d'imchlúdach airgeadais foriomlán an Chláir ar chuspóirí aeráide. Sainaithneofar gníomhuithe ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme CEMI agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhuithe sin mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha.

(14) Ba cheart do CEMI tacú le cuspóirí comhshaoil an Aontais a bhaint amach. Ba cheart cuntas a choimeád ar an ionchur ach marcóirí comhshaoil an Aontais a chur i bhfeidhm agus iad a thuairisciú go rialta i gcomhthéacs na meastóireachtaí agus na dtuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht.

(15) I gcomhréir le hAirteagal 42 den Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Rialachán CBI')[7], ba cheart do chúnamh airgeadais faoi

[7] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE)

CEMI a bheith ar choinníoll go gcomhlíontar rialacha CBI. Níor cheart iarratais ó thairbhithe nach gcomhlíonann rialacha infheidhme CBI a ghlacadh.

(16) Chun aghaidh a thabhairt ar na coinníollacha sonracha de CBI dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus chun cuidiú le rialacha CBI a chomhlíonadh, ba cheart forálacha sa bhreis ar na rialacha maidir le briseadh, fionraíocht agus ceartuithe airgeadais mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna] a leagan amach. Sa chás nach gcomhlíonann Ballstát nó tairbhí na hoibleagáidí a cuireadh air faoi CBI, nó sa chás go bhfuil fianaise ag an gCoimisiún a thugann le fios nach bhfuiltear ag comhlíonadh na n-oibleagáidí, ba cheart go mbeadh cead ag an gCoimisiún spriocdhátaí le haghaidh íocaíochta a bhriseadh mar bheart réamhchúraim. Chomh maith le bheith in ann an spriocdháta le haghaidh íocaíochta a bhriseadh, agus ionas nach ndéanfar caiteachas neamh-incháilithe a íoc amach, ba cheart cead a thabhairt don Choimisiún íocaíochtaí a chur ar fionraí agus ceartuithe airgeadais a fhorchur sa chás nach gcomhlíonann Ballstát rialacha CBI ar bhealach tromchúiseach.

(17) Baineadh an t-uafás amach le blianta beaga anuas le CBI maidir le stoic éisc a thabhairt ar ais ar leibhéil shláintiúla, brabúsacht a mhéadú in earnáil iascaireachta an Aontais agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú. Mar sin féin, tá dúshláin shuntasacha fós le sárú chun cuspóirí socheacnamaíocha agus comhshaoil CBI a bhaint amach. Chuige sin, beidh tacaíocht leanúnach de dhíth tar éis 2020, go háirithe maidir leis na himchuacha farraige mar a bhfuil an dul chun cinn níos moille.

(18) Tá an t-iascach lárnach i slí mhaireachtála agus oidhreacht chultúrtha go leor pobal cósta san Aontas, go háirithe mar a mbíonn ról tábhachtach ag an iascaireacht bheag chósta. Toisc go bhfuil formhór na ndaoine i bpobail iascaireachta os cionn 50 bliain ar an meán, tá dúshlán fós ag baint leis an athnuachan glúine agus le gníomhaíochtaí a éagsúlú.

(19) Ba cheart do CEMI díriú ar chuspóirí comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta CBI a bhaint amach, mar a shainítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Áiritheofar leis an tacaíocht sin go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil san fhadtéarma agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh ag luí leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfear le hinfhaighteacht soláthairtí bia.

(20) Ba cheart an tacaíocht ó CEMI a bheith dírithe ar ghnóthú agus ar choinneáil na hiascaireachta inbhuanaithe bunaithe ar an uastáirgeacht inbhuanaithe agus dírithe ar íoslaghdú thionchair dhiúltacha na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachóras na mara. Ba cheart nuálaíocht agus infheistíochtaí i dtaca le cleachtais agus teicnící iascaireachta ísealtionchair, aeráidseasmhacha agus ísealcharbóin a chuimsiú leis an tacaíocht sin.

(21) Is í an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír ceann de na dúshláin is mó a bhaineann le CBI. Ciallaíonn sé go raibh athruithe suntasacha ar chleachtais iascaireachta don earnáil agus bhí costas tábhachtach airgeadais ag gabháil leo in amanna. Dá bhrí sin, an nuálaíocht agus na hinfheistíochtaí a chuidíonn leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme amhail infheistíochtaí i dtrealamh roghnaitheach

---

Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

iascaireachta a dhéanamh, infheistíocht chun feabhas a chur ar bhonneagar calafoirt agus infheistíochtaí maidir le margaíocht a dhéanamh ar ghabhálacha de thaisme, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú leis an nuálaíocht agus leis na hinfheistíochtaí sin le ráta déine cabhrach is airde ná an ráta atá i bhfeidhm d'oibríochtaí eile. Ba cheart uasráta déine cabhrach 100% a cheadú chun córais thrédhearcacha chun deiseanna iascaireachta a mhalartú idir Ballstáit (babhtáil cuóta) a dhearadh, a fhorbairt, a fhaire, a mheas agus a bhainistiú, d'fhonn éifeacht an 'speicis scoir' a tharlaíonn mar gheall ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a mhaolú.

(22) Ba cheart CEMI a bheith in ann tacú leis an nuálaíocht agus le hinfheistíochtaí ar bord soithí iascaireachta d'fhonn sláinte, sábháilteachta agus dálaí oibre, éifeachtúlacht fuinnimh agus caighdeán na ngabhálacha a fheabhsú. Mar sin féin, níor cheart do thacaíocht dá leithéid méadú a chur ar an gcumas iascaireachta nó ar an gcumas atá ann iasc a aimsiú agus níor cheart an tacaíocht a bhronnadh díreach ar an gcúis gur comhlíonadh na riachtanais atá éigeantach faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Faoin leagan amach gan bearta saintreoracha, ba cheart go mbeadh sé faoi na Ballstáit rialacha incháilitheachta beachta a shainiú le haghaidh na n-infheistíochtaí sin. Maidir leis an tsláinte, an tsábháilteacht agus dálaí oibre ar bord soithí iascaireachta, ba cheart ráta déine cabhrach is airde ná an ráta i bhfeidhm d'oibríochtaí eile a cheadú.

(23) Tá an rialú ar iascach ríthábhachtach maidir le CBI a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart do CEMI, faoi bhainistíocht chomhroinnte, tacú le córas rialaithe iascaigh don Aontas, mar a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ('an Rialachán maidir le Rialú')[8]. Déanann oibleagáidí áirithe dá bhforáiltear tríd an athbhreithniú ar an Rialachán um Rialú dlisteanú ar thacaíocht ar leith ó CEMI, i.e. córais rianaithe soithí agus córais leictreonacha éigeantacha i gcás soithí iascaireachta mionscála cósta, córais leictreonacha éigeantacha tuairiscithe agus chianbhrathadóireachta agus tomhas agus taifeadadh leanúnach éigeantach ar chumhacht inneall tiomáinteachta. Anuas air sin, féadfar infheistíochtaí ó na Ballstáit i sócmhainní rialaithe a úsáid chun faireachas muirí agus comhoibriú i dtaobh feidhmeanna garda cósta a dhéanamh.

(24) Braitheann rath CBI ar chomhairle eolaíoch a bheith ar fáil do bhainistíocht iascach agus mar sin, ar shonraí i dtaca leis na hiascaigh a bheith ar fáil. I bhfianaise na ndúshlán agus na gcostas a bhaineann le sonraí iontaofa iomlána a fháil, ní mór tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán maidir leis an gCreat um Bailiú Sonraí')[9] agus cur leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil. Ba cheart don tacaíocht seo sineirgí a cheadú i dtaca le cineálacha eile sonraí muirí a bhailiú agus a phróiseáil.

---

8 Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail d'fhonn comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.)

9 Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíoch a mhéid a bhaineann sé leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.06.2017, lch. 1).

(25) Ba cheart do CEMI tacú le cur chun feidhme atá bunaithe ar eolas agus le rialachas CBI faoin mbainistíocht dhíreach agus indíreach ach foráil a dhéanamh do chomhairle eolaíoch, córas rialaithe iascaigh don Aontas a fhorbairt agus a chur chun feidhme, Comhairlí Comhairleacha a fheidhmiú agus ranníocaíochtaí saorálacha d'eagraíochtaí idirnáisiúnta.

(26) I bhfianaise na ndúshlán maidir le cuspóirí caomhnaithe CBI a bhaint amach, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le gníomhaíochtaí i ndáil le bainistíocht iascaigh agus cabhlaigh iascaireachta. Sa chomhthéacs sin, ní mór leanúint in amanna den tacaíocht do chabhlaigh a oiriúnú i ndáil le ranna áirithe cabhlaigh agus imchuacha farraige. Ba cheart tacaíocht dá leithéid a dhíriú ar acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe agus ar chothromaíocht a bhaint amach idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil. Dá bhrí sin, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta i ranna cabhlaigh nuair nach bhfuil cothromaíocht idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a bheith ina huirlis de chuid na bpleananna gníomhaíochta chun ranna cabhlaigh inar aithníodh ró-acmhainneacht struchtúrach a choigeartú, mar a fhoráiltear in Airteagal 22(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus ba cheart í a chur chun feidhme trí bhriseadh an tsoithigh iascaireachta nó trína dhíchoimisiúnú nó trína iarfheistiú le haghaidh gníomhaíochtaí eile. I gcás ina gcuirfeadh an t-iarfheistiú sin tuilleadh brú ar éiceachóras na mara de dheasca na hiascaireachta áineasa, níor cheart tacaíocht a dheonú ach amháin dá mbeadh sé i gcomhréir le CBI agus le cuspóirí na bpleananna bliantúla ábhartha. Chun a áirithiú go mbeidh an t-oiriúnú struchtúrach a dhéantar ar chabhlach ag teacht leis na cuspóirí caomhnaithe, ba cheart an tacaíocht do scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta a bheith iomlán coinníollach agus ceangailte le torthaí a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur chun feidhme trí bhíthin maoiniú nach bhfuil nasctha le costais', dá bhforáiltear i Rialachán (AE) [Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna]. Faoi chuimse an tsásra sin, níor cheart don Choimisiún cúiteamh leis na Ballstáit i ngeall ar scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta ar bhonn na bhfíorchostas a tabhaíodh ach ar bhonn na gcoinníollacha a chomhlíonadh agus na dtorthaí a bhaint amach. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún coinníollacha den sórt sin a bhunú le gníomh tarmligthe, ar coinníollacha iad ba cheart a bheith bainteach cuspóirí caomhnaithe CBI.

(27) I bhfianaise luaineacht na ngníomhaíochtaí iascaireachta, d'fhéadfadh cúinsí eisceachtúla caillteanais shuntasacha eacnamaíochta a chruthú d'iascairí. D'fhonn na hiarmhairtí sin a mhaolú, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le cúiteamh ar scor urghnách de ghníomhaíochtaí iascaireachta mar gheall ar bhearta caomhnaithe a chuirtear chun feidhme i.e. pleananna ilbhliantúla, spriocanna maidir le stoic a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe, bearta chun acmhainn iascaireachta na soithí iascaireachta a oiriúnú do na deiseanna iascaireachta atá ar fáil agus bearta teicniúla, mar gheall ar bhearta éigeandála a chuirtear chun feidhme, mar gheall go gcuirtear isteach ar chomhaontú comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm mar gheall ar chúinsí *force majeure*, tubaiste nádúrtha nó eachtra chomhshaoil. Níor cheart tacaíocht a cheadú ach amháin má tá tionchar na gcúinsí sin ar iascairí suntasach, i.e. má chuirtear stop le gníomhaíochtaí tráchtála an tsoithigh lena mbaineann 90 lá as a chéile ar a laghad agus más mó na caillteanais eacnamaíochta mar gheall ar an scor agus 30% de láimhdeachas bliantúil na cuideachta lena mbaineann ar an meán le linn tréimhse sonraithe ama. Ba cheart na sainiúlachtaí a bhaineann le hiascaigh eascann a chur san áireamh sna coinníollacha i ndáil le tacaíocht den sórt sin a bhronnadh.

(28) Soithí iascaireachta faoi bhun 12 mhéadar agus nach n-úsáideann trealamh iascaireachta tarraingthe a dhéanann iascaireacht bheag chósta. Cuimsítear leis an earnáil sin beagnach 75% de na soithí iascaireachta ar fad atá cláraithe san Aontas agus beagnach leath den fhostaíocht ar fad in earnáil an iascaigh. Tá oibreoirí in iascaigh mhionscála chósta ag brath go háirithe ar stoic shláintiúla éisc mar phríomhfhoinse ioncaim. Dá bhrí sin, ba cheart do CEMI tús áite a thabhairt dóibh le ráta déine cabhrach 100%, lena n-áirítear oibríochtaí a bhaineann leis an rialú agus leis an bhforfheidhmiú, agus é mar aidhm aige cleachtais inbhuanaithe iascaireachta a spreagadh. Anuas air sin, ba cheart réimsí áirithe tacaíochta a choimeád don iascaireacht mhionscála i ranna cabhlaigh ina bhfuil cothromaíocht idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil, i.e. tacaíocht chun soitheach athláimhe a fháil agus inneall an tsoithigh a athsholáthar nó a nuachóiriú. Anuas air sin, ba cheart do na Ballstáit plean gníomhaíochta a chur sna cláir don iascaireacht bheag chósta, ba cheart faireachán a dhéanamh ar an bplean ar bhonn na dtáscairí dar socraítear garspriocanna agus spriocanna.

(29) Mar a shonraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta an 24 Deireadh Fómhair 2017 dar teideal ‘Comhpháirtíocht straitéiseach athnuaite níos láidre leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas’[10], tá dúshláin ar leith a bhaineann leis an iargúltacht, an topagrafaíocht agus an aeráid dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh roimh na réigiúin is forimeallaí, agus tá sócmhainní ar leith acu lenar féidir geilleagar gorm a fhorbairt. Dá bhrí sin, i gcás gach ceann de na réigiúin is forimeallaí, ba cheart plean gníomhaíochta i ndáil le hearnáil an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe a fhorbairt, lena n-áirítear saothrú inbhuanaithe iascach agus an dobharshaothraithe, a chur le cláir na mBallstát lena mbaineann agus ba cheart leithdháileadh airgeadais a choimeád chun tacú leis na pleananna gníomhaíochta sin a chur chun feidhme. Chomh maith leis sin, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le cúiteamh a íoc leis na réigiúin is forimeallaí as na costais bhreise a bhíonn orthu mar gheall ar an áit ina bhfuil siad agus mar gheall ar a n-oileánachas. Ba cheart teorainn a chur leis an tacaíocht sin mar chéatadán den leithdháileadh foriomlán airgeadais. Anuas air sin, ba cheart ráta déine cabhrach is airde ná an ráta a bhfuil feidhm aige maidir le hoibríochtaí eile a chur i bhfeidhm sna réigiúin is forimeallaí.

(30) Faoi bhainistíocht chomhroinnte, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais na mara agus an chósta a chosaint agus a athbhunú. Chun na críche sin, ba cheart tacaíocht a bheith ar fáil le haghaidh cúiteamh a íoc le hiascairí a bhailíonn trealamh iascaireachta a cailleadh agus bruscar muirí ón bhfarraige agus le haghaidh infheistíochtaí i gcalafoirt chun saoráidí cuí glactha a chur ar fáil i gcomhair an trealaimh iascaireachta sin a cailleadh agus bruscar muirí. Ba cheart tacaíocht a bheith ar fáil freisin le haghaidh gníomhaíochtaí chun stádas maith comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil sa mhuirthimpeallacht, mar a leagtar amach i dTreoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Treoir Réime um Straitéis Mhuirí’)[11], le haghaidh cur chun feidhme bearta cosanta spásúla arna mbunú de bhun na Treorach sin agus, i gcomhréir leis na creataí gníomhaíochta

---

[10] COM(2017) 623

[11] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

tosaíochta a bhunaítear de bhun Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ('an Treoir maidir le Gnáthóga')[12], le haghaidh bainistiú, athneartú agus faireachán limistéir NATURA 2000 chomh maith le cosaint speiceas faoi Threoir 92/43/CEE agus Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le héin')[13]. Faoin mbainistíocht dhíreach, ba cheart do CEMI tacú le farraigí glana sláintiúla a chur chun cinn agus leis an Straitéis Eorpach um Paistigh sa Gheilleagar Ciorclach a forbraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 16 Eanáir 2016[14], a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an gcuspóir i ndáil le stádas maith comhshaoil a bhaint amach agus a chothú sa mhuirthimpeallacht.

(31) Cuidíonn an t-iascach agus an dobharshaothrú le slándáil an tsoláthair bia agus le cothú san Aontas. Mar sin féin, déanann an tAontas 60% den soláthar ar tháirgí iascaigh a allmhairiú agus dá bhrí sin, tá sé ag brath go mór ar thríú tíortha. Is dúshlán mór é borradh a chur faoin tomhaltas a dhéantar ar phróitéin éisc a tháirgtear san Aontas a bhfuil ardchaighdeáin cáilíochta ag gabháil léi agus atá ar fáil do thomhaltóirí ar phraghsanna réasúnta.

(32) Ba cheart CEMI a bheith in ann tacú leis an dobharshaothrú, lena n-áirítear an dobharshaothrú fionnuisce, a chur chun cinn agus a fhorbairt go hinbhuanaithe, le go saothrófar ainmhithe agus plandaí uisceacha chun bia agus amhábhair eile a tháirgeadh. Tá nósanna imeachta riaracháin casta fós i bhfeidhm i mBallstáit áirithe, amhail deacrachtaí rochtana ar spás agus nósanna imeachta troma ceadúnaithe agus fágann sé sin gur deacair don earnáil feabhas a chur ar íomhá táirgí saothraithe agus ar iomaíochas na dtáirgí. Ba cheart an tacaíocht a bheith ag luí le pleananna náisiúnta straitéiseacha ilbhliantúla don dobharshaothrú arna bhforbairt ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Go háirithe, tacaíocht i ndáil le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, infheistíochtaí táirgiúla, nuálaíocht, sealbhú scileanna gairmiúla, feabhsú dálaí oibre, bearta cúitimh lena soláthraítear talamh criticiúil agus seirbhísí bainistithe nádúir, ba cheart í a bheith incháilithe. Gníomhaíochtaí sláinte phoiblí, scéimeanna árachais do stoic dhobharshaothraithe agus gníomhaíochtaí sláinte agus leasa ainmhithe, ba cheart iad a bheith incháilithe freisin. Mar sin féin, i gcás infheistíochtaí táirgiúla, níor cheart tacaíocht a sholáthar ach trí ionstraimí airgeadais agus trí InvestEU, toisc go gcuireann siad giaráil is airde ar fáil maidir leis na margaí agus dá bhrí sin is fearr iad ná deontais chun dul i ngleic le dúshláin mhaoinithe na hearnála.

(33) Braitheann slándáil an tsoláthair bia ar mhargaí éifeachtúla dea-eagraithe lena gcuirtear feabhas ar thrédhearcacht, cobhsaíocht, cáilíocht agus éagsúlacht i dtaobh an tslabhra soláthair agus lena gcuirtear faisnéis ar fáil do thomhaltóirí. Chun na críche sin, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le margadh an iascaigh agus na dtáirgí dobharshaothraithe i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘Rialachán um Chomheagrú na Margaí’)[15]. Go háirithe, ba cheart tacaíocht a bheith ar fáil le haghaidh eagraíochtaí

---

[12] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.07.1992, lch. 7).

[13] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.01.2010, lch. 7).

[14] COM(2018) 28

[15] Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán

táirgeoirí a bhunú, pleananna táirgeachta agus margaíochta a chur chun feidhme, margaí nua a chur chun cinn agus faisnéis mhargaidh a fhorbairt agus a scaipeadh.

(34) Bíonn ról ag tionscal na próiseála maidir le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a bheith ar fáil agus caighdeán na dtáirgí. Ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le hinfheistíochtaí sonraithe sa tionscal sin, ar choinníoll go dtacaíonn siad le gnóthú cuspóirí CEM. Níor cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil ach amháin trí ionstraimí airgeadais agus trí InvestEU seachas trí dheontais.

(35) Braitheann cruthú post i réigiúin chósta go mór ar an bhforbairt faoi thionchar an phobail a dhéantar ar gheilleagar gorm inbhuanaithe lena dtugtar beocht do chreatlach shóisialta na réigiún sin. Is dócha go gcruthóidh níos fearr le tionscail agus seirbhísí aigéin ná leis an ngeilleagar domhanda agus go gcuirfidh siad go mór leis an bhfostaíocht agus leis an bhfás faoi 2030. Le go mbeidh sé inbhuanaithe, braitheann an fás gorm ar an nuálaíocht agus ar an infheistíocht i ngnólachtaí muirí nua agus sa bhithgheilleagar, lena n-áirítear samhlacha inbhuanaithe turasóireachta, fuinneamh in-athnuaite bunaithe ar na haigéin, longthógáil nuálach ardleibhéil agus seirbhís nua calafoirt, chun poist a chruthú agus feabhas a chur ar an bhforbairt áitiúil san am céanna. Cé gur cheart infheistíocht sa gheilleagar gorm inbhuanaithe a phríomhshruthú ar fud bhuiséad an Aontais, ba cheart do CEMI díriú ar choinníollacha cumasaithe maidir le forbairt ar an ngeilleagar gorm inbhuanaithe agus ar dheireadh a chur le bacainní chun infheistíocht agus forbairt ar mhargaí agus ar theicneolaíochtaí nó seirbhísí nua a éascú. Ba cheart tacaíocht d'fhorbairt an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe a sholáthar tríd an mbainistíocht chomhroinnte, dhíreach agus indíreach.

(36) Braitheann forbairt geilleagair ghoirm inbhuanaithe go láidir ar chomhpháirtíochtaí idir geallsealbhóirí áitiúla a chuireann go mór le beocht phobail agus gheilleagair chósta agus intíre. Ba cheart do CEMI uirlisí a chur ar fáil chun comhpháirtíochtaí dá leithéid a chothú. Chun na críche sin, ba cheart tacaíocht a bheith la fáil le haghaidh forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail faoin mbainistíocht chomhroinnte. Ba cheart do straitéisí den sórt sin borradh a chur faoin éagsúlú eacnamaíoch i gcomhthéacs áitiúil trí iascach agus dobharshaothrú cósta agus intíre a fhorbairt mar aon le geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt. Ba cheart do straitéisí FÁSAP a áirithiú go mbaineann pobail áitiúla leas agus tairbhe as deiseanna a chuireann an geilleagar gorm inbhuanaithe ar fáil, go mbaintear buntáiste as acmhainní comhshaoil, cultúrtha, sóisialta agus daonna agus go ndéantar iad a threisiú. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh gach comhpháirtíocht ag teacht le príomhfhócas a straitéise ach ról agus ionadaíocht chothrom a bheith ag na geallsealbhóirí ar fad ón ngeilleagar gorm inbhuanaithe áitiúil.

(37) Faoin mbainistíocht chomhroinnte, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú leis an ngeilleagar gorm inbhuanaithe ach sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid d'fhonn eolas ar staid na muirthimpeallachta a fheabhsú. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis an tacaíocht sin na riachtanais faoi Threoir 92/43/CEE agus faoi Threoir 2009/147/CE a chomhlíonadh, tacú leis an bpleanáil spásúil mhuirí agus feabhas a chur ar cháilíocht sonraí agus ar roinnt sonraí trí bhíthin an Líonra Eorpaigh um Breathnóireacht agus Sonraí Muirí.

(38) Faoin mbainistíocht dhíreach agus indíreach, ba cheart do CEMI díriú ar na coinníollacha cumasaithe don gheilleagar gorm inbhuanaithe trí rialachas agus

(CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).

bainistíocht chomhtháite an bheartais mhuirí a chur chun cinn, feabhas a chur ar aistriú agus ar ghlacadh taighde, nuálaíocht agus teicneolaíocht sa gheilleagar gorm inbhuanaithe, scileanna muirí a fheabhsú, tuiscint ar na haigéin agus sonraí socheacnamaíocha faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe a roinnt, geilleagar gorm inbhuanaithe ísealcharbóin aeráidseasmhach a chur chun cinn agus tairseach thionscadail agus ionstraimí nuálacha airgeadais a fhorbairt. Ba cheart machnamh cuí a dhéanamh ar chás na réigiún is forimeallaí i ndáil leis na réimsí thuasluaite.

(39) Tá 60% de na haigéin lastall de theorainneacha dlínse náisiúnta. Ciallaíonn sin go bhfuil comhfhreagracht idirnáisiúnta ann. Is fadhbanna trasteorann iad formhór na bhfadhbanna a bhaineann leis na haigéin lena n-áirítear an dúshaothrú, an t-athrú aeráide, an t-aigéadú, an truailliú agus an bhithéagsúlacht atá ag meath agus dá bhrí sin, ní mór freagairt chomhroinnte a thabhairt orthu. Faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, ina bhfuil an tAontas mar Pháirtí faoi Chinneadh 98/392/CE[16] ón gComhairle, bunaíodh neart cearta dlínsiúla, institiúidí agus creataí ar leith chun gníomhaíocht an duine ar na haigéin a rialú agus a bhainistiú. Le blianta beaga anuas, tá comhaontú domhanda ann gur cheart an mhuirthimpeallacht agus gníomhaíochtaí muirí an duine a bhainistiú go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú ar na haigéin atá ag méadú de shíor.

(40) Mar ghníomhaí domhanda, tá an tAontas meáite ar an rialú idirnáisiúnta aigéan a chur chun cinn, i gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 10 Samhain 2016 dar teideal ‘Rialachas idirnáisiúnta aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan’[17]. Is beartas nua é beartas rialachais aigéan an Aontais lena gcumhdaítear na haigéin ar bhealach comhtháite. Ní amháin go bhfuil an rialachas idirnáisiúnta aigéan lárnach maidir leis an gClár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 agus go háirithe i dtaca le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 (‘na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe don fhorbairt inbhuanaithe’) ach tá sé tábhachtach chun farraigí agus aigéin shábháilte, shlána, ghlana a bhainistítear go hinbhuanaithe a chinntiú do na glúine atá le teacht freisin. Ní mór don Aontas seasamh leis na gealltanais idirnáisiúnta sin a thug sé agus bheith ina cheann feadhna maidir le rialachas idirnáisiúnta aigéan níos fearr a dhéanamh ar an leibhéal déthaobhach, réigiúnach agus iltaobhach lena n-áirítear iascaireacht neamhthuairiscthe neamhrialáilte a chosc, a stopadh agus a dhíothú, feabhas a chur ar an gcreat um rialachas idirnáisiúnta aigéan, brú ar na haigéin agus ar na farraigí a laghdú, dálaí a chruthú do gheilleagar gorm inbhuanaithe agus taighde agus sonraí idirnáisiúnta faoi na haigéin a threisiú.

(41) Cuirfidh gníomhaíochtaí faoi CEMI lena gcuirtear an rialachas idirnáisiúnta aigéan chun cinn feabhas ar an gcreat uileghabhálach de phróisis idirnáisiúnta agus réigiúnacha, comhaontuithe, rialacha agus institiúidí chun gníomhaíocht an duine ar na haigéin a rialáil agus a bhainistiú. Ba cheart do CEMI maoiniú a dhéanamh ar shocruithe idirnáisiúnta a rinne an tAontas i réimsí nach gcumhdaítear leis na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIIanna) a bunaíodh le tríú tíortha éagsúla agus ar ranníocaíocht dhlíthiúil ballraíochta an Aontais le

[16] Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 i ndáil le conclúid an Chomhphobail Eorpaigh ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige agus an Comhaontú ón 28 Iúil 1994 a bhaineann le Cuid XI de a chur chun feidhme (IO L 179, 23.06.1998, lch. 1).

[17] JOIN(2016) 49

hEagraíochtaí Réigiúnacha um Bainistíocht Iascaigh (ERBIanna). Leanfar den chistiú a thugtar do CCIIanna agus ERBIanna faoi snáithe éagsúla de bhuiséad an Aontais.

(42) I ndáil leis an tslándáil agus an chosaint, tá cosaint teorainneacha níos fearr agus slándáil mhuirí riachtanach. Faoi Straitéis Slándála Muirí an Aontais a ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh an 24 Meitheamh 2014 agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann léi a glacadh an 16 Nollaig 2014, tá an chomhroinnt faisnéise agus an comhar Garda Teorann agus Cósta Eorpaigh idir an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus an Garda Teorann agus Cósta Eorpach, tá siad an-tábhachtach chun na cuspóirí sin a ghnóthú. Dá bhrí sin, ba cheart do CEMI tacú leis an bhfaireachas muirí agus le comhoibriú an gharda cósta faoin mbainistíocht chomhroinnte agus dhíreach, lena n-áirítear trí bhíthin earraí a cheannach i gcomhair oibríochtaí muirí ilchuspóireacha. Ba cheart dó freisin cead a thabhairt do ghníomhaireachtaí ábhartha tacaíocht a chur chun feidhme i réimse an fhaireachais agus na slándála muirí tríd an 'mbainistíocht indíreach'.

(43) Faoin mbainistíocht chomhroinnte, ba cheart do gach Ballstát clár amháin a ullmhú agus ba cheart don Choimisiún iad a fhaomhadh. I gcomhthéacs an réigiúnaithe agus d'fhonn na Ballstáit a ghríosú chun cur chuige níos straitéisí a ghlacadh agus na cláir á n-ullmhú, ba cheart don Choimisiún anailís a fhorbairt ar gach imchuach farraige lena léirítear na láidreachtaí agus na laigí coitianta i ndáil le cuspóirí CBI a bhaint amach. Ba cheart go mbeadh an anailís sin mar threoir do na Ballstáit agus don Choimisiún araon le linn idirbheartaíocht a dhéanamh ar gach clár agus dúshláin agus riachtanais réigiúnacha á gcur san áireamh. Agus na cláir á meas, ba cheart don Choimisiún na dúshláin chomhshaoil agus shocheacnamaíocha a bhaineann le CBI, feidhmiú socheacnamaíoch an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe, na dúshláin ar leibhéal imchuach farraige, éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus a athchóiriú, bruscar muirí a laghdú agus athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú chuige a chur san áireamh.

(44) Ba cheart measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht thacaíocht CEMI sna Ballstáit ar bhonn táscairí. Ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt faoina ndul chun cinn maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna atá leagtha síos, agus ba cheart don Choimisiún athbhreithniú feidhmíochta a dhéanamh, bunaithe ar na tuarascálacha a ullmhaíonn na Ballstáit, le go mbeifear in ann fadhbanna i ndáil leis an gcur chun feidhme a aithint go luath agus gníomhaíocht cheartaitheach a shocrú. Ba cheart córas faireacháin agus creat meastóireachta a bhunú chun na críche sin.

(45) De bhun mhír 22 agus mhír 23 den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[18], is gá meastóireacht a dhéanamh ar CEMI ar bhonn faisnéis arna bailiú trí cheanglais faireacháin shonracha agus, san am céanna, ró-rialáil agus ualach riaracháin, ar na Ballstáit go háirithe, a sheachaint. Ar na ceanglais sin is féidir a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí CEMI an láthair.

(46) Ba cheart don Choimisiún gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le CEMI, agus a bhaineann le gníomhaíochtaí agus torthaí CEMI, a chur chun feidhme. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar CEMI, ba cheart rannchuidiú

[18] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.05.2016, lch. 1).

freisin le cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a fhad a bhaineann siad le tosaíochtaí CEMI.

(47) I gcomhréir le Rialachán (EU) [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[20], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[21] agus Rialachán (AE) Uimh. 2017/1939 ón gComhairle[22] déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 d'fhéadfadh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle, d'fhéadfadh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh calaois agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23]. I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais] ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i ndáil le CEMI a bhainistiú agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais] agus le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna].

(48) Chun feabhas a chur ar an trédhearcacht maidir le húsáid chistí an Aontais agus maidir leis an mbainistíocht fhónta airgeadais a dhéantar orthu, go háirithe an rialú poiblí ar an airgead a úsáistear a threisiú, ba cheart faisnéis áirithe faoi na hoibríochtaí dá

---

19 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.09.2013, lch. 1).

20 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

21 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 ón gComhairle maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch.1).

22 Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

23 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

dtugtar tacaíocht faoi CEMI a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin de chuid an Bhallstáit i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna]. Nuair a fhoilseoidh Ballstát faisnéis faoi oibríochtaí arna gcistiú faoi CEMI, cloífidh sé leis na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24].

(49) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh agus a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an tairseach thruiceartha agus fad na tréimhse neamh-inghlacthachta i ndáil le critéir inghlactha na n-iarratas, sainiú a dhéanamh ar na coinníollacha a bhaineann leis na bearta caomhnaithe a chur chun feidhme don mhaoiniú nach mbaineann leis an gcostas i ndáil le scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta, sainiú a dhéanamh ar na critéir chun costais bhreise mar gheall ar bhaic ar leith ar na réigiúin is forimeallaí a ríomh, sainiú a dhéanamh ar chásanna neamhchomhlíonta ag na Ballstáit is féidir an sprioc-am íocaíochta a idirbhriseadh mar gheall orthu, sainiú a dhéanamh ar chásanna neamhchomhlíonta thromchúisigh ag na Ballstáit is féidir an íocaíochtaí a chur ar fionraí mar gheall orthu, sainiú a dhéanamh ar na critéir lena mbunaítear leibhéal na gceartuithe airgeadais atá le cur i bhfeidhm agus ar na critéir chun rátaí comhréidhe nó ceartuithe eachtarshuite airgeadais a chur i bhfeidhm, leasú Iarscríbhinn I agus bunú creata faireacháin agus meastóireachta. Chun trasdul rianúil a éascú ón scéim a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] chuig an scéim a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le coinníollacha idirthréimhseacha a bhunú.

(50) D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le cláir feidhmíochta a fhaomhadh agus a leasú, pleananna oibre náisiúnta i dtaobh bailiú sonraí a fhaomhadh agus a leasú, íocaíochtaí a chur ar fionraí agus ceartuithe airgeadais.

(51) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le nósanna imeachta, formáid agus amchláir maidir leis na pleananna oibre náisiúnta i dtaobh bailiú sonraí a chur isteach agus maidir leis na tuarascálacha bliantúla feidhmíochta a thabhairt ar láimh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

24 Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena naisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 04.05.2016, lch. 1).

25 Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.05.2014, lch. 1).

# TEIDEAL I: AN CREAT AIRGEADAIS

## CAIBIDIL I

## Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

*Ábhar*

Bunaítear leis an Rialachán seo an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI). Leagtar síos ann tosaíochtaí CEMI, an buiséid don tréimhse 2021-2027, foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha sonracha maidir le cistiú den chineál sin a sholáthar, agus comhlánfaidh na treoirlínte sin na rialacha ginearálta a bhaineann le CEMI faoi Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna].

*Airteagal 2*

*Raon feidhme geografach*

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hoibríochtaí a dhéantar i gcríoch an Aontais mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

*Airteagal 3*

*Sainmhínithe*

1. Chun críche an Rialacháin seo agus gan dochar do mhír 2, beidh feidhm ag na sainmhínithe dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna].

2. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

   (1) ciallaíonn "oibríocht measctha" gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear laistigh de shaoráidí measctha de bhun Airteagal 2(6) de Rialachán Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais], lena gcomhcheanglaítear foirmeacha neamh-iníoctha tacaíochta agus/nó ionstraimí airgeadais ó bhuiséad an Aontais d'fhoirmeacha iníoctha tacaíochta ó institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile, agus ó institiúidí airgeadais tráchtála agus infheisteoirí;

   (2) ciallaíonn 'Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise' (CISE) timpeallacht córas arna fhorbairt chun tacú le malartú faisnéise idir údaráis a bhfuil baint acu le faireachas muirí thar earnálacha agus thar theorainneacha, ionas go gcuirfear lena bhfeasacht siúd maidir le gníomhaíochtaí ar muir;

   (3) ciallaíon 'garda cósta' údaráis náisiúnta a bhfuil sé de chúram orthu feidhmeanna garda cósta a chomhlíonadh, lena n-áirítear sábháilteacht mhuirí,

slándáil mhuirí, custaim mhuirí, cosc agus díchur ar gháinneáil agus smuigleáil, forfheidhmiú an dlí muirí a bhaineann leis, rialú teorann muirí, faireachas muirí, cosaint an chomhshaoil mhuirí, cuardach agus tarrtháil, freagairt timpiste agus tubaiste, rialú iascaigh agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis na feidhmeanna sin;

(4) ciallaíonn 'Líonra Eorpach um Breathnóireacht agus Sonraí Muirí' (EMODnet) comhpháirtíocht ina gcuirtear sonraí agus meiteashonraí muirí i dtoll a chéile chun go mbeadh fáil níos éasca ag an bpobal agus ag úsáideoirí príobháideacha ar na hacmhainní scoilte sin i dtreo gur féidir leo úsáid a bhaint astu agus déantar sin trí shonraí muirí idir-inoibritheacha, comhchuibhithe agus atá ar cháilíocht dhearbhaithe a chur ar fáil;

(5) ciallaíonn 'iascaireacht thaiscéalaíoch' iascaireacht stoic nach bhfuil iascaireacht déanta air nó nach bhfuil iascaireacht déanta orthu le cineál áirithe trealaimh i rith na ndeich mbliana roimhe sin.

(6) ciallaíonn 'iascaire' aon duine nádúrtha ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála, faoi mar atá aitheanta ag an mBallstát ábhartha;

(7) ciallaíonn "iascaireacht intíre" gníomhaíochtaí iascaireachta chun críocha tráchtála a dhéanann soithí ag feidhmiú dóibh in uiscí intíre nó a dhéanann feistí eile, lena n-áirítear iad siúd a úsáidtear le haghaidh iascaireachta oighir;

(8) ciallaíonn 'rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan' togra de chuid an Aontais chun feabhas a chur ar an gcreat uileghabhálach ina gcuimsítear próisis idirnáisiúnta agus réigiúnacha, comhaontuithe, socruithe, rialacha agus institiúidí trí chur chuige chomhtháite trasearnála riailbhunaithe chun a áirithiú go mbeidh na haigéin folláin, sábháilte, slán, glan agus bainistithe go hinbhuanaitheach.

(9) ciallaíonn' Beartas Muirí ' beartas de chuid an Aontais arb é is aidhm dó cinnteoireacht chomhtháite agus chomhleanúnach a chothú chun forbairt inbhuanaithe, fás eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta na mBallstát a uasmhéadú, agus go háirithe sna réigiún cósta agus oileánach agus sna réigiún is forimeallaí san Aontas, chomh maith le hearnálacha an gheilleagair ghoirm, trí bheartais chomhtháite a bhaineann le cúrsaí muirí agus trí chomhar idirnáisiúnta ábhartha;

(10) ciallaíonn 'slándáil mhuirí agus faireachas muirí' gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh tuiscint a fháil, cosc a chur nuair is gá agus bainistiú cuimsitheach a dhéanamh ar na heachtraí agus na gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an réimse muirí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar réimsí na sábháilteachta muirí, na slándála muirí, forfheidhmithe dlí, cosanta, rialaithe teorann, chosaint an chomhshaoil mhuirí, rialaithe iascaigh, trádála agus leasa eacnamaíoch an Aontais;

(11) ciallaíonn 'pleanáil spásúil mhuirí' próiseas trína ndéanann údaráis an Bhallstáit lena mbaineann anailís ar ghníomhaíochtaí an duine i limistéir mhuirí, agus trína ndéanann siad na gníomhaíochtaí sin a eagrú, d'fhonn cuspóirí éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach;

(12) ciallaíonn 'infheistithe táirgiúla dobharshaothraithe' infheistithe i dtógáil, leathnú, nuachóiriú nó feistiú saoráidí maidir le táirgiú dobharshaothraithe;

(13) ciallaíonn ‘straitéis imchuach farraige’ creat comhtháite chun tabhairt faoi dhúshláin choiteanna i ndáil le cúrsaí muirí agus cúrsaí mara atá roimh na Ballstáit, agus roimh thríú tíortha i gcásanna inarb iomchuí, in imchuach amháin nó in imchuach farraige amháin nó níos mó, agus chun comhar agus comhordú a chur chun cinn d'fhonn comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach; is é an Coimisiúin a fhorbraíonn é i gcomhar leis na tíortha lena mbaineann, a réigiúin agus le geallsealbhóirí eile de réir mar is iomchuí;

(14) ciallaíonn 'iascaireacht chósta ar an mionchóir' iascaireacht arna déanamh ag soithí iascaireachta atá níos giorra ná 12 mhéadar ar an iomlán agus gan trealamh tarraingthe in úsáid acu mar atá liostaithe in Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle[26].

(15) ciallaíonn ‘geilleagar glas inbhuanaithe’ gach gníomhaíocht eacnamaíoch earnála agus trasearnála ar fud an mhargaidh aonair a bhaineann le muirí, cóstaí agus uiscí intíre, a chumhdaíonn na réigiúin is forimeallaí san Aontas agus tíortha talamhiata, lena n-áirítear earnálacha atá ag teacht chun cinn agus earraí agus seirbhísí neamh-mhargaidh agus atá comhsheasmhach le reachtaíocht comhshaoil an Aontais;

*Airteagal 4*

*Tosaíochtaí*

Cuirfidh CEMI le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) agus an bheartais mhuirí. Saothrófar leis na tosaíochtaí seo a leanas:

(1) Iascach inbhuanaithe agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara;

(2) Rannchuidiú le slándáil bia san Aontas trí dhobharshaothrú agus margaí iomaíocha agus inbhuanaithe;

(3) Fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe a éascú agus pobail ráthúla cósta a shaothrú;

(4) Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú agus aigéin agus farraigí folláine, sábháilte, slána, glana agus bainistithe go hinbhuanaitheach a shaothrú.

Cuideoidh tacaíocht faoi bhun CEMI le cuspóirí an Aontais maidir le maolú an athraithe aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin. Rianófar an iniúchóireacht sin i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV.

[26] Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistithe i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 (IO L 409, 30.12.2006, lch. 11).

# CAIBIDIL II

## Creat airgeadais

*Airteagal 5*

*An buiséad*

1. Is é EUR 6 140 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme CEMI don tréimhse 2021 – 2027.

2. Déanfar an chuid den imchlúdach airgeadais atá leithdháilte ar CEMI faoi Theideal II a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos forálacha comhchoiteanna] agus Airteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais].

3. Is é an Coimisiún féin a dhéanfaidh an chuid den imchlúdach airgeadais atá leithdháilte ar CEMI faoi Theideal III a chur chun feidhme go díreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais] nó, ceachtar acu, déanfar í a chur chun feidhme laistigh de Chreat na bainistíochta indírí i gcomhréir le hAirteagal 62(1)(c) den Rialachán sin.

*Airteagal 6*

*Acmhainní buiséadacha faoi bhainistíocht chomhpháirteach*

1. EUR 5 311 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh sa chuid den imchlúdach airgeadais atá faoi bhainistíocht chomhpháirteach, mar a shonraítear i dTeideal II i gcomhréir leis an miondealú bliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

2. Maidir le hoibríochtaí sna réigiúin is forimeallaí, déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann, na suimeanna seo a leanas ar a laghad a leithdháileadh laistigh dá thacaíocht airgeadais an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn V:

   (a) EUR 102 000 000 i gcomhair na nAsór agus Mhaidéara;

   (b) EUR 82 000 000 i gcomhair na nOileán Canárach;

   (c) EUR 131 000 000 i gcomhair Guadalúip, Ghuáin na Fraince, Martinique, Réunion agus Saint-Martin.

3. Ní rachaidh an cúiteamh dá dtagraítear in Airteagal 21 thar 50% de na leithdháiltí dá dtagraítear i bpointe (a), (b) agus (c) de mhír 2.

4. Déanfar 15% ar a laghad de thacaíocht airgeadais an Aontais a leithdháileadh ar limistéir tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 19 agus 20. Féadfaidh Ballstáit nach bhfuil fáil acu ar uiscí an Aontais céatadán níos ísle a chur i bhfeidhm maidir le méid a gcuid tascanna rialaithe agus bailiúcháin sonraí.

5. Tacaíocht airgeadais an Aontais ó CEMI a leithdháiltear in aghaidh an Bhallstáit ar limistéir tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus 18, ní rachaidh sé thar an tairseach is airde den dá thairseach seo a leanas:

(a) EUR 6 000 000; nó

(b) 10 % de thacaíocht airgeadais an Aontais a leithdháiltear ar gach Ballstát.

6. I gcomhréir le hAirteagal 30 go hAirteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna], féadfaidh CEMI tacaíocht a thabhairt do chúnamh teicniúil maidir le riarachán éifeachtach a dhéanamh ar an gciste agus úsáid cheart a bhaint as ar thionscnamh Ballstáit.

*Airteagal 7*

*Dáileadh airgeadais le haghaidh an bhainistithe chomhpháirtigh*

Leagtar amach na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh ghealltanais na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 6(1) don tréimhse 2021 go 2027 sa tábla in Iarscríbhinn V.

*Airteagal 8*

*Acmhainní buiséadacha faoi bhainistíocht dhíreach*

1. EUR 829 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh sa chuid den imchlúdach airgeadais atá faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, mar a shonraítear i dTeideal III.

2. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnaimh theicniúil agus chúnamh riaracháin chun CEMI a chur chun feidhme, cuir i gcás gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha.

Go háirithe, ar thionscnamh an Choimisiúin, féadfaidh CEMI tacú leis na bearta seo a leanas, faoi réir na huasteorann 1.7 % den imchlúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1):

(a) cúnaimh theicniúil chun an Rialachán seo a chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna];

(b) ullmhúchán, faireachán agus measúnú ar comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe agus ar rannpháirtíocht an Aontais in eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh;

(c) gréasán Eorpach de Ghrúpaí Áitiúla Gníomhaíochta a bhunú.

3. Seasfaidh CEMI costais na ngníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

# CAIBIDIL III

# (‘an Clár’).

*Airteagal 9*

*Clárú le haghaidh beart arna maoiniú faoi bhainistíocht chomhpháirteach*

1. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna], ullmhóidh gach Ballstát aon chlár amháin chun na tosaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4 a chur chun feidhme.

2. Déanfar tacaíocht faoi Theideal II a eagrú feadh na limistéar tacaíochta a leagtar síos in Iarscríbhinn II.

3. Sa bhreis ar na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 17 de [Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], áireofar sa chlár na nithe seo leanas:

(a) anailís ar an gcás i dtéarmaí láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí agus sainaithint na riachtanas a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu sa limistéar geografach atá cumhdaithe faoin gclár, lena n-áirítear imchuacha farraigí, i gcás inarb ábhartha;

(b) plean gníomhaíochta maidir le hiascaireacht chósta ar mhionscála dá dtagraítear in Airteagal 15;

(c) i gcás inarb infheidhme, na pleananna gníomhaíochta maidir leis na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear i mír 4.

4. Mar chuid dá gclár, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann plean gníomhaíochta a ullmhú le haghaidh gach ceann dá réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 6(2), lena leagfar síos na nithe seo a leanas:

(a) straitéis maidir leis an saothrú inbhuanaithe iascach agus forbairt an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe

(b) tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe agus na hacmhainní airgeadais comhfhreagracha, lena n-airítear:

(i) tacaíocht struchtúrtha don earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe faoi Theideal II:

(ii) cúiteamh na gcostas breise dá dtagraítear in Airteagal 21;

(iii) infheistíochtaí eile sa gheilleagar gorm inbhuanaithe is gá chun forbairt inbhuanaithe cois cósta a bhaint amach.

5. Déanfaidh an Coimisiún anailís a fhorbairt do gach imchuach farraige a léireoidh láidreachtaí agus laigí coiteanna an imchuacha farraige chéanna maidir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh a bhaint amach, dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. I gcás inarb infheidhme, cuirfear san áireamh leis an anailís seo na straitéisí imchuacha farraige agus macrairéigiúnacha.

6. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gclár i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna]. Ina

mheasúnú, déanfaidh an Coimisiún, na nithe seo a leanas a chur san áireamh, go háirithe:

(a) rannchuidiú an chláir leis na tosaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4 a uasmhéadú;

(b) an chothromaíocht idir acmhainn iascaireachta na gcabhlach agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil, mar a thuairiscíonn na Ballstáit go bliantúil de réir Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(c) i gcás inarb infheidhme, na pleananna bainistíochta ilbhliantúla arna nglacadh faoi Airteagal 9 agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, na pleananna bainistíochta arna nglacadh faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle agus na moltaí ó eagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh, i gcás inarb infheidhme maidir leis an Aontas;

(d) cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(e) an fhianaise is déanaí maidir le feidhmíocht shocheacnamaíoch an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe, agus go háirithe earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe;

(f) i gcas inarb infheidhme, na hanailísí dá dtagraítear i mír 5;

(g) rannchuidiú an chláir le caomhnú agus athshlánú éiceachóras mara, agus beidh an tacaíocht a bhaineann le limistéir Natura 2000 i gcomhréir le creataí gníomhaíochta tosaíochta arna n-ullmhú de bhun Threoir 92/43/CEE;

(h) rannchuidiú an chláir le bruscar muirí a chosc, i gcomhréir le Treoir xx/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Treoir maidir le tionchar táirgí plaisteacha áirithe ar an timpeallacht a laghdú][27];

(i) rannchuidiú an chláir le maolú an athraithe aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin.

7. Faoi réir Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh.[Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], déanfaidh an Coimisiún an clár a fhormheas trí bhíthin gnímh chur chun feidhme. Déanfaidh an Coimisiún an clár a bheartaítear a fhormheas ar choinníoll gur cuireadh an fhaisnéis is gá faoina bhráid.

8. Faoi réir Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], déanfaidh an Coimisiún an clár a fhormheas trí bhíthin gnímh chur chun feidhme.

### *Airteagal 10*

### *Clárú do thacaíocht faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach*

Déanfar Teidil III a chur chun feidhme trí bhíthin clár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i dtaca le buiséad ginearálta an Aontais]. Leagfar amach sna cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh na n-oibríochtaí measctha dá dtagraítear in Airteagal 47.

[27] OI […], […], p. […].

# TEIDEAL II: TACAÍOCHT FAOI BHAINISTIÚ COMHROINNTE

## CAIBIDIL I

## Prionsabail ghinearálta tacaíochta

*Airteagal 11*

*Státchabhair*

1. Gan dochar do mhír 2, beidh feidhm ag Airteagal 107, ag Airteagal 108 agus ag Airteagal 109 den Chonradh maidir le cabhair arna deonú ag na Ballstáit d'fhiontair in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe.
2. Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 107, ag Airteagal 108 agus ag Airteagal 109 maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit de bhun an Rialacháin seo agus a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 den Chonradh.
3. Forálacha náisiúnta lena mbunaítear maoiniú poiblí a théann thar fhorálacha an Rialacháin seo maidir le híocaíochtaí, dá dtagraítear i mír 2, déanfar iad a láimhseáil ina n-iomláine ar bhonn mhír 1.

*Airteagal 12*

*Inghlacthacht iarratas*

1. Ní bheidh aon iarratas a thíolacann tairbhí le haghaidh tacaíochta ó CEMI inghlactha ar feadh tréimhse sainaitheanta ama a leagtar síos de bhun mhír 4, má chinn údarás inniúil go bhfuil an tairbhí lena mbaineann tar éis na nithe seo a leanas a dhéanamh:
   (a) sárú tromchúiseach déanta acu faoi Airteagal 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008[28] nó faoi Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle nó faoi reachtaíocht eile a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle;
   (b) go raibh siad páirteach in oibriú, i mbainistiú nó in úinéireacht soithí iascaireachta atá ar áireamh i liosta soithí a leagtar amach in Airteagal 40(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 nó soithigh a bhfuil bratach air de chuid tríú tíortha neamh-chomhoibritheacha a leagtar amach in Airteagal 33 den Rialachán sin; nó
   (c) aon cheann de na cionta comhshaoil atá leagtha amach in Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

[28] Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

gComhairle[29] déanta acu, má dhéantar an t-iarratas ar thacaíocht faoi Airteagal 23.

2. Leanfaidh an tairbhí de na coinníollacha inghlacthachta dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, tar éis an t-iarratas a chur isteach agus le linn thréimhse iomlán chur chun feidhme na hoibríochta agus ar feadh cúig bliana tar éis na híocaíochta deiridh leis an tairbhí sin.

3. Gan dochar do rialacha níos forleithne mar a comhaontaíodh sa chomhaontú Comhpháirtíochta leis an mBallstát lena mbaineann, ní bheidh aon iarratas a thíolacann tairbhí inghlactha ar feadh tréimhse sainaitheanta ama a leagtar síos de bhun mhír 4 má chinn údarás inniúil go bhfuil calaois déanta ag an tairbhí sin, mar a shainítear in Airteagal 3 de Threoir 2017/1371/EU ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30].

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 52 maidir le na nithe seo a leanas:

(a) an tairseach chur i ngníomh agus an tréimhse ama neamh-inghlacthachta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3 a shainaithint, a bheidh comhréireach le cineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh na sáruithe tromchúiseacha nó na gcionta tromchúiseacha nó na calaoise tromchúisí, agus bliain amháin ar a laghad a bheidh sa tréimhse sin;

(b) dátaí ábhartha tosaithe nó críochnaithe na tréimhse dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3.

5. Ceanglóidh na Ballstáit ar thairbhithe a bhfuil iarratas á chur isteach acu faoi CEMI go soláthróidh siad deimhniú sínithe don údarás bainistíochta lena ndearbhaítear go bhfuil na critéir atá liostaithe i mír 1 agus mír 3 á n-urramú acu. Deimhneoidh na Ballstáit fírinneacht an dearbhaithe roimh fhormheas na hoibríochta, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil i gcomhréir le clár náisiúnta na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 93 den Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, nó ar shonraí eile atá ar fáil.

Chun críocha an fhíorúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfidh Ballstát ar fáil, arna iarraidh sin do Bhallstát eile, faisnéis atá ina chlár náisiúnta de sháruithe dá dtagraítear in Airteagal 93 de Rialachán (CE) Uimhir 1224/2009.

*Airteagal 13*

*Oibríochtaí neamh-incháilithe*

Ní bheidh na hoibríochtaí seo a leanas incháilithe faoi CEMI:

***(a)*** oibríochtaí lena méadaítear acmhainn iascaireachta soithigh, nó lena dtacaítear le héadáil trealaimh a mhéadaíonn cumas an tsoithigh teacht ar éisc;

***(b)*** soithí nua iascaireachta a thógáil nó a allmhairiú, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo;

29 Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 06.12.2008, lch. 28).

30 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.07.2017, lch. 29).

*(c)* soithí iascaireachta a aistriú go tríú tíortha nó soithí a aistriú go clár loingseoireachta tríú tíortha, lena n-áirítear trí chomhfhiontair a chruthú le comhpháirtithe na dtíortha sin;

*(d)* scor sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta, mura ndéantar foráil don mhéid sin go sonrach sa Rialachán;

*(e)* iascaireacht thaiscéalaíoch;

*(f)* aistriú úinéireachta ar ghnóthas;

*(g)* athstocáil dhíreach, mura bhfuil foráil déanta dó go sainráite mar bheart caomhantais i gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais nó i gcás athstocála trialaí;

*(h)* calafoirt nua, láithreáin nua ag a gcuirtear iasc i dtír nua nó hallaí ceantála nua a thógáil.

(i) sásraí idirghabhála margaidh arb é is aidhm dóibh táirgí iascaigh nó dobharshaothraithe a tharraingt siar ón margadh d'fhonn an soláthar a laghdú ionas nach dtitfeadh praghsanna nó chun cur le praghsanna d'aon turas; ag teacht as sin, oibríochtaí stórála i slabhra lóistíochta a mbeadh an tionchar céanna acu go beartaithe nó go neamhbheartaithe;

(j) infheistíochtaí ar bord soithí iascaireachta atá riachtanach chun go gcomhlíonfar na ceanglais faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear ceanglais faoi oibleagáidí an Aontais i gcomhthéacs eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh;

(k) infheistíochtaí ar bord soithí iascaireachta a rinne gníomhaíocht iascaireachta inar caitheadh 60 lá in aghaidh na bliana ar a laghad ar muir le linn an dá bhliain féilire roimh dháta chur isteach an iarratais ar thacaíocht.

# CAIBIDIL II

## Tosaíocht 1: Iascach inbhuanaithe agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara a chothú;

### ROINN 1

### COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 14*

*Raon feidhme ginearálta na tacaíochta*

1. Rannchuideoidh tacaíocht faoin gCaibidil seo leis na sainchuspóirí maidir le cúrsaí comhshaoil, cursaú eacnamaíochta, cúrsaí sóisialta agus cúrsaí fostaíochta a bhaint amach mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

2. I gcás ina ndeontar an tacaíocht faoin gcaibidil seo do shoitheach, ní aistreofar an soitheach sin lasmuigh den Aontas ná ní aistreofar go clár loingseoireachta eile é le linn na gcúig bliana ar a laghad tar éis íocaíocht deiridh an oibríocht ar tugadh tacaíocht di.

3. Ina theannta sin, beidh tacaíocht faoin gCaibidil seo infheidhme maidir le hiascaireacht intíre, cé is moite d'Airteagal 15 agus Airteagal 17.

## ROINN 2

## IASCAIREACHT CHÓSTA AR AN MIONCHÓIR

*Airteagal 15*

*Plean gníomhaíochta CEMI don iascaireacht chósta ar an mionchóir*

1. Mar chuid dá gclár, déanfaidh na Ballstáit plean gníomhaíochta a ullmhú i ndáil le hiascaireacht chósta ar an mionchóir ina leagfar amach straitéis chun iascaireacht chósta ar an mionchóir a fhorbairt a bheidh bhrabúsach agus inbhuanaithe. I gcás inarb infheidhme, déanfar an straitéis seo a struchtúrú mar a leanas:

(a) an acmhainneacht iascaireachta a choigeartú agus a bhainistiú

(b) cleachtais iascaireachta inbhuanaithe ísealcharbóin atá athléimneach i gcoinne athrú na haeráide agus a dhéanann an damáiste is lú is féidir don mhuirthimpeallacht a chur chun cinn;

(c) atreisiú ar shlabhra breisluacha na hearnála agus straitéisí margaíochta a chur chun cinn;

(d) scileanna, eolas, nuálaíocht agus fothú acmhainní a chur chun cinn;

(e) sláinte, sábháilteacht agus dálaí oibre ar bord soithí iascaireachta a fheabhsú;

(f) comhlíonadh níos fearr le ceanglais maidir le bailiú sonraí, inrianaitheacht, faireachán, rialú agus faireachas;

(g) rannpháirtíocht i mbainistiú rannpháirteach an spás muirí, lena n-áirítear Limistéar Muirí faoi Chosaint agus limistéir Natura 2000;

(h) éagsúlú gníomhaíochtaí sa gheilleagar gorm inbhuanaithe i gcoitinne;

(i) comheagrú agus rannpháirtíocht sa phróiseas cinnteoireachta agus sa phróiseas comhairleach.

2. Cuirfear san áireamh leis an bplean gníomhaíochta treoirlínte deonacha na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta chun an t-iascach inbhuanaithe ar an mionchóir a chinntiú, agus, i gcás inarb iomchuí, an plean réigiúnach le haghaidh iascach ar mhionscála ón gCoimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir.

3. Chun críche chur chun feidhme na straitéise dá dtagraítear i mír 1, bunófar, leis an bplean gníomhaíochta, phríomhchéimeanna agus spriocanna sonracha atá nasctha le táscairí ábhartha arna leagan amach faoin gcreat faireacháin agus meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 37.

*Airteagal 16*

*Infheistíochtaí i soithí iascaireachta cósta ar an mionchóir*

1. Féadfaidh CEMI tacú leis na hinfheistíochtaí seo a leanas maidir le soithí iascaireachta ar an mionchóir a bhaineann le roinn chabhlaigh lenar léirigh an tuarascáil is déanaí ar acmhainneacht iascaireachta, dá dtagraítear in Airteagal 22(2)

de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, go ndearnadh cothromú leis na deiseanna iascaireachta atá ar fáil don roinn sin:

(a) cás ina bhfaigheann iascaire óg soitheach iascaireachta den chéad uair agus é faoi bhun 40 bliain d'aois tráth a chuireann sé isteach an t-iarratas agus a bhfuil cúig bliana oibre ar a laghad curtha de aige mar iascaire nó a bhfuil gairmcháilíocht leordhóthanach bainte amach aige;

(b) príomhinneall nó inneall coimhdeach a ionadú nó a nuachóiriú.

2. Déanfar na soithí dá dtagraítear i mír 1 a fheistiú i le haghaidh iascaireacht mhara agus beidh siad idir 5 agus 30 bliain d'aois.

3. Ní dheonófar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1(b) ach amháin ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní mó an chumhacht in kW a bheidh san inneall nua nó nuachóirithe ná a bhí sa seancheann;

(b) má laghdaítear acmhainn iascaireachta in kW mar thoradh ar ionadú nó nuachóiriú príomhinnill nó innill choimhdigh, baintear an laghdú sin go buan de chlár shoithí iascaireachta an Aontais;

(c) Déanfaidh an Ballstát cigireacht fhisiceach ar chumhacht innill an tsoithigh iascaireachta lena áirithiú nach sáróidh sé an chumhacht innill sin atá luaite sa cheadúnas iascaireachta.

4. Ní dhéanfar tacaíocht a dheonú faoin Airteagal seo murar ullmhaíodh an measúnú ar an gcothromú idir acmhainn iascaireachta agus deiseanna iascaireachta sa tuarascáil is déanaí dá dtagraítear in Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an roinn chabhlaigh a bhfuil na soithí lena mbaineann mar chuid de, murar ullmhaíodh an measúnú sin ar bhonn na dtáscairí bitheolaíocha, eacnamaíocha agus ar bhonn na dtáscairí úsáide soithigh a leagtar amach sna treoracha coiteanna dá dtagraítear sa Rialachán sin.

## ROINN 3

## RÉIMSÍ SONRACHA TACAÍOCHTA

*Airteagal 17*

*Bainistiú iascaigh agus cabhlach iascaireachta*

1. Féadfaidh CEMI tacú le hoibríochtaí i ndáil le bainistiú iascaigh agus cabhlach iascaireachta.

2. Má dheonaítear an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 trí scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta a chúiteamh, déanfar na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) tá an scor buan réamh-mheasta mar uirlis de chuid phlean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 22(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(b) cuirtear an scor buan i gcrích tríd an soitheach iascaireachta a bhriseadh nó a chur as feidhm agus a iarfheistiú i gcomhair gníomhaíochtaí eile seachas iascaireacht tráchtála, agus na bearta sin fós ar aon dul le cuspóirí CBI agus pleananna ilbhliantúla;

(c) úinéirí soithí iascaireachta an Aontais a cláraíodh mar shoithí gníomhacha agus a rinne gníomhaíocht iascaireachta inar caitheadh 120 lá ar a laghad ar muir le linn an dá bhliain féilire roimh dháta chur isteach an iarratais ar thacaíocht;

(d) déantar an acmhainn iascaireachta choibhéiseach a bhaint go buan de chlár loingseoireachta an Aontais agus déantar na ceadúnais agus údaruithe iascaireachta a tharraingt siar go buan, i gcomhréir le hAirteagal 22(5) agus (6) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013; agus

(e) ní fhéadfaidh tairbhí soitheach iascaireachta nua a chlárú laistigh de chúig bliana tar éis an tacaíocht sin a fháil.

3. Déanfar an tacaíocht don scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta dá dtagraítear i mír 2 a chur i bhfeidhm trí mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais, i gcomhréir le hAirteagal 46(a) agus le hAirteagal 89 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], agus beidh an tacaíocht bunaithe ar na nithe seo a leanas:

(a) coinníollacha a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 46(a) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna]; agus

(b) torthaí a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagal 46(a)(ii) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna].

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 52, lena leagtar síos na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (a), a bhainfidh le cur chun feidhme bearta caomhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

4. Ní dhéanfar tacaíocht a dheonú faoi mhír 2 murar ullmhaíodh an measúnú ar an gcothromú idir acmhainn iascaireachta agus deiseanna iascaireachta sa tuarascáil is déanaí dá dtagraítear in Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an roinn chabhlaigh a bhfuil na soithí lena mbaineann mar chuid de, murar ullmhaíodh an measúnú sin ar bhonn na dtáscairí bitheolaíocha, eacnamaíocha agus ar bhonn na dtáscairí úsáide soithigh a leagtar amach sna treoracha coiteanna dá dtagraítear sa Rialachán sin.

*Airteagal 18*

*Scor buan urghnách gníomhaíochtaí iascaireachta*

1. Féadfaidh CEMI tacú le cúiteamh as an scor urghnách iascaireachta arb é is cúis leis ceann de na nithe seo a leanas:

(a) Bearta caomhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 7(1), i bpointí (a), (b), (c) agus (j) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nó bearta caomhnaithe coibhéiseacha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh, i gcás inarb infheidhme maidir leis an Aontas;

(b) bearta an Choimisiúin i gcás bagairt thromchúiseach ar acmhainní bitheolaíocha na mara, dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(c) cur isteach de dheasca cúiseanna force majeure ar iarratas ar chomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe nó aon phrótacal a ghabhann leis; nó

(d) tubaistí nádúrtha nó teagmhais aeráide a d'aithin go foirmiúil údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann.

2. ní dheonófar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) cás ina gcuirtear stop le gníomhaíochtaí trádála an tsoithigh lena mbaineann ar feadh 90 lá as a chéile; agus

(b) cás nach ionann an caillteanas a thagann as an scor agus níos mó ná 25 % de láimhdeachas bliantúil an ghnóthais lena mbaineann, arna ríomh ar bhonn mheánláimhdeachas an ghnóthais sna trí bliana féilire roimhe sin.

3. Ní dheonófar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 ach amháin do na daoine seo a leanas:

(a) úinéirí soithí iascaireachta a cláraíodh mar shoithí gníomhacha agus a rinne gníomhaíocht iascaireachta inar caitheadh 120 lá ar a laghad ar muir le linn gach ceann de na trí bliana féilire roimh bhliain chur isteach an iarratais ar thacaíocht; nó

(b) iascairí a d'oibrigh ar feadh 120 lá ar a laghad ar bord soithigh iascaireachta de chuid an Aontais lena mbaineann an scor urghnách le linn an dá bhliain roimh dháta chur isteach an iarratais ar thacaíocht.

Ní bheidh feidhm ag líon na laethanta ar muir dá dtagraítear sa mhír seo maidir le hiascaigh eascanna.

4. Féadfar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dheonú ar feadh uastréimhse sé mhí in aghaidh gach soithigh le linn na tréimhse ó 2021 agus 2027.

5. Cuirfear na gníomhaíochtaí uile iascaireachta a dhéanann an soitheach iascaireachta lena mbaineann nó a dhéanann na hiascairí lena mbaineann ar fionraí go héifeachtach le linn na tréimhse a bhaineann leis an scor. Féachfaidh an t-údarás inniúil chuige go n-éireoidh an soitheach iascaireachta as aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse a bhaineann leis an scor urghnách agus go seachnófar an róchúiteamh i gcás ina n-úsáidfí an soitheach chun críocha eile.

*Airteagal 19*

*Rialú agus forfheidhmiú*

1. Féadfaidh CEMI tacú le forbairt agus cur chun feidhme córas rialaithe iascaigh de chuid an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus mar a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle.

2. De mhaolú ar Airteagal 13(a), féadfar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 na nithe seo a leanas a chuimsiú:

(a) ceannach agus suiteáil ar shoithí comhpháirteanna atá riachtanach le haghaidh rianú éigeantach soithí agus córas tuairiscithe leictreonach a úsáidtear chun críocha rialaithe, i gcás soithí iascaireachta cósta ar an mionchóir;

(b) ceannach agus suiteáil ar shoithí comhpháirteanna atá riachtanach le haghaidh córas cianfhaireacháin leictreonach a úsáidtear chun cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(c) ceannach agus suiteáil ar shoithí gléasanna le haghaidh tomhas leanúnach éigeantach agus chun cumhacht tiomána innill a thaifeadadh.

3. Ina theannta sin, is féidir go gcuideoidh an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 leis an bhfaireachas muirí dá dtagraítear in Airteagal 28 agus go gcuideoidh sé leis an gcomhar Eorpach i ndáil le feidhmeanna carda cósta dá dtagraítear in Airteagal 29.

4. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dheonú d'oibríochtaí a dhéantar lasmuigh de chríoch an Aontais freisin.

*Airteagal 20*

*Tiomsú agus próiseáil sonraí i mbainistiú iascaigh agus chun críocha na heolaíochta*

1. Féadfaidh CEMI tacú le tiomsú, bainistiú agus le húsáid sonraí ar mhaithe le bainistiú iascaigh agus chun críocha eolaíochta, dá bhforáiltear le hAirteagal 25(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus a shonraítear sa bhreis air sin i Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004, bunaithe ar na pleananna oibre náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004.

2. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dheonú d'oibríochtaí a dhéantar lasmuigh de chríoch an Aontais freisin.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir le nósanna imeachta, formáidí agus tráthchláir i ndáil leis na pleananna oibre réigiúnacha a chur faoina bhráid dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 53(2).

4. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena bhformheastar nó lena leasaítear na pleananna oibre dá dtagraítear i mír 1 faoin 31 Nollaig an bhliain roimh an mbliain a mbeidh feidhm ag an bplean oibre uirthi.

*Airteagal 21*

*Cúiteamh ar chostais bhreise sna réigiúin is forimeallaí le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe*

1. Féadfaidh CEMI tacú le cúiteamh na gcostas breise a thabhaíonn na hoibreoirí le linn iascaireacht, fheirmeoireacht, phróiseáil agus mhargú táirgí áirithe iascaigh agus dobharshaothraithe ó na réigiúin fhorimeallacha a chumhdaítear faoi Airteagal 6(2).

2. Déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann, i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos de réir mír 7, an liosta de tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus cainníocht na dtáirgí sin atá incháilithe do chúiteamh a chinneadh do na réigiúin dá dtagraítear i mír 1.

3. Agus an liosta agus na cainníochtaí dá dtagraítear i mír 2 á mbunú acu, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na tosca ábhartha ar fad, go háirithe an gá lena áirithiú go bhfuil an cúiteamh ag luí go hiomlán le rialacha an Chomhbheartais Iascaigh.

4. Ní dheonófar an cúiteamh le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe:

(a) a ghabhann soithí tríú tír, cé is moite de shoithí iascaireachta faoi bhratach Veiniséala a oibríonn in uiscí an Aontais, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2015/1565 ón gComhairle[31];

(b) a ghabhann soithí iascaireachta an Aontais nach bhfuil cláraithe i gcalafort i gceann amháin de na réigiúin dá dtagraítear i mír 1;

(c) a allmhairítear ó thríú tíortha.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 (b) má sháraíonn acmhainn reatha an tionscail phróiseála sa réigiún is forimeallaí lena mbaineann cainníocht an amhábhair arna sholáthar.

6. Chun an róchúiteamh a sheachaint maidir leis an gcúiteamh a íocfar do na tairbhithe ata i mbun gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 sna réigiúin is imeallaí nó a bhfuil soitheach ina seilbh acu atá cláraithe i gcalafort sna réigiúin sin, cuirfear san áireamh na nithe seo a leanas:

(a) (a) na costais bhreise a bhaineann le gach táirge iascaigh nó dobharshaothraithe nó le gach catagóir táirgí a thig ó mhíbhuntáistí sonracha na réigiún lena mbaineann; agus

(b) aon chineál eile idirghabhála poiblí a dhéanann difear do leibhéal na gcostas breise.

7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 52 lena leagtar síos na critéir maidir le ríomh na gcostas breise a eascraíonn as míbhuntáistí sonracha na réigiún lena mbaineann.

*Airteagal 22*

*Cosaint agus athbhunú bhithéagsúlacht na mara agus éiceachórais na mara*

1. Féadfaidh an CEMI tacú le gníomhaíochtaí maidir le cosaint agus athshlánú bithéagsúlachta muirí agus cósta agus na n-éiceachóras , lena n-áirítear in uiscí intíre.

2. D'fhéadfadh sé go gcuimseofar na nithe seo a leanas leis an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1:

(a) cúitimh d'iascairí i dtrealamh iascaireachta caillte agus bruscar muirí a bhailiú ón muir;

(b) infheistíochtaí i gcalafoirt chun saoráidí glactha a sholáthar le haghaidh trealamh iascaireachta caillte agus bruscar muirí a bhailiú ón muir;

(c) gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh dea-stádas comhshaoil sa mhuirthimpeallacht a bhaint amach, mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Threoir 2008/56/CE;

(d) cur chun feidhme na mbeart um chosaint spásúil arna nglacadh de bhun Airteagal 13(4) de Threoir 2008/56/CE;

(e) bainistiú, athshlánú agus faireachán maidir le limistéir Natura 2000 i gcomhréir le creataí gníomhaíochta tosaíochta arna mbunú de bhun Threoir 92/43/CEE;

[31] Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2015, maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar dheonú deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais do shoithí iascaireachta faoi bhratach Phoblacht Bholavarach Veiniséala sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince (IO L 244, 14.09.2015, lch. 55).

(f) Cosaint speiceas faoi Threoir 92/43/CEE agus faoi Threoir 2009/147/CE, i gcomhréir le creataí gníomhaíochta tosaíochta arna mbunú de bhun Threoir 92/43/CEE;

# CAIBIDIL III

## Tosaíocht 2: Rannchuidiú le slándáil bia san Aontas tríd an dobharshaothrú agus trí mhargaí iomaíocha agus inbhuanaithe

*Airteagal 23*

*An dobharshaothrú*

1. Féadfaidh CEMI tacú le cur chun cinn dobharshaothraithe inbhuanaithe dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013; Féadfaidh sé tacú freisin le sláinte agus leas ainmhithe sa dobharshaothrú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] agus le Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33].
2. Beidh an tacaíocht faoi mhír 1 comhleanúnach leis an bplean straitéiseach náisiúnta ilbhliantúil chun dobharshaothrú a fhorbairt dá dtagraítear in Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.
3. Ní féidir tacú le hinfheistíochtaí táirgiúla dobharshaothraithe faoin Airteagal seo ach amháin trí na hionstraimí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna] agus trí InvestEU, i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin.

*Airteagal 24*

*Margaíocht na dtáirgí iascaireachta agus na dtáirgí dobharshaothraithe*

Féadfaidh CEMI tacú le gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí chomheagraíocht na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe dá bhforáiltear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus a shonraítear sa bhreis air sin i Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013. Ina theannta sin, féadfaidh sé tacú le gníomhaíochtaí a chuireann chun cinn margaíocht, cáilíocht agus breisluach táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe.

---

32 Rialachán (AE) Uimh. 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") (IO L 84, 31.03.2016, lch. 1).

33 Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí, lena leasaítear Treoir 98/56/CE, Treoir 2000/29/CE agus Treoir 2008/90/CE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 66/399/CEE, Cinneadh 76/894/CEE agus Cinneadh 2009/470/CE ón gComhairle (IO L 189, 27.06.2014, lch. 1).

*Airteagal 25*

*Próiseáil na dtáirgí iascaireachta agus na dtáirgí dobharshaothraithe*

1. Féadfaidh CEMI tacú le hinfheistíochtaí i bpróiseáil na dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe. Beidh an tacaíocht sin ina rannchuidiú le cuspóirí chomheagraíocht na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe dá bhforáiltear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus a shonraítear sa bhreis air sin i Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013.

2. Ní dheonófar tacaíocht faoin Airteagal seo ach amháin trí na hionstraimí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna] agus trí InvestEU, i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin.

# CAIBIDIL IV

# Tosaíocht 3: An fás sa gheilleagar gorm inbhuanaithe a éascú agus pobail ráthúla a chothú cois cósta

*Airteagal 26*

*An fhorbairt áitiúil agus í faoi stiúir an phobail*

1. Tabharfaidh CEMI tacaíocht d'fhorbairt geilleagar áitiúil agus pobal áitiúil le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail mar atá leagtha amach in Airteagal 25 de [Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna].

2. Chun críche tacaíocht ó CEMI, déanfaidh na straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna], déanfaidh siad a áirithiú go mbainfidh pobail áitiúla leas agus tairbhe níos fearr as na deiseanna a bhaineann leis an ngeilleagar gorm inbhuanaithe.

*Airteagal 27*

*Eolas faoi chúrsaí na mara*

Feadfaidh CEMI tacú le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis maidir le staid na muirthimpeallachta, d'fhonn na spriocanna seo a leanas a bhaint amach:

(a) ceanglais a chomhlíonadh maidir le faireacháin agus ainmniú agus bainistiú láithreáin faoi Threoir 92/43CEE agus faoi Threoir 2009/147/CE;

(b) Tacaíocht a thabhairt do phleanáil spásúil mhuirí dá dtagraítear i dTreoir 2014/89/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34];

[34] Treoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear bunaíodh creat do phleanáil spásúil mhuirí (IO C 257, 28.08.2014, lch. 135).

(c) Feabhas a chur ar cháilíocht agus comhroinnt sonraí tríd an Líonra Eorpach um Breathnóireacht agus Sonraí Muirí (EMODnet).

# CAIBIDIL V

## Tosaíocht 4: Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú agus aigéin agus farraigí folláine, sábháilte, slána, glana a áirithiú a mbeidh bainistithe inbhuanaithe á dhéanamh orthu

*Airteagal 28*

*An faireachas mara*

1. Féadfaidh CEMI tacú le gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí na timpeallachta chomónta um chomhroinnt faisnéise.

2. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dheonú d'oibríochtaí a dhéantar lasmuigh de chríoch an Aontais freisin.

*Airteagal 29*

*Comhar na ngardaí cósta*

1. Féadfaidh CEMI tacú le gníomhaíochtaí, a bhfuil údaráis náisiúnta i mbun a ndéanta, a rannchuidíonn le comhar Eorpach ar fheidhmeanna garda cósta dá dtagraítear in Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35], in Airteagal 2b de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36] agus in Airteagal 7a de Rialachán (AE) Uimh. 2016/1626 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37].

2. Is féidir go mbeidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a bheith ina rannchuidiú le forbairt agus cur chun feidhme chóras rialaithe iascaigh de chuid an Aontais faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 19.

3. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dheonú d'oibríochtaí a dhéantar lasmuigh de chríoch an Aontais freisin.

---

35 Rialachán (AE) 2016/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach. Agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 20007/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2005/267/AE ón gComhairle (IO L 251, 16.09.2016, p. 1).

36 Rialachán (CE) Uimh. 2016/1625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 251, 16.09.2016, lch. 77).

37 Rialachán (AE) 2016/1626 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 768/2005 lena mbunaítear Gníomhaireacht Chomhphobail um Rialú ar Iascach (IO L 251, 16.09.2016, lch. 80).

# CAIBIDIL VI

## Rialacha le haghaidh cur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhpháirteach

### ROINN 1

### TACAÍOCHT Ó CEMI

*Airteagal 30*

*Costais bhreise nó ioncam ligthe thar ceal a ríomh*

Tacaíocht a dheonaítear ar bhonn costas breise nó ar bhonn ioncam ligthe thar ceal, déanfar í a dheonú faoi cheann de na foirmeacha dá dtagraítear i bpointí (a), (c), (d) agus (e) d'Airteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna].

*Airteagal 31*

*Rátaí cómhaoinithe a chinneadh*

Leagtar amach in Iarscríbhinn II an t-uasráta cómhaoinithe in aghaidh an réimse tacaíochta.

*Airteagal 32*

*Méid an chúnaimh phoiblí*

1. Cuirfidh na Ballstáit uasráta cabhrach de 50% de chaiteachas incháilithe iomlán na hoibríochta.
2. De mhaolú ar mhír 1, leagtar amach in Iarscríbhinn III uasrátaí sonracha cabhrach maidir le réimsí airithe tacaíochta agus cineálacha áirithe oibríochtaí.
3. I gcás ina bhfuil oibríocht amháin ag teacht faoi roinnt ceann de línte 2 go 16 d'Iarscríbhinn III, is ag an t-uasráta cabhrach is airde a bheidh feidhm.
4. I gcás ina dtagann oibríocht amháin faoi cheann amháin nó níos mó de línte 2 go 16 d'Iarscríbhinn III agus ina dtagann an oibríocht faoi líne 1 den Iarscríbhinn chéanna, beidh feidhm ag an t-uasráta cabhrach a luaitear i líne 1.

### ROINN 2

### BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS;

*Airteagal 33*

*Briseadh a chur sa sprioc-am íocaíochta*

1. I gcomhréir le hAirteagal 90(4)(a) de [Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], féadfar go mbrisfidh an Coimisiún an spriocdháta

d'íocaíocht maidir le hiomlán an iarratais ar íocaíocht nó le cuid den iarratas sin i gcás ina bhfuil fianaise ann a thugann le fios nár chomhlíon Ballstát na rialacha a bhfuil feidhm leo faoi CBI más féidir go ndéanfaidh sé difear don chaiteachas atá in iarratas íocaíochta a bhfuil an íocaíocht eatramhach á hiarraidh ina leith.

2. Sula mbrisfear isteach ar spriocdháta d'íocaíocht dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát go bhfuil fianaise ann a thugann le fios nár comhlíonadh na rialacha agus tabharfar deis don Bhallstát barúlacha a chur i láthair laistigh de thréimhse réasúnta ama.

3. Beidh an briseadh isteach ar iomlán an chaiteachais dá dtagraítear i mír 1 comhréireach le cineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh na neamhchomhlíontachta.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 52, lena sainítear na cásanna de neamhchomhlíonadh i mír 1.

*Airteagal 34*

*Íocaíochtaí a chur ar fionraí*

1. I gcomhréir le hAirteagal 91(3) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirfear ar fionraí iomlán na n-íocaíochtaí eatramhacha faoin gclár nó cuid de na híocaíochtaí sin i gcás neamhchomhlíonadh tromchúiseach na rialacha faoi CBI nuair is dócha go mbeadh tionchar ag an neamhchomhlíonadh tromchúiseach sin ar an gcaiteachas atá in iarratas ar íocaíocht a bhfuil an íocaíocht eatramhach á hiarraidh ina leith.

2. Sula gcuirfear íocaíocht ar fionraí dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát go measann an Coimisiún go bhfuil cás tromchúiseach ann de neamhchomhlíonadh na rialacha is infheidhme faoi CBI agus tabharfar deis don Bhallstát barúlacha a chur i láthair laistigh de thréimhse réasúnta ama.

3. Beidh an fionraí dá dtagraítear i mír 1 comhréireach, maidir le cineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh an neamhchomhlíonta thromchúisigh.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 52, lena shainítear na cásanna de neamhchomhlíonadh tromchúiseach dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 35*

*Ceartuithe airgeadais ag na Ballstáit*

1. I gcomhréir le hAirteagal 97(4) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], cuirfidh na Ballstáit ceartuithe airgeadais i bhfeidhm mura n-urramaítear na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 12(2) den Rialachán seo.

2. I gcásanna ina gcuirtear i bhfeidhm na ceartuithe airgeadais dá dtagraítear i mír 1, cinnfidh na Ballstáit méid an cheartaithe, agus beidh an ceartú sin comhréireach, ag féachaint do chineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh an tsáraithe nó an cheana a rinne an tairbhí agus tábhacht rannchuidiú CEMI le gníomhaíocht eacnamaíoch an tairbhí.

*Airteagal 36*

*Ceartuithe airgeadais ag an gCoimisiún*

1. I gcomhréir le hAirteagal 98(5) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a dhéanfaidh ceartuithe airgeadais trí iomlán an rannchuidithe ón Aontais, nó cuid den rannchuidiú sin le clár ar leith, a chur ar ceal, más rud é, i ndiaidh dó tabhairt faoin scrúdú is gá, go measann sé:

   (a) go n-imrítear tionchar ar chaiteachas a áirítear san iarratas ar íocaíocht i gcásanna nach n-urramaíonn an tairbhí na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 12(2) agus nár cheartaigh an Ballstát an caiteachas sin sular osclaíodh an nós imeachta ceartúcháin faoin mír seo;

   (b) go n-imrítear tionchar ar chaiteachas a áirítear in iarratas ar íocaíocht i gcás neamhchomhlíonadh tromchúiseach rialacha CBI ag Ballstát agus inar cuireadh an íocaíocht ar fionraí faoi Airteagal 34 dá dheasca agus inar theip ar an mBallstát sin a thaispeáint go raibh na gníomhaíochtaí riachtanacha leasúcháin déanta aige lena áirithiú go gcomhlíonfaí agus go bhforfheidhmeofaí na rialacha is infheidhme sa todhchaí.

2. Cinnfidh an Coimisiún méid ceartúcháin agus cineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh an neamhchomhlíonadh thromchúisigh sin ag an mBallstát nó an tairbhí maidir le rialacha CBI, agus a thábhachtaí atá an ranníocaíocht ó CEMI do ghníomhaíocht eacnamaíoch an tairbhí lena mbaineann.

3. I gcás nach féidir méid an chaiteachais a bhaineann le neamhchomhlíonadh rialacha CBI ag an mBallstát a chainníochtú go cruinn, cuirfidh an Coimisiún ceartúchán ráta comhréidh nó ceartúchán eachtarshuite airgeadais i bhfeidhm i gcomhréir le mír 4.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 52, lena mbunófar na critéir le haghaidh leibhéal an cheartúcháin airgeadais a bheidh le cur i bhfeidhm a shuí agus na critéir le haghaidh cur i bhfeidhm ceartúchán rátaí comhréidh nó eachtarshuite airgeadais.

## ROINN 3

## FAIREACHÁN AGUS TUAIRISCIÚ

*Airteagal 37*

*Córas faireacháin agus meastóireachta*

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn II na táscairí a úsáidfear le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn CEMI i dtreo ghnóthú na dtosaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4.

2. Chun a áirithiú go measfar go héifeachtach dul chun cinn an Chláir i dtreo ghnóthú a dtosaíochtaí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 52, chun Iarscríbhinn I a leasú chun na táscairí a athbhreithniú nó a chomhlánú i gcás ina measfar gur gá, agus chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.

*Airteagal 38*

*Tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht*

1. I gcomhréir le hAirteagal 36(6) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], déanfaidh gach Ballstát tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht a thíolacadh go dtí an Coimisiún tráth nach déanaí ná mí amháin roimh an gcruinniú athbhreithnithe bliantúil. Tíolacfar an chéad tuarascáil in 2023 agus an tuarascáil dheireanach in 2029.

2. Cuirfear síos sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na gclár agus maidir le clocha míle agus spriocanna dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna] a bhaint amach. Ina theannta sin, cuirfear síos sa tuarascáil ar shaincheisteanna a imríonn tionchar ar fheidhmíocht an chláir agus ar na bearta arna ndéanamh chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.

3. Déanfar an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a scrúdú le linn an chruinnithe athbhreithnithe bhliantúil, i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna].

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir le hoibriú an chórais sin dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 53(2).

# TEIDEAL III TACAÍOCHT FAOI BHAINISTÍOCHT DHÍREACH AGUS INDÍREACH

*Airteagal 39*

*Raon feidhme geografach*

De mhaolú ar Airteagal 2, féadfar an Teideal seo a dheonú freisin d'oibríochtaí a dhéantar lasmuigh de chríoch an Aontais, cé is moite de chúnamh teicniúil.

## CAIBIDIL I

## Tosaíocht 1: Iascach inbhuanaithe agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara a chothú;

*Airteagal 40*

*Cur chun feidhme an OECC*

Tacóidh CEMI le cur chun feidhme CBI trí na nithe seo a leanas:

(a) Comhairle agus eolas eolaíoch a sholáthar chun críche cinntí fónta agus éifeachtúla maidir le bainistiú iascaigh faoi CBI a chur chun cinn, lena n-áirítear trí saineolaithe a bheith rannpháirteach i gcomhlachtaí eolaíocha;

(b) cur chun feidhme córas rialaithe iascaigh de chuid an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus mar a shonraítear sa bhreis air sin i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle.

(c) Feidhmiú Chomhairlí Comhairleacha arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialúchán (AE) Uimh. 1380/2013, a bhfuil cuspóir acu ar cuid de CBI é agus a bhfuil CBI á thacú aige;

(d) ranníocaíochtaí deonacha le gníomhaíochtaí eagraíochtaí idirnáisiúnta a dhéileálann le cúrsaí iascaigh, i gcomhréir le hAirteagal 29 agus le hAirteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

*Airteagal 41*

*Farraigí atá glan agus folláin a chur chun cinn*

1. Tacóidh CEMI le farraigí glana folláine a chur chun cinn, lena n-áirítear trí gníomhaíochtaí lena dtabharfar tacaíocht do chur chun feidhme Threoir 2008/56/CE agus trí ghníomhaíochtaí lena n-áiritheofar go mbeidh comhleanúnachas le dea-riocht comhshaoil a bhaint amach de bhun Airteagal 2(5)(j) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus lena n-áiritheofar cur chun feidhme na straitéise Eorpaí le haghaidh plaisteach i ngeilleagar ciorclach.

2. Beidh an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, go háirithe maidir leis an gcuspóir dea-stádas comhshaoil a bhaint amach mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Threoir 2008/56/CE.

## CAIBIDIL II

## Tosaíocht 2: Rannchuidiú le slándáil bia san Aontas tríd an dobharshaothrú agus trí mhargaí iomaíocha agus inbhuanaithe

*Airteagal 42*

*Faisnéis maidir leis an margadh*

Tacóidh CEMI le forbairt agus le scaipeadh na faisnéise maidir leis an margadh le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a dhéanfaidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013.

## CAIBIDIL III

## Tosaíocht 3: An fás sa gheilleagar gorm inbhuanaithe a éascú agus pobail rathúla a chothú cois cósta

*Airteagal 43*

*Beartas muirí agus geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt*

Tacóidh CEMI le cur chun feidhme an bheartais mhuirí trí na nithe seo a leanas:

(a) Geilleagar gorm inbhuanaithe ísealcharbóin aeráidseasmhach a chur chun cinn;

(b) rialachas agus bainistiú comhtháite an bheartais mhuirí a chur chun cinn, lena n-airítear trí phleanáil spásúil mhuirí, straitéisí imchuach farraige agus comhar réigiúnach muirí;

(c) feabhas a chur ar aistriú taighde agus ar an leas a bhaintear as, agus ar nuálaíocht agus teicneolaíocht sa gheilleagar gorm inbhuanaithe, lena n-airítear an líonra Eorpach um breathnóireacht agus sonraí muirí (EMODnet);

(d) feabhas a chur ar scileanna muirí, litearthacht maidir le cúrsaí na n-aigéan agus sonraí socheacnamaíocha faoin ngeilleagar gorm eacnamaíoch a chomhroinnt;

(e) píblínte tionscadal agus ionstraimí airgeadais nuálacha a fhorbairt.

# CAIBIDIL IV

## Tosaíocht 4: Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú, agus aigéin agus farraigí folláine, sábháilte, slána, glana a áirithiú a mbeidh bainistiú inbhuanaithe á dhéanamh orthu

*Airteagal 44*

*Slándáil agus faireachas muirí*

Tacóidh CEMI le slándáil agus faireachán muirí a chur chun cinn, lena n-airítear trí chomhroinnt sonraí, comhar idir an garda cósta agus gníomhaireachtaí, agus comhraicfidh CEMI in aghaidh gníomhaíochtaí gníomhaíochtaí coiriúla agus mídhleathacha ar muir.

*Airteagal 45*

*Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan*

Tacóidh CEMI le cur chun feidhme an bheartais maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan trí na nithe seo a leanas:

(a) Ranníocaíochtaí deonacha le heagraíochtaí idirnáisiúnta atá gníomhach i réimse rialachas na n-aigéan.

(b) comhar deonach le fóraim, eagraíochtaí, comhlachtaí agus institiúidí agus comhordú eatarthu i gcomhthéacs Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, Chlár Oibre 2030 maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe agus comhaontuithe, socruithe agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta eile;

(c) comhpháirtíochtaí aigéin a chur chun feidhme idir an tAontas agus gníomhaithe aigéin eile;

(d) comhaontuithe, socruithe agus ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha arb é is aidhm dóibh rialachas aigéan níos fearr a chur chun cinn, mar aon le gníomhaíochtaí, bearta, uirlisí agus eolas a áirithíonn aigéin fholláine, shábháilte, shlána, ghlana a mbeidh bainistiú inbhuanaithe á dhéanamh orthu, an méid sin go léir a chur chun feidhme;

(e) comhaontuithe, bearta agus uirlisí idirnáisiúnta ábhartha a chur chun feidhme chun an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú;

(f) Comhar agus forbairt idirnáisiúnta maidir le taighde agus sonraí aigéin

# CAIBIDIL V

# Rialacha maidir le cur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach

*Airteagal 46*

*Cineálacha maoinithe ón Aontas*

1. Féadfaidh CEMI cistiú a chur ar fáil in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais], go háirithe soláthar de bhun Theideal VII den Rialachán sin agus deontais de bhun Theideal VIII den Rialachán sin. Ina theannta sin, féadfaidh sé maoiniú a sholáthar i bhfoirm ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha, dá dtagraítear in Airteagal 47.
2. Féadfaidh saineolaithe neamhspleácha meastóireacht na dtograí deontais a chur i gcrích.

*Airteagal 47*

*Oibríochtaí measctha*

Déanfar oibríochtaí measctha faoi CEMI a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir le InvestEU] agus Teideal X de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais].

*Airteagal 48*

*Meastóireacht*

1. Déanfar meastóireachtaí go tráthúil sa dóigh agus go bhféadfar leas a bhaint astu sa phróiseas cinnteoireachta.
2. Déanfar an mheastóireacht eatramhach ar an tacaíocht faoi Theideal III ach a mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil faoina cur chun feidhme, ach tráth nach faide ná ceithre bliana ó thosach chur chun feidhme na tacaíochta.
3. I ndeireadh na tréimhse chur chun feidhme, ach tráth nach déanaí ná ceithre bliana ina diaidh, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta deiridh maidir leis an tacaíocht faoi Theideal III.
4. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí chomh maith lena bharúlacha féin, in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.

*Airteagal 49*

*Iniúchtaí*

Iniúchtaí ar úsáid na ranníocaíochta ón Aontas arna ndéanamh ag daoine nó eintitis, lena n-áirítear daoine nó eintitis nach bhfuil sainordú acu ó institiúidí nó ó chomhlachtaí de chuid an Aontais, sin é an bonn a bheidh leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal 127 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais].

*Airteagal 50*

*Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht*

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe sin, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le CEMI, agus a bhaineann le gníomhaíochtaí agus torthaí CEMI. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gClár, rannchuideofar le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 4.

*Airteagal 51*

*Eintitis incháilithe*

1. Beidh feidhm leis na critéir incháilitheachta a leagtar amach i mír 2 go 3 mar aon leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 197 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais.].

2. Tá na heintitis seo a leanas incháilithe:

   (a) eintitis dhlíthiúla arna mbunú i mBallstát nó i dtríú tír a liostaítear sa chlár oibre faoi na coinníollacha a shonraítear i míreanna 3 agus 4;

   (b) aon eintiteas dlíthiúil a bunaíodh faoi dhlí an Aontais nó faoi aon eagraíocht idirnáisiúnta.

3. Go heisceachtúil, tá eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtríú tír incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Chlár i gcás ina bhfuil sin riachtanach chun cuspóirí gníomhaíochta ar leith a bhaint amach.

4. I bprionsabal, ba cheart d'eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár costais a rannpháirtíochta a sheasamh.

# TEIDEAL IV FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

*Airteagal 52*

*Tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 12, 17, 21, 33, 34, 36, 37 agus 55 go dtí an 31 Nollaig 2027.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 12, 17, 21, 33, 34, 36, 37 agus 55 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 12, 17, 21, 33, 34, 36, 37 nó 55 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 53*

*Nós imeachta coiste*

1. Beidh an Coiste um an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38].

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

[38] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.02.2011, lch. 13)

# TEIDEAL V: FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 54*

*Aisghairm*

1. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

2. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 55*

*Forálacha idirthréimhseacha*

1. Chun an trasdul a éascú ón scéim tacaíochta a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 chuig an scéim a bhunaítear leis an Rialachán seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 52 lena leagtar síos na dálaí faoinar féidir le tacaíocht atá formheasta ag an gCoimisiún faoi Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 a chomhtháthú le tacaíocht dá bhforáiltear faoin Rialachán seo.

2. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi Rialachán (AE) Uimh. 508/201 , a mbeidh feidhm aige fós maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.

3. Leanfaidh iarratais a rinneadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 de bheith bailí.

*Airteagal 56*

*Teacht i bhfeidhm agus an dáta cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |

**Ráiteas airgeadais reachtach**


1. **LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Forais an togra/tionscnaimh

1.5. Fad agus tionchar airgeadais

1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. **BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. **AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| Comhbheartas Iascaigh (CBI), beartas muirí agus rialachas idirnáisiúnta aigéin |

#### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

X **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[39]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

#### 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

| |
|---|
| Le tacaíocht ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), ba cheart a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbainisteofar iad ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a ghnóthú, agus leis an gcuspóir go gcuirfear le hinfhaighteacht soláthairtí bia. Ba cheart freisin le tacaíocht CEMI forbairt inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe a chothú agus cabhrú le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais i réimse an rialachais aigéin a bhaint amach.<br><br>Thairis sin, le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, foráiltear gur cheart cúnamh airgeadais faoi CEMI a bheith faoi choinníoll go gcomhlíonfar rialacha CBI. Dá bhrí sin, níor cheart iarratais ó thairbhithe nach gcomhlíonann na rialacha is infheidhme maidir le CBI a bheith inghlactha. Sa bhreis air sin, ba cheart cumhachtaí a thabhairt don Choimisiún chun gníomhú in éadan aon Bhallstát nach gcomhlíonann rialacha CBI. |

*1.4.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtacht mhéadaithe nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn "breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE" an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil an Aontais atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann murach sin ag na Ballstáit dá mbeidís ag feidhmiú leo féin.*

| |
|---|
| **Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)** |

[39] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Is réimse é CBI atá faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, tá gá le hidirghabháil ar leibhéal an Aontais mar go bhforchuirtear leis an gcomhbheartas seo oibleagáidí ar na Ballstáit. Tá sé barrthábhachtach tacaíocht airgeadais a thabhairt do na Ballstáit chun cabhrú leo na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh ionas go ngnóthófar cuspóirí beartais an Aontais, i.e. úsáid inbhuanaithe na bhfarraigí agus na n-aigéan. Tá tacaíocht ag teastáil i réimsí amhail acmhainn cabhlaigh iascaireachta a choigeartú, infheistiú i sláinte agus sábháilteacht ar bord, saineolas agus comhairle eolaíoch faoi staid na stoc éisc a fhorbairt, agus rialuithe agus cigireachtaí ar muir nó i gcalafoirt a fheabhsú.

**An breisluach ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (*ex post*)**

Is é an aidhm ghinearálta atá leis an tacaíocht nua a thabharfar do bheartais iascaigh agus mhuirí cabhrú le cuspóirí CBI a ghnóthú agus fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe a éascú. Chun iascaigh inbhuanaithe a ghnóthú, féadfaidh sé go n-imreofar tionchair shóisialta ar phobail chósta sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, agus beidh gá leis na tionchair sin a mhaolú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás pobail chósta a bhíonn ag brath ar iascaigh, go háirithe i gceantair ina bhfuil fadhbanna tromchúiseacha ag an earnáil iascaireachta fós (amhail sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh) agus inar féidir le beartas ar leibhéal an Aontais breisluach iarbhír a thabhairt, go háirithe freisin i bhfianaise inniúlacht eisiach an Aontais i dtaca le bainistiú iascaigh.

Níl na Ballstáit astu féin in ann dul i ngleic go leordhóthanach leis na dúshláin sin. Le beart de chuid an Aontais, cuirtear ar fáil foinse shlán infheistíochta cobhsaí lena gcothaítear fás. Bíonn cuid mhór láithreacha muirshaothraithe ag feidhmiú in éiceachórais mhuirí a théann thar theorainneacha náisiúnta, agus teastaíonn iarrachtaí pleanála comhordaithe ar leibhéal an Aontais chun spás muirí a phleanáil. Is bunghnéithe i dtaca le cur chun feidhme éifeachtach CBI iad rialú agus forfheidhmiú, chomh maith le bailiú sonraí agus comhairle eolaíoch. Leis na gníomhaíochtaí sin, arna gcomhordú agus arna gcómhaoiniú ar leibhéal an Aontais, beidh coigiltí agus sineirgíochtaí suntasacha ann i dtaca le costais agus comhlíonadh i gcomparáid le samhail ina ndéanfadh na Ballstáit na gníomhaíochtaí sin astu féin amháin.

Tá beartas muirí agus forbairt an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe trasearnálach agus trasnáisiúnta de réir a nádúir, e.g. trí straitéisí imchuach farraige a fhorbairt lena gcumhdaítear roinnt Ballstát agus tíortha comhpháirtíochta iomchuí chun éifeachtúlacht a ghnóthú maidir le húsáid cistí, cur i bhfeidhm rialacha agus rannpháirtíocht comhlachtaí/institiúidí, agus chun ilroinnt agus dúbailt gníomhaíochtaí a laghdú. Is dócha go mbeidh tairbhí soiléire ag baint le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais i gcomparáid le beart nach ndéanfar ach ar leibhéal an Bhallstáit nó ar an leibhéal réigiúnach amháin. Le heolas muirí, bailítear sonraí agus cuirtear ar fáil iad ar fud an Aontais (is leis an Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise a sholáthraítear timpeallacht faireachais mhuirí choiteann Eorpach) agus trí acmhainní gardaí cósta a roinnt idir gníomhaireachtaí agus na Ballstáit, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal an imchuach farraige, méadaítear éifeachtúlacht agus éifeachtacht oibríochtaí ar muir.

Is modh é an phleanáil spásúil mhuirí chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar an spás muirí coiteann Eorpach agus chun comhtháthú a áirithiú thar theorainneacha, laistigh agus lasmuigh den Aontas. In earnálacha an gheilleagair ghoirm, amhail fuinneamh aigéin, nuair a chomhordaítear gníomhaíochtaí a bhaineann leis an taighde, cuirtear dlús le forbairt na hearnála, mar shampla tríd an mais chriticiúil le

haghaidh infheistíochta a bhaint amach agus tríd an margadh a fhorbairt. Le cistiú ar leibhéal an Aontais, tacaítear le tiomántóirí na nuálaíochta lenar féidir le tionscal muirí na hEorpa fás agus bláthú.

I gcomhréir lena ghealltanas idirnáisiúnta na haigéin a chaomhnú agus iad a úsáid ar bhonn inbhuanaithe, lena n-áirítear na cuspóirí faoi Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, tá sé ar chumas an Aontais rialachas idirnáisiúnta aigéin a mhúnlú ar bhonn na taithí atá aige ar chur chuige inbhuanaithe maidir le bainistiú aigéin a fhorbairt, go sonrach lena bheartas comhshaoil (go háirithe an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí), an beartas muirí comhtháite (go háirithe an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí), an Comhbheartas Iascaigh athchóirithe, an beart i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe, neamhrialáilte (NNN), an beartas iompair mhuirí agus na comhpháirtíochtaí déthaobhacha agus conarthaí iltaobhacha iomadúla a bhfuil sé ina pháirtí iontu.

Thairis sin, tá sé aitheanta i straitéis slándála muirí an Aontais go bhfuil barrthábhacht ag baint leis an Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise agus an comhar idir an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bhfoirm na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta maidir leis na cuspóirí sin a ghnóthú.

I gach réimse thuasluaite, féadfar torthaí a fháil trí acmhainní a chur i dtoll a chéile ar leibhéal an Aontais nach bhfaighfear trí chaiteachas ar an leibhéal náisiúnta.

1.4.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile chosúil san am a chuaigh thart*

Léiríodh i gcomhairliúchán leis na príomhpháirtithe leasmhara go bhfuil na réimsí comhaontaithe ghinearálta seo a leanas ann:

– Glao láidir ó nach mór gach páirtí leasmhar le haghaidh leanúnachais agus maidir leis an ngá soiléir le hionstraim chistiúcháin thiomnaithe le haghaidh iascach agus beartas muirí amach anseo, a leanfaidh de bheith ag gnóthú cuspóirí CBI agus lena mbainfear leas as deiseanna ón ngeilleagar gorm inbhuanaithe.

– D'aontaigh na Ballstáit gur cheart cuspóirí an chiste tar éis 2020 a bheith mar thaca don inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta. Luaigh na páirtithe leasmhara gur tosaíocht don chéad chiste eile é gnóthú cuspóirí CBI.

– Mar thoradh ar na comhairliúcháin, thángthas ar chomhaontú idir na páirtithe leasmhara go raibh glacadh mall CEMI 2014-2020 ar na heasnaimh is mó a bhí aige, chomh maith le cur chun feidhme déanach na gclár oibríochtúil, a tharla go bunúsach de bharr gur formheasadh an creat reachtach déanach. Is é sin, mar aon le reachtaíocht ró-shaintreorach ar leibhéal an Aontais, righneas agus dolúbthacht i dtaca le léirmhíniú agus barraíocht béime ar incháilitheacht seachas ar chuspóirí agus spriocanna a ghnóthú, an dúshlán atá roimh na Ballstáit. Ina thaobh sin, rinne tromlach na bpáirtithe leasmhara glao láidir le haghaidh níos lú castacht dhlíthiúil le creat dlíthiúil níos simplí.

– Braitheadh comhthoil mhór idir na páirtithe leasmhara maidir le tuilleadh simplithe a iarraidh ar gach leibhéal (ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon) i dtaca le cur chun feidhme CEMI chun leibhéal áirithe cobhsaíochta a choinneáil. Mar sin féin, braitheadh tuairimí éagsúla maidir le

conas cothromaíocht cheart a aimsiú idir béim mhéadaithe ar an bhfócas ar thorthaí agus an t-ualach riaracháin ar thairbhithe agus ar údaráis riaracháin a laghdú, agus an caiteachas ceart a áirithiú san am céanna.

– Luaigh na Ballstáit ina n-aiseolas go raibh ról lárnach ag an gcóras faireacháin agus meastóireachta maidir le héifeachtacht an chiste a léiriú mar go soláthraítear leis faisnéis ar na cúisíochtaí taobh thiar d'fhorbairt na n-iascach agus earnálacha an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe.

– Braitheadh deighilt tuairimí i dtaca leis an tacaíocht do chabhlaigh iascaireachta, agus bhí roinnt chothrom ann beagnach idir na páirtithe leasmhara atá i bhfabhar leanúint le bearta do chabhlaigh agus iad siúd atá ina n-éadan.

– Maidir leis an earnáil dobharshaothraithe, d'aontaigh na páirtithe leasmhara ar fad gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh maidir le simpliú riaracháin agus dlíthiúil chun fad na nósanna imeachta ceadúnaithe a laghdú ach gan na caighdeáin arda chomhshaoil, cosanta tomhaltóirí agus sláinte ainmhithe atá cumhdaithe i ndlí an Aontais a chur i mbaol. D'athdhearbhaigh siad gurb iad na hualaí riaracháin an bhacainn is mó ar fhorbairt na hearnála fós, chomh maith le ceanglais nós imeachta (maidir le ceadúnú agus rochtain ar chistiú) atá róchasta. Chomh maith leis sin, léirigh grúpa de 11 Bhallstát tacaíocht láidir do leanúint le tacaíocht reatha an Aontais don dobharshaothrú sa chéad chiste eile, go háirithe don dobharshaothrú fionnuisce.

– Maidir le hiascaigh chósta ar mhionscála agus iascaigh sna réigiúin is forimeallaí, bhí na Ballstáit i bhfabhar tacaíocht níos spriocdhírithe agus níos saincheaptha a chur ar fáil agus leanúint le ráta níos airde tacaíochta agus leis an bhféidearthacht go mbeidh láimhseáil níos fabhraí ann trí réamhíocaíochtaí. Ba cheart láimhseáil airgeadais fhabhrach i ndáil le hiascaigh chósta ar mhionscála, lena n-áirítear iascaigh intíre, a choinneáil tar éis 2020, dar le roinnt Ballstát. D'aithin na páirtithe leasmhara freisin go raibh gá ann le solúbthacht chun sainiúlachtaí áitiúla a léiriú agus chun athnuachan glúine i lucht saothair atá ag dul in aois a éascú.

– Mheas na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ar fad gur cheart an tacaíocht do bhailiú sonraí, don rialú agus forfheidhmiú iascaigh agus d'eagraíochtaí táirgeoirí a choinneáil mar chuid den chiste iascaigh faoi bhainistíocht chomhroinnte.

– Mheas roinnt páirtithe leasmhara go dtugtar breisluach don Eoraip agus do na réigiúin le beart an Aontais a neartú trí CEMI i réimsí éagsúla faoin mbeartas muirí (oiliúint, pleanáil spásúil mhuirí, sábháilteacht agus faireachas muirí, tionscadail nuálacha a mhaoiniú etc.). Agus á chur san áireamh gur forbraíodh an geilleagar gorm i dtimpeallacht an-chasta, ba cheart comhlántacht idir ionstraimí a áirithiú a thuilleadh, chun ilroinnt agus dúbailt a sheachaint.

– D'aithin tromlach na bpáirtithe leasmhara freisin go raibh ról tábhachtach ag Forbairt Áitiúil faoi Stiúir an Phobail (CLLD) chun go nglacfadh pobail chósta réitigh áitiúla ar fhadhbanna áitiúla agus d'aithin siad gur tugadh le CLLD deis luachmhar do na hearnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe ról gníomhach a imirt i saincheisteanna rialtais agus rialachais áitiúil. Ba mhaith le cuid mhór páirtithe leasmhara go mbeadh ról níos leithne ag CLLD i bhforbairt an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe ar an leibhéal áitiúil.

*1.4.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Ghlac an Coimisiún togra maidir le Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna chun feabhas a chur ar chomhordú agus ar chomhchuibhiú chur chun feidhme na tacaíochta faoi Chistí faoi bhainistíocht chomhroinnte, agus dá bharr sin feidhmiú beartais a shimpliú ar bhealach comhleanúnach. Tá feidhm ag "Rialachán na bhForálacha Coiteanna" (RFC) maidir leis an gcuid sin de CEMI atá faoi bhainistíocht chomhroinnte.

Leis na Cistí, saothraítear cuspóirí comhlántachta agus is ionann modh bainistíochta na gCistí. Dá bhrí sin, leagtar síos le "Rialachán na bhForálacha Coiteanna" sraith cuspóirí coiteanna ginearálta agus prionsabail ghinearálta amhail an chomhpháirtíocht agus an rialachas il-leibhéil. Chomh maith leis sin, sa Rialachán sin tá eilimintí coiteanna na pleanála straitéisí agus an chlársceidealaithe straitéisigh, lena n-áirítear forálacha an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta atá le tabhairt i gcrích le gach Ballstát, agus leagtar amach leis cur chuige coiteann i leith an treo inar ceart feidhmíocht an chláir a stiúradh. Dá bhrí sin, tá forálacha ann maidir le coinníollacha cumasúcháin, athbhreithniú feidhmíochta, agus socruithe faireacháin, tuairiscithe agus meastóireachta. Lena chois sin, leagtar amach forálacha coitianta maidir le rialacha incháilitheachta, agus sainítear socruithe speisialta d'ionstraimí airgeadais, d'úsáid InvestEU, d'fhorbairt áitiúil atá faoi stiúir an phobail agus do bhainistíocht airgeadais. Tá roinnt socruithe bainistíochta agus rialaithe ann a bhfuil feidhm acu maidir leis na Cistí ar fad freisin.

**1.5. Fad agus tionchar airgeadais**

X **tréimhse theoranta**

– X Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón 1/1/2021 go dtí an 31/12/2027

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[40]**

X **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– X ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– X trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

X **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

X Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– X comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| […] |
| […] |

[40] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Feidhmeoidh an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), in éineacht leis na Cistí eile atá faoi bhainistíocht chomhroinnte, faoi chreat comhchoiteann "Rialachán na bhForálacha Coiteanna" (RFC).

Cuirfear chun feidhme é trí bhainistíocht chomhroinnte agus dhíreach go príomha, agus go heisceachtúil trí bhainistíocht indíreach ag comhlachtaí de chuid an Aontais. Níl feidhm ag RFC ach amháin maidir leis an ngné de CEMI a bhaineann le bainistíocht chomhroinnte.

**<u>I. BAINISTÍOCHT CHOMHROINNTE</u>**

Leagtar amach in RFC na rialacha mionsonraithe maidir le faireachán agus tuairisciú.

Chomh maith leis an gcreat a leagtar amach in RFC, le CEMI neartófar na láidreachtaí a bhaineann leis an gCóras Coiteann Faireacháin agus Meastóireachta (CMES), a tugadh isteach sa chlárthréimhse 2014-2020.

Sa chlárthréimhse nua, leagfar amach in RFC na cuspóirí coiteanna beartais, mar aon leis na tosaíochtaí agus na cuspóirí sonracha ar leibhéal gach Ciste. Is trí chláir a ghnóthófar na tosaíochtaí agus cuspóirí sin. Tógfar loighic shimplithe idirghabhála, lena gcuirtear leis an tsamhail reatha agus lena dtreisítear an fócas reatha ar thorthaí, ar thrí leibhéal: leibhéal na gCistí (cuspóirí coiteanna beartais do gach Ciste), leibhéal an réimse beartais (beartais iascaigh agus mhuirí) agus leibhéal na n-oibríochtaí ar leibhéal na mBallstát. Cuspóirí dochta a bheidh sna cuspóirí ag an gcéad dá leibhéal. Socróidh an tÚdarás Bainistíochta a chuid spriocanna le haghaidh na dtáscairí toraidh a bhaineann leis na cuspóirí sonracha agus ginearálta.

Bainisteofar na hoibríochtaí ar leibhéal na mBallstát. Beidh gach oibríocht nasctha le réimse tacaíochta (tacaíocht gnó, nuálaíocht, comhshaol etc.) a mbeidh táscairí toraidh sonracha sainithe ina leith. Sa dóigh sin, beidh an Coimisiún agus na Ballstáit in ann tuarascáil a thabhairt ar an iliomad gnéithe inmhianaithe (rannchuidiú le cuspóirí ginearálta an Aontais, tosaíochtaí CEMI, cineál oibríochta, méid bhuiséad na n-oibríochtaí etc.)

Tabharfar tuarascáil ar na cuspóirí tríd an ardán atá ann cheana, Infosys, bunaithe ar líon teoranta táscairí toraidh, a mbeidh cuid acu ina bpríomhtháscairí feidhmíochta. Tarchuirfidh na Ballstáit sonraí cainníochtúla (aschuir agus torthaí go háirithe), go leictreonach, sé huaire sa bhliain (seachas uair amháin tríd an thuarascáil bhliantúil).

Beidh gá le tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht ó gach Ballstát ina ndírítear go sonrach ar ghnóthú garspriocanna agus spriocanna CEMI.

**<u>II. BAINISTÍOCHT DHÍREACH</u>**

Glacfaidh an Coimisiún cláir oibre bhliantúla le haghaidh bearta arna gcur chun feidhme trí ghníomhartha cur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach.

Déanfar na meastóireachtaí ar bhealach sách tráthúil chun fónamh don phróiseas cinnteoireachta. Déanfar an mheastóireacht eatramhach ar an gclár nuair a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ar chur chun feidhme an chláir.

Ag deireadh na tréimhse cur chun feidhme, bunófar tuarascáil mheastóireachta deiridh ar na torthaí agus ar thionchar fadtéarma CEMI faoi bhainistíocht dhíreach.

**III. BAINISTÍOCHT INDÍREACH**

Go heisceachtúil, le CEMI féadfar ranníocaíocht a dhéanamh leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí i bhfoirm deontas chun cur ar chumas na ngníomhaireachtaí ábhartha tacaíocht a chur chun feidhme i réimse an fhaireachais agus na slándála muirí.

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, na sásraí cur chun feidhme, na módúlachtaí íocaíochta agus an straitéis atá beartaithe*

**MODHANNA BAINISTÍOCHTA**

Leis an dá mhodh bainistíochta (bainistíocht chomhroinnte agus bainistíocht dhíreach nó indíreach), féadfar leas a bhaint as taithí a fuarthas cheana féin, rud atá ag teacht cuid mhór lena raibh á iarraidh ag na páirtithe leasmhara. Mar chuid de na Cistí, is i mbainistíocht chomhroinnte a chuirfear an mhórchuid den chistiú nua chun feidhme. Is é an cuspóir atá ann tacú le próisis oiriúnaitheacha in earnáil shonrach, le hinfheistíochtaí i ngnólachtaí agus le hacmhainní comhshaoil a chaomhnú agus, dá bhrí sin, ba cheart an cistiú a bheith chomh gar agus is féidir do dhálaí áitiúla agus náisiúnta agus a bheith comhsheasmhach le beartais agus cistiú náisiúnta. Tacú le beartais a fhorbairt trí bhainistíocht dhíreach, is uirlis éifeachtach é sin chun an Comhbheartas Iascaigh (CBI) foluiteach a achtú mar chomhbheartas de chuid an Aontais ag a mbeidh tionchar ar earnálacha spriocdhírithe láithreach, chomh maith le gníomhaíochtaí beartais mhuirí agus cur in úsáid gníomhaíochtaí rialachais idirnáisiúnta aigéin a chumasú a thuilleadh.

**MODÚLACHTAÍ ÍOCAÍOCHTA (bainistíocht chomhroinnte)**

Meastar go mbeidh ról níos suntasaí ag ionstraim airgeadais (iasachtaí agus ráthaíochtaí). Dá mbainfí breis úsáide as roghanna costais simplithe (rátaí comhréidhe, cnapshuimeanna agus costais aonaid), d'fhéadfaí cabhrú leis an ualach riaracháin ar leibhéal na mBallstát a laghdú. Sa bhreis air sin, is féidir tacaíocht airgeadais a bheith bunaithe fós ar chostais iarbhír arna dtabhú agus ar chaiteachas arna dheimhniú ag na Ballstáit (gan dochar do roghanna costais simplithe a úsáid). Maidir leis an tacaíocht do ghníomhaíochtaí iascaireachta a scor go buan, bunófar tacaíocht airgeadais ar chomhlíonadh coinníollacha. Chuige sin, glacfar gníomh tarmligthe lena leagtar síos na coinníollacha a bhaineann leis na bearta caomhnaithe sin a chur chun feidhme.

**STRAITÉIS RIALAITHE**

Mar atá beartaithe i Rialachán na bhForálacha Coiteanna, laghdófar líon na rialuithe agus na n-iniúchtaí go suntasach. Leis sin, laghdófar an t-ualach riaracháin ar údaráis na gclár agus ar na tairbhithe. Bainfear sin amach trí phrionsabal na hiniúchóireachta aonair a leathnú, trí rialuithe a laghdú agus trí chur chuige comhréireach feabhsaithe bunaithe ar chóras náisiúnta a fheidhmíonn go maith maille le socrú íos-iniúchóireachta chun críocha an dearbhaithe.

**- bainistíocht chomhroinnte**

*Sásra rialaithe*

Sainaithneoidh na Ballstáit údarás bainistíochta agus údarás iniúchóireachta le haghaidh gach cláir agus féadfaidh siad comhlacht idirmheánach amháin nó níos mó ná sin a shainaithint chun cúraimí áirithe a dhéanamh faoina bhfreagracht. Sa bhreis air sin, sainaithneoidh na Ballstáit feidhm chuntasaíochta agus cuirfidh siad an fheidhm sin ar iontaoibh an údaráis bainistíochta nó comhlachta eile.

Beidh an t-údarás bainistíochta freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir. Airítear leis sin, go háirithe, oibríochtaí a roghnú, fíoruithe bainistíochta a dhéanamh, tacú le hobair an choiste faireacháin, maoirsiú ar chomhlachtaí idirmheánacha agus sonraí ábhartha a thaifeadadh agus a stóráil i gcóras leictreonach.

Beidh an fheidhm chuntasaíochta freagrach as iarratais ar íocaíocht a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin, chomh maith le cuntais a tharraingt suas agus taifid ar gach gné de na cuntais a choinneáil i gcóras leictreonach.

Beidh an t-údarás iniúchóireachta freagrach as iniúchtaí córais agus iniúchtaí ar oibríochtaí a dhéanamh chun dearbhú neamhspleách a thabhairt don Choimisiún go bhfeidhmíonn córais bainistíochta agus rialaithe go héifeachtach agus go bhfuil an caiteachas a chuirtear san áireamh sna cuntais a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin dleathach agus rialta. Chuige sin, beidh ar an údarás iniúchóireachta straitéis iniúchóireachta a ullmhú bunaithe ar mheasúnú riosca, lena gcuirfear san áireamh an tuairisc ar an gcóras bainistithe agus rialaithe. Tarraingeoidh sé suas tuairim iniúchóireachta bhliantúil a chuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin agus ina gcumhdófar iomláine, fírinneacht agus cruinneas na gcuntas, dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais a airítear sna cuntais agus an córas bainistithe agus rialaithe, chomh maith le tuarascáil bhliantúil fholuiteach ar rialú.

*Íocaíocht a bhriseadh agus a fhionraí*

Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an sprioc-am íocaíochta le haghaidh éileamh ar íocaíocht eatramhach a bhriseadh i gcás ina mbeidh fianaise ann nár chomhlíon Ballstát na rialacha is infheidhme faoi CBI. Déileáiltear le sáruithe níos tromchúisí ar oibleagáidí na mBallstát trí íocaíocht a fhionraí, nach mbainfear go dtí gur féidir leis na Ballstáit lena mbaineann a léiriú go bhfuil an ghníomhaíocht cheartaitheach iomchuí déanta acu. I gcásanna eisceachtúla, féadfar ranníocaíocht an Aontais leis an gclár a chealú.

*Ceartuithe airgeadais*

Cé go bhfuil an Ballstát freagrach ar an gcéad dul síos as neamhrialtachtaí a shainaithint agus a ghnóthú agus as aon cheartú airgeadais a dhéanamh, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún ceartuithe a fhorchur. Táthar ag súil leis uaidh go gcuirfidh sé san áireamh cineál agus tromaíocht aon neamhrialtachta, agus go ndéanfaidh sé measúnú ar thionchar airgeadais na n-easnamh.

*Iniúchtaí an Choimisiúin*

I rith na tréimhse cur chun feidhme, déanann rannóg iniúchóireachta *ex-post* DG MARE iniúchtaí córas trí thástáil shubstainteach chun dearbhú a áirithiú maidir le feidhmiú éifeachtach na gcóras agus ceanglaíonn sí ar na Ballstáit aon laige chórais agus aon chaiteachas neamhrialta a fhaightear a cheartú. Úsáideann an Coimisiún torthaí a iniúchtaí féin agus torthaí an údaráis iniúchóireachta náisiúnta chun dearbhú a fháil. Roghnaítear na hiniúchtaí ar bhonn measúnú riosca.

**- bainistíocht dhíreach**

Faoi láthair tá cuid shuntasach de CEMI faoi bainistíocht dhíreach tarmligthe chuig an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (EASME). Sa chéad chlárthréimhse eile meastar go dtarmligfear tuilleadh gníomhaíochtaí faoi bhainistíocht dhíreach.

Tá comhcheangal de rialuithe coisctheacha, braiteacha agus ceartaitheacha leabaithe sna próisis chlársceidealaithe agus phleanála, fíorúcháin, forghníomhaithe, faireacháin, bhainistíochta agus tuairiscithe chun a áirithiú go maolófar na rioscaí airgeadais agus bainistíochta go héifeachtach. Seiceáiltear an caiteachas ar fad sula ndéantar é a fhormheasadh chun comhlíonadh na reachtaíochta is infheidhme agus incháilitheacht an chaiteachais atá beartaithe a áirithiú.

(5) Seiceálann na seirbhísí oibríochtúla gach dearbhú caiteachais i gcoinne chinneadh maoinithe an Choimisiúin agus an chláir ábhartha ar mhaithe le cáilitheacht agus comhsheasmhacht.

(6) Sula ndéantar gealltanais nó íocaíochtaí a údarú, déantar fíorú *ex-ante* ar na hidirbhearta, mar aon leis na seiceálacha, atá bunaithe ar na sonraí a tarchuireadh agus ar chruthúnas na híocaíochta chun incháilitheacht na n-éileamh ar aisíocaíocht a áirithiú.

(7) D'fhonn neamhrialtachtaí a chosc, déanann an Coimisiún misin faireacháin i bhfoirm seiceálacha ar an láthair chun cur chun feidhme iarbhír na gclár a sheiceáil agus chun incháilitheacht na gcostas a fhíorú roimh íocaíocht.

(8) Chomh maith le rialuithe *ex ante* ar idirbhearta airgeadais, déantar fíorú *ex ante* 100% ar dhoiciméid agus ar nósanna imeachta i ndáil le soláthar agus deontais.

2.2.2. *Faisnéis maidir leis na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

**<u>Bainistíocht chomhroinnte</u>**

Is iad seo a leanas na príomhrioscaí a aithníodh maidir le cur chun feidhme an bhuiséid faoin mbainistíocht chomhroinnte:

*(1) Moltaí caithimh a idirbheartú agus a mheasúnú/a fhaomhadh:*

An Riosca: Ní leorga iad na Cláir Oibríochta (COanna) arna gcistiú i bhfianaise na gcuspóirí nó na dtosaíochtaí beartais

Rialú maolaitheach: comhairliúchán inmheánach, bailíochtú ordlathach ar gach CO, comhairliúchán idirsheirbhíse (lena n-áirítear na hArd-Stiúrthóireachtaí ábhartha go léir) agus glacadh trí Chinneadh ón gCoimisiún, de réir mar atá réamh-mheasta i ndlí an Aontais.

*(2) Oibríochtaí a chur chun feidhme (na Ballstáit):*

An Riosca: Áirítear i ndearbhuithe tréimhsiúla um chaiteachas a chuirtear isteach chuig an gCoimisiún caiteachas neamhrialta nó aon chaiteachas nach dtagann le rialacha incháilitheacha ná le reachtaíocht ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal náisiúnta.

Rialú maolaitheach: fíorúcháin bhainistíochta: seiceálacha céadleibhéil arna ndéanamh ag údaráis fhreagracha nó ag comhlachtaí freagracha an chláir, cuntais bhliantúla arna ndéanamh ag an bhfeidhm chuntasaíochta, barúil iniúchóireachta agus tuarascáil bhliantúil arna déanamh ag na húdaráis iniúchóireachta.

*(3) Faireachán agus maoirseacht ar an bhfeidhmiú, rialuithe ex-post san áireamh*

An Riosca: theip ar fhíoruithe bainistíochta agus ar iniúchtaí/rialuithe ina dhiaidh sin arna ndéanamh ag na Ballstáit costais neamh-incháilithe nó earráidí ríomha a bhrath agus a cheartú; ní leorga an obair iniúchóireachta arna déanamh ag na húdaráis iniúchóireachta chun deimhniú cuí a fháil maidir leis na dearbhuithe arna gcur isteach; theip ar sheirbhísí an Choimisiúin bearta cuí a ghlacadh chun cistí an Aontais a chosaint, de réir na faisnéise a fuair siad.

Rialú maolaitheach: Seiceálacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún ar dhearbhuithe caiteachais na mBallstát. Measúnú an Choimisiúin ar chórais bhainistíochta agus rialaithe sna Ballstáit, go háirithe ar an obair atá déanta nó tuairiscithe ag na Ballstáit, idirbhristeacha agus fionraíochtaí íocaíochtaí agus ar cheartúcháin airgeadais (arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún).

**Bainistíocht dhíreach**

Beidh an chuid sin de CEMI ar a ndéantar bainistíocht dhíreach curtha chun feidhme go príomha trí sholáthar agus trí dheontais. Is iad seo na príomhrioscaí:

*(1) Drochshainiú ar shonraíochtaí tairisceana/ar iarrataí ar thograí:*

Rialú maolaitheach: bearta maoirseachta cuí agus fíorú breise *ex ante* a chur san áireamh.

*(2) An tairiscint lena mbaineann an buntáiste eacnamaíoch is fearr/na tograí is fearr nach bhfuil roghnaithe:*

Rialú maolaitheach: bearta maoirseachta cuí agus fíorú breise *ex ante* a chur san áireamh.

*(3) Ní rannchuidíonn bearta cuspóirí CEMI a bhaint amach:*

Rialú maolaitheach: bearta maoirseachta cuí agus fíorú breise *ex ante* a chur san áireamh.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú"), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis (ar an íocaíocht a dhéanamh agus ar dhúnadh an chláir)*

**Bainistíocht chomhroinnte**

Cuirtear rialuithe i gcrích ar leibhéal an Choimisiúin agus ar leibhéal na mBallstát. Tá na rialuithe sin sainithe i Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

Déanann AS MARE cainníochtú ar chostais na n-acmhainní agus na n-ionchur atá ag teastáil le haghaidh na rialuithe agus na meastacháin a chur i gcrích, chomh fada agus is féidir, agus ar na tairbhí lena mbaineann maidir le líon na n-earráidí agus na neamhrialtachtaí a ndéantar iad a chosc, a bhrath agus a cheartú trí bhíthin na rialuithe sin.

Baineann na costais le costais fhoriomlána bhliantúla an Choimisiúin. Áirítear leo measúnú ag an gCoimisiún ar chórais bhainistíochta agus rialaithe sna Ballstáit (iniúchtaí *ex-post* an Choimisiúin san áireamh) mar aon le costais a bhaineann le foireann an Choimisiúin a dhéanann rialuithe le linn na gcéimeanna éagsúla dearaidh, cur chun feidhme agus faireacháin; agus seiceálacha *ex-ante* an Choimisiúin ar na dearbhuithe caiteachais tréimhsiúla (scagchuarda airgeadais). Áirítear leis sin, don tréimhse 2014-2020, seiceálacha an Choimisiúin ar an bpróiseas ainmníochta (ainmníocht náisiúnta a shampláil).

Baineann na tairbhí i bpáirt leis na ceartúcháin arna ndéanamh ag na Ballstáit ar iarratas ón gCoimisiún tar éis dó a obair iniúchóireachta a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, ní mór a thabhairt chun suntais nach cuspóir *per se* iad ceartúcháin airgeadais. Ní gá go dtiocfadh leibhéal laghdaitheach ceartúchán i gcaitheamh na mblianta go díreach ó cháilíocht nó ó chainníocht rialuithe amháin ach ó fheabhas ar bhainistiú fónta airgeadais ag na Ballstáit ar an gclár. Ina theannta sin, bíonn roinnt tairbhí nach féidir iad a chainníochtú ann mar gheall ar na rialuithe a oibrítear ar feadh na gcéimeanna rialaithe éagsúla (go háirithe nósanna imeachta idirbheartaíochta na gclár, arb é is aidhm leo a áirithiú gur rannchuidigh na cláir arna gcistiú le baint amach na gcuspóirí beartais, le bainistiú na gclár ag aonaid oibríochta na hArd-Stiúrthóireachta, agus le héifeacht dhíspreagthach na rialuithe *ex-post*). Áirithítear sna céimeanna roghnúcháin, cur chun feidhme agus faireacháin, trí chomhlíonadh na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme a áirithiú, go mbíonn na hoibríochtaí foluiteacha dleathach agus rialta.

**<u>Bainistíocht dhíreach</u>**

Bíonn breithnithe comhchosúla i gceist le bainistíocht dhíreach agus le bainistíocht chomhroinnte nuair a dhéantar measúnú ar na costais agus ar na tairbhí a bhaineann le rialuithe faoin modh bainistíochta seo.

Maidir le caiteachas bainistíochta díreach, ní féidir na tairbhí a chainníochtú den chuid is mó. Ós rud é nach bhfuil meastachán cainníochtúil ar luach na n-earráidí a seachnaíodh agus a braitheadh ar fáil, ní féidir na tairbhí gaolmhara a chainníochtú, seachas na méideanna atá aisghafa de thoradh na rialuithe arna gcur i gcrích.

**<u>Conclúid fhoriomlán</u>**

Is é aidhm na rialuithe an leibhéal earráide lena bhfuiltear ag súil a choimeád faoi bhun 2%.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Rinne AS MARE straitéis chomhpháirteach fhrithchalaoise (JAFS) a fhorbairt agus a chur chun feidhme i bpáirt le AS REGIO agus AS EMPL. Mionsaothraíodh é ar bhonn na modheolaíochta arna cur ar fáil ag OLAF agus a glacadh in 2015 don tréimhse 2015 - 2020. Déantar faireachán ar chur chun feidhme JAFS dhá uair sa bhliain agus tuairiscítear don bhainistíocht ina leith.

Cuimsíonn an JAFS an timthriall frithchalaoise iomlán: bearta coisctheacha, braite, imscrúdaithe agus ceartaitheacha. Táthar ag iarraidh go n-atreiseofar na bearta atá ann cheana agus a fheidhmítear chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, trí thacaíocht a chur ar fáil do Bhallstáit ina gcuid iarrachtaí frithchalaoise agus chun cumas na nArd-Stiúrthóireachtaí déileáil le calaois a neartú, agus chun comhar le OLAF a chur i dtreise. Níl na rialuithe lena mbaineann calaois a chosc agus a bhrath thar a bheith éagsúil ó na cinn atá beartaithe chun dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

Áirítear i dtogra an Choimisiúin maidir le rialachán na bhforálacha coiteanna don bhliain 2020, faoi mar atá sa chlárthréimhse reatha, an ceanglas ar Bhallstáit go mbeadh bearta agus nósanna imeachta éifeachtacha agus comhréireacha frithchalaoise i bhfeidhm acu, agus na rioscaí atá sainaitheanta á gcur san áireamh.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

**Bainistíocht chomhroinnte**

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir<br>3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 3 | 08 04 YY Iascach agus dobharshaothrú inbhuanaithe agus iomaíoch a chur chun cinn, forbairt chríochach chothrom agus uilechuimsitheach limistéar iascaigh a chur chun cinn agus cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh a chothú /CEMI/ | LD | NO | NO | NO | NO |

**Bainistíocht dhíreach**

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir<br>3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 3 | 08 01 YY Cúnamh teicniúil riaracháin | LN | NO | NO | NO | NO |
| 3 | 08 04 YY Iascaigh inbhuanaithe agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha na farraige a chothú | LD | NO | NO | NO | NO |
| 3 | 08 04 YY Rannchuidiú le slándáil bia san Aontas trí dhobharshaothrú agus margaí iomaíocha inbhuanaithe | LD | NO | NO | NO | NO |
| 3 | 08 04 YY An fás sa gheilleagar gorm inbhuanaithe a éascú agus pobail rathúla chósta a chothú | LD | NO | NO | NO | NO |
| 3 | 08 04 YY Rialachas idirnáisiúnta aigéin a neartú, agus farraigí sábháilte, slána, glana a ndéantar bainistiú | LD | NO | NO | NO | NO |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | inbhuanaithe orthu a áirithiú | | | | | |
| 3 | 08 04 YY Gníomhaíochtaí cumarsáide | LD | NO | NO | NO | NO |
| 3 | 08 04 YY Cúnamh teicniúil oibríochtúil | LD | NO | NO | NO | NO |

Is réamhliosta de mhíreanna buiséid é an tábla thuas agus ní dhéantar leis aon réamhbhreith ar an ainmníocht bhuiséadach nithiúil a mholfaidh an Coimisiún i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

[Ba cheart an **scarbhileog ar shonraí buiséid de chineál riaracháin** a úsáid leis an gcuid seo a líonadh isteach (an dara doiciméad san iarscríbhinn a ghabhann leis an ráiteas airgeadais seo) agus í a uaslódáil chuig DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.]

#### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | Uimhir | 3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol |
|---|---|---|

| | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (de réir na línte buiséid a liostaítear faoi 3.1)[41] | Gealltanais | (1) | 819,622 | 836,053 | 852,815 | 869,814 | 887,157 | 904,950 | 918,286 | | **6.088,700** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 2,956 | 58,546 | 87,366 | 296,509 | 472,539 | 552,388 | 960,586 | 3.657,807 | **6.088,700** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach an chláir[42] | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3) | 6,929 | 7,029 | 7,129 | 7,329 | 7,529 | 7,629 | 7,729 | | **51,300** |
| **IOMLÁN leithreasuithe d'imchlúdach an chláir** | Gealltanais | =1 +3 | 826,551 | 843,082 | 859,944 | 877,143 | 894,686 | 912,579 | 926,015 | | **6 140,000** |
| | Íocaíochtaí | =2 +3 | 9,885 | 65,575 | 94,495 | 303,838 | 480,068 | 560,017 | 968,315 | 3.657,807 | **6.140,000** |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **7** | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

41 D’fhéadfaí an chuid den chlár atá le bainistiú go díreach ag an gCoimisiún a tharmligean chuig gníomhaireacht feidhmiúcháin, faoi réir thoradh na hanailíse costais/sochair agus na gcinntí lena mbaineann atá le déanamh. Déanfar na leithreasuithe riaracháin lena mbaineann maidir le cur chun feidhme an Chláir sa Choimisiún agus sa ghníomhaireacht feidhmiúcháin a oiriúnú dá réir.

42 Cúnamh agus caiteachas teicniúil riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | 10,696 | 10,696 | 10,696 | 10,696 | 10,696 | 10,696 | 10,696 | | **74,872** |
| Caiteachas riaracháin eile | | 2,706 | 2,760 | 2,815 | 2,872 | 2,929 | 2,988 | 3,047 | | **20,118** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 13,402 | 13,456 | 13,511 | 13,568 | 13,625 | 13,684 | 13,743 | | **94,990** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTEIDEAL** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 839,953 | 856,538 | 873,455 | 890,711 | 908,311 | 926,263 | 939,758 | | **6.234,990** |
| | Íocaíochtaí | 23,287 | 79,031 | 108,006 | 317,406 | 493,693 | 573,701 | 982,058 | 3.657,807 | **6.234,990** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Blianta | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 10,696 | 10,696 | 10,696 | 10,696 | 10,696 | 10,696 | 10,696 | **74,872** |
| Caiteachas riaracháin eile | 2,706 | 2,760 | 2,815 | 2,872 | 2,929 | 2,988 | 3,047 | **20,118** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 13,402 | 13,456 | 13,511 | 13,568 | 13,625 | 13,684 | 13,743 | **94,990** |
| **lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[43] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 2,250 | 2,285 | 2,321 | 2,358 | 2,395 | 2,434 | 2,474 | **16,516** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin[44] | 4,679 | 4,744 | 4,808 | 4,971 | 5,133 | 5,195 | 5,255 | **34,784** |
| **Fo-iomlánlasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 6,929 | 7,029 | 7,129 | 7,329 | 7,529 | 7,629 | 7,729 | **51,300** |
| **IOMLÁN** | 20,331 | 20,485 | 20,640 | 20,896 | 21,154 | 21,312 | 21,472 | **146,290** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

43 Cúnamh agus caiteachas teicniúil riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

44 Airítear air sin méideanna a bhaineann le cur chun feidhme na leagáide ó CEMI 2014-2020 arna cur chun feidhme faoi láthair ag EASME.

3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 66 | 66 | 66 | 66 | 66 | 66 | 66 |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | | |
| **• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)[45]** | | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón gclúdach iomlánaíoch) | | 17 | 17 | 17 | 17 | 17 | 17 | 17 |
| XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| **XX** 01 04 **yy** [46]* | - sa cheanncheathrú | 14 | 14 | 14 | 14 | 14 | 14 | 14 |
| | - toscaireachtaí | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 |
| **XX** 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **106** | **106** | **106** | **106** | **106** | **106** | **106** |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

45 CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

46 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

*3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

## 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[47] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[…]

47 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.